# 06

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



Comhairle
Chontae na Mí

# Clár na nÁbhar

Tuarascáil Bhliantúil 2006


Leathanach 04 Réamhrá
Leathanach 05 Brollach
Leathanach 06 Daonlathas Áitiúil
Leathanach 15 Pobal, Fiontar, Áineas, Cultúr agus Oidhreacht
Leathanach 38 Seirbhísí Corparáideacha
Leathanach 54 Seirbhísí Comhshaoil
Leathanach 64 Acmhainní Daonna
Leathanach 70 Seirbhísí Tithíochta
Leathanach 73 Seirbhísí Infreastruchtúir
Leathanach 79 Teicneolaíocht na Faisnéise
Leathanach 82 Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta
Leathanach 88 Comhairlí Baile • Baile Átha Troim
Leathanach 89 • An Uaimh
Leathanach 92 • Ceanannas
Leathanach 95 Aguisín I - 2006 Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2006
Leathanach 96 Aguisín II - Miondealú na nIarratas 2006 de réir Inscine

# Réamhrá

Tuarascáil Bhliantúil 2006

I 2006 chomhaontaigh Comhairle Chontae na Mí Plean Corparáideach nua. De réir na dtreoirlínte le Pleananna Corparáideacha a ullmhú, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tá dualgas ar Chomhairle Contae na Mí plean oibriúcháin bliantúil a ullmhú do gach bliain de fhráma ama an Phlean Chorparáidigh.

Sonraíodh go mion i bPlean Oibriúcháin Chomhairle Contae na Mí 2006 na gníomhaíochtaí a bhfuil na réimsí éagsúla seirbhíse le tabhairt faoi le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a bhaint amach.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil 2006 seo bunaithe ar Phlean Oibriúcháin 2006 agus ar thuairiscí ar ghníomhaíochtaí ar leith, ina leathnaítear amach ar na gnáthdhualgais a bhfuil bainteach le riarachán na réimsí seirbhíse cuí laistigh de Chomhairle Contae na Mí.



## Ráiteas ón gCathaoirleach agus ó Bhainisteoir an Chontae

### Is cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil 2006 Chomhairle Contae na Mí a chur faoi do bhráid.

Gach bliain cuireann an chomhairle Tuarascáil Bhliantúil le chéile ina sonraítear a cuid torthaí agus an dul chun cinn atá déanta ar thionscnaimh a bhí ar siúl le linn na bliana ag an gcomhairle thar ceann mhuintir na Mí. San áireamh tá gníomhaíochtaí ar leith a dtug an chomhairle faoi agus san áireamh chomh maith tá an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorparáidigh 2004 - 2009.

Le linn 2005 lean an Chomhairle ag tabhairt faoi na dúshláin a bhfuil os comhair an Chontae, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann maidir le daonra atá ag dul i méid. Rinneamar infheistíocht de níos mó ná €183.8 milliún ar thionscnaimh Caipitil, agus cuireadh an chuid is mó díobh i gcrích le linn na bliana agus tá an chuid eile anois ag na céimeanna deiridh. Caitheadh níos mó ná €92.6 milliún ar na hoibríochtaí laethúla ag cur seirbhísí riachtanacha ar fáil dár bpobal. Rinneadh dul chun cinn freisin ar sholáthar seirbhíse agus ar chothabháil seirbhísí riachtanacha a fheabhsú. Le clár caipitil na Comhairle rinneadh an-chuid feabhsuithe ar ár n-infreastruchtúr fisiciúil agus ar ár mbonneagar sóisialta.

Lean an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae le spriocdháta ann chun glacadh leis go luath i 2007. Leis an bhformáid nua don phlean tosófar ag ullmhú lín mhóir de Phleananna Ceantair Áitiúil a chuirfidh feithicil éifeachtach ar fáil le haghaidh forbartha inbhuanaithe dár gContae agus dá gcuid bailte agus sráidbhailte. Lean an Chomhairle le tograí áirithe chomh maith ag cur an Chontae chun cinn már lárionad oibre agus fóillíochta.

Ní bheadh na mórghníomhartha atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil bainte amach gan chomh-ionchur na mBall Tofa agus an Fheidhmeannais agus tacaíocht an daonra atá ag dul i méid. Is féidir agus beifear ag tabhairt faoi na dúshláin éagsúla a thagann os comhair ár gContae le tiomantas leanúnach gach duine, agus táimid ag súil le tabhairt faoi na dúshláin sin le chéile sa bhliain atá romhainn.

**Jimmy Cudden**
Cathaoirleach

**Tom Dowling**
Bainisteoir an Chontae

# TOGHCHEANTAR

| | Dún Seachlainn | Ceanannas | |
|---|---|---|---|
| Ainm | Charles Bobbett | Eugene Cassidy | Ainm |
| Seoladh | Kilbegnet, FleenstownLane, An Barda, Co na Mí. | Possextown, An Obair | Seoladh |
| Polaitíocht | Fine Gael | Fine Gael | Polaitíocht |
| Uimhir Fóin | 01 8353154 / 087 1268135 | 046 9052116 / 086 3717686 | Uimhir Fóin |
| Ríomhphost | Cbobbett@members.meathcoco.ie | Ecassidy@members.meathcoco.ie | Ríomhphost |
| Ainm | Joseph Bonner | John V. Farrelly | Ainm |
| Seoladh | Donaghmore, Cill Dhéagláin. | Hurdlestown, Ceanannas. | Seoladh |
| Polaitíocht | Neamh-Pháirtí | Fine Gael | Polaitíocht |
| Uimhir Fóin | 0879749563 | 046 9241290 / 046 9073737 / 086 2585154 | Uimhir Fóin |
| Ríomhphost | Jbonner@members.meathcoco.ie | Remaxroyalcounty@eircom.net | Ríomhphost |
| Ainm | Nick Killian | Michael Gallagher | Ainm |
| Seoladh | Ballybin, Ráth Tó, Cill Dhéagláin | Drumconrath, An Uaimh | Seoladh |
| Polaitíocht | Fianna Fáil | Sinn Fein | Polaitíocht |
| Uimhir Fóin | 01 8256700 / 086 8109018 | 041 6854498 / 087 9478222 | Uimhir Fóin |
| Ríomhphost | Nkillian@members.meathcoco.ie | Mgallagher@members.meathcoco.ie | Ríomhphost |
| Ainm | Oliver Brooks | Michael Lynch | Ainm |
| Seoladh | Br. Kileen, Dún Seachlainn | 4 White Hall, An Seanchaisleán | Seoladh |
| Polaitíocht | Fianna Fáil | Fianna Fáil | Polaitíocht |
| Uimhir Fóin | 046 9025276 / 087 2573765 | 049 8541704 / 086 1080585 | Uimhir Fóin |
| Ríomhphost | Obrooks@members.meathcoco.ie | Mlynch@members.meathcoco.ie | Ríomhphost |
| Ainm | Brian Fitzgerald | Liz Mc Cormack | Ainm |
| Seoladh | Warrenstown, Cill Choca. | 3 Park View, Baile Átha Buí | Seoladh |
| Polaitíocht | Neamh-Pháirtí | Fianna Fáil | Polaitíocht |
| Uimhir Fóin | 01 8251847 / 087 2508247 | 046 9430135 / 087 6880710 | Uimhir Fóin |
| Ríomhphost | Briannfitzgerald@yahoo.com | Lmccormack@members.meathcoco.ie | Ríomhphost |
| Ainm | Noel Leonard | Bryan Reilly | Ainm |
| Seoladh | 4 St Patrick's Park, Dún Búinne | Rockfield Road, Ceanannas | Seoladh |
| Polaitíocht | Fianna Fáil | Fianna Fáil | Polaitíocht |
| Uimhir Fóin | 01 8251216 / 087 2345186 | 046 9240122 / 086 2599184 | Uimhir Fóin |
| Ríomhphost | Nleonard@members.meathcoco.ie | bryan@bryanreillyauctioneers.com | Ríomhphost |

# TOGHCHEANTAR

## Baile Shláine

| Ainm | Seoladh | Polaitíocht | Uimhir Fóin | Ríomhphost |
|---|---|---|---|---|
| Patrick Boshell | Br. na hInse, Baile Iúiliáin | Fianna Fáil | 041 9829264 / 041 9887438 / 087 7543537 | Pboshell@members.meathcoco.ie |
| Jimmy Cudden | 23 St Cianan's Villas, Damhliag | Neamh-Pháirtí | 041 9823353 / 086 8246484 | Jcudden@members.meathcoco.ie |
| Ann Dillon-Gallagher | Loughbracken, Drumconrath, An Uaimh | Fine Gael | 041 6854487 / 086 8800866 | adgallagher@members.meathcoco.ie |
| Dominic Hannigan | Burrows Hall, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí | Lucht Oibre | 041 9886307 / 087 641 8960 | Info@dominichannigan.com (Idirlíon: www.dominichannigan.com) |
| Tom Kelly | Uí Maine, An Inse | An Comhaontas Glas | 041 9887944 facs 041 9887955 / 086 3817700 | Tkelly@members.meathcoco.ie |

## An Uaimh

| Ainm | Seoladh | Polaitíocht | Uimhir Fóin | Ríomhphost |
|---|---|---|---|---|
| James Mangan | Ráth Faiche, Teamhair | Fianna Fáil | 041 9825429 / 0868393043 | Jmangan@members.meathcoco.ie |
| Shane Cassells | 52 Oakleigh, An Uaimh | Fianna Fáil | 01 8407107 / 086 3399198 | Scassells@members.meathcoco.ie |
| Jenny D'Arcy | Apt 1, Sr. Trimgate, An Uaimh | Fine Gael | 087 2619695 / 046 9434187 | Jdarcy@members.meathcoco.ie |
| Jim Holloway | Farganstown, An Uaimh | Fine Gael | 046 9028661 / 086 2355236 | Jholloway@members.meathcoco.ie |
| Patsy O' Neill | Wilkinstown, An Uaimh | Fine Gael | 046 9054122 | Poneill@members.meathcoco.ie |
| Joe Reilly | Faughan Hill, Bohermeen, An Uaimh | Sinn Fein | 046 9028392 / 046 9021345 / 087 2478508 | Joereilly@members.meathcoco.ie |
| Tommy Reilly | Ardsallagh, An Uaimh | Fianna Fáil | 046 9027588 / 087 278 6945 | tpreilly@eircom.net |

# TOGHCHEANTAR

## Baile Átha Troim

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Phillip Cantwell |
| **Seoladh** | Villa Maria, Manorland, Baile Átha Troim |
| **Polaitíocht** | Neamh-Pháirtí |
| **Uimhir Fóin** | 046 9431515 / 087 2880288 |
| **Ríomhphost** | Pcantwell@members.meathcoco.ie |
| **Ainm** | William Carey |
| **Seoladh** | Newcastle, An Bóthar Buí |
| **Polaitíocht** | Fine Gael |
| **Uimhir Fóin** | 046 9541064 / 085 7135073 |
| **Ríomhphost** | Wcarey@members.meathcoco.ie |
| **Ainm** | Jimmy Fegan |
| **Seoladh** | Commons, Baile Átha Troim |
| **Polaitíocht** | Fianna Fáil |
| **Uimhir Fóin** | 046 9431146 / Fax 046 9436643 |
| **Ríomhphost** | Jfegan@members.meathcoco.ie |
| **Ainm** | Peter Higgins |
| **Seoladh** | High Street, Baile Átha Troim |
| **Polaitíocht** | Fine Gael |
| **Uimhir Fóin** | 046 9431213 / 046 9431202 / 0872057176 |
| **Ríomhphost** | Phiggins@members.meathcoco.ie |
| **Ainm** | Seamus Murray |
| **Seoladh** | Cullentra, Maigh Dearmhaí |
| **Polaitíocht** | Fianna Fáil |
| **Uimhir Fóin** | 046 9555189 / 046 9555238 / 086 2443499 |
| **Ríomhphost** | Smurray@members.meathcoco.ie |

Bunaíodh Coistí um Pholasaí Straitéiseach (SPC) sna hÚdaráis Áitiúla chun díriú ar fhorbairt polasaithe i réimsí a bhaineann le seirbhísí comhairle.

Is iad seo a leanas na ceithre choiste atá ag Comhairle Chontae na Mí maidir leis seo:

## Comhshaol

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Patsy O' Neill (Chair) | Wilkinstown, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |
| Eddie Downey | Monknewtown, Baile Shláine, Co. na Mí | Réimse - Feirmeoireacht |
| Patrick O' Brien | East Commons, Station Road, Damhliag, Co. na Mí | Réimse - Pobal |
| Ms Penny Mc Gowan | Cumann Tráchtála Cheanannais, Ceanannas. | Réimse - Gnó & Tráchtáil |
| Thomas Burke | Castle House, Lagavooren, Droichead Átha | Réimse - Pobal |
| An Comhairleoir Michael Lynch | 4 Whitehall, An Seanchaisleán, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| An Comhairleoir James Mangan | Ráth Faiche, Teamhair | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |
| An Comhairleoir Ann Dillon Gallagher | Loughbracken, Drumconrath, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Shláine |
| An Comhairleoir Peter Higgins | High Street, Baile Átha Troim, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| An Comhairleoir Tom Kelly | Ui Máine, An Inse, Baile Átha Troim, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Shláine |
| An Comhairleoir Brian Collins | Br. an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí | Comhairleoir - Comhairle Baile Cheanannais |
| An Comhairleoir Joseph Bonner | Donaghmore, Cill Dhéagláin, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |

## Forbairt Infreastruchtúrtha

| | | |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Oliver Brooks (Chair) | Kileen Road, Dún Seachlainn, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |
| Seamus Mc Gee | Mc Gees Cross, Crossakiel, Ceanannas, Co. na Mí | Réimse - Feirmeoireacht |
| John Maguire | Irish Concrete Federation, 8 Newlands Park, Br. Náis, Cluain Dolcáin, B.Á.C. 22 | Réimse - Gnó & Tráchtáil |
| Miriam Mc Kenna | 30-32 Navan Enterprise Centre, An Uaimh | Réimse - Pobal |
| Eamon Gavigan | Mason Gavigan, 19 Ludlow Street, An Uaimh | Réimse - Gnó & Tráchtáil |
| An Comhairleoir Noel Leonard | 4 St Patrick's Park, Dún Búinne, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |
| An Comhairleoir Shane Cassells | 8 Moatlands Drive, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |
| An Comhairleoir Jimmy Fegan | Clonfane, Baile Átha Troim, Co. na Mí. | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| An Comhairleoir Charles Bobbett | Kilbegnet, Fleenstown Lane, An Barda, Co. Átha Cliath. | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |
| An Comhairleoir William Carey | Newcastle,An Bóthar Buí, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| An Comhairleoir Andy Brennan | 3 Parnell Park, An Uaimh | Mayor Navan Town Council |
| An Comhairleoir Michael Gallagher | Drumconrath, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Comhairle Baile Cheanannais |

## Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Dominic Hannigan (Chair)** | 68 Lagavooren Manor, Droichead Átha, Co. Lú | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Shláine |
| **Emer Dunne** | Gilltown, Beauparc, An Uaimh | Réimse - Feirmeoireacht |
| **Oliver Reilly** | Clegarrow, An Bóthar Buí, Co. na Mí. | Réimse - Ceardchumann |
| **Shaun Lynch** | Shaun Lynch Newlanes House, Damhliag, Co. na Mí | Pobal |
| **Sean Boyle** | Tara House, 38 Trimgate Street, An Uaimh | Gnó & Tráchtáil |
| **An Comhairleoir Bryan Reilly** | Rockfield Road, Ceanannas, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Cllr Tommy Reilly** | Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir John V Farrelly** | Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí. | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Jim Holloway** | Farganstown, Boyne Road, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir Brian Fitzgerald** | Warrenstown, Cill Choca, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |
| **An Comhairleoir Joe Reilly** | Faughan Hill, Bohermeen, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |

## Forbairt Shóisialta, Pobail agus Chultúrtha

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Nick Killian (Chair)** | Ballybin, Ráth Tó, Cill Dhéagláin, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |
| **Brendan Conway** | 54 Millbrook, Johnstown, An Uaimh, Co. na Mí | Réimse - Ceardchumann |
| **Maureen Kerrigan** | Bohermeen ICA, Cortown, Ceanannas, Co. na Mí | Pobal |
| **James Doorley** | D.F.I., St Annes Community Centre, Railway Street, An Uaimh, Co. na Mí | Pobal |
| **Patricia Hehir** | The Moate, Ráth Moliain, Co. na Mí. | Pobal |
| **An Comhairleoir Seamus Murray** | Cullentra, Maigh Dearmhaí, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Jenny D'Arcy** | Apt 1, 7 Trimgate Street, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir Eugene Cassidy** | Possextown, An Obair, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Trevor Golden** | Church Lane, Baile Átha Troim, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Phillip Cantwell** | "Villa Maria", Manorland, Baile Átha Troim, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Jimmy Cudden** | 23 St Cianan's Villas, Damhliag, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Shláine |
| **An Comhairleoir Liz Mc Cormack** | 3 Park View, Baile Átha Buí | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |

| Ainm an Choiste | Ainm | Páirtí |
|---|---|---|
| **Údarás Réigiúnach an Mheán Oirthir** | An Comhairleoir James Mangan | Fianna Fail |
| | An Comhairleoir Brian Fitzgerald | Neamh-Pháirtí |
| | An Comhairleoir Patsy O' Neill | Fine Gael |
| | An Comhairleoir Jim Holloway | Fine Gael |
| | An Comhairleoir Jimmy Fegan | Fianna Fáil |
| | An Comhairleoir Michael Lynch | Fianna Fáil |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fáil |
| | An Comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| **Eagraíocht RéigiúndaTurasóireachta an Mheán Oirithir** | An comhairleoir John Farrelly | Fine Gael |
| **Coiste Maoinithe Charlton** | An comhairleoir Michael Lynch, | Fianna Fáil |
| **Keavney & Walsh Solrs Ceanannas** | An comhairleoir Bryan Reilly | Fianna Fáil |
| **Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath - Comhairleach** | An comhairleoir Charles Bobbett | Fine Gael |
| | An comhairleoir Oliver Brooks | Fianna Fáil |
| **Cumann Comhairlí Contae is Cathrach** | An comhairleoir William Carey | Fine Gael |
| | An comhairleoir Jimmy Fegan | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| **Comhar-árachais Comhairlí Éireann Teo.** | An comhairleoir Shane Cassells | Fianna Fáil |
| **Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil** | An comhairleoir Jimmy Cudden | Neamh-Pháirtí |
| **An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil** | An comhairleoir Jenny D'Arcy | Fine Gael |
| | An comhairleoir James Mangan | Fianna Fail |
| | An comh. Anne Dillon-Gallagher | Fine Gael |
| | An comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Noel Leonard | Fianna Fáil |

| Ainm an Choiste | Ainm | Páirtí |
|---|---|---|
| **Bord Fiontar Contae na Mí** | An comhairleoir Patrick Boshell | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir James Mangan | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Eugene Cassidy | Fine Gael |
| | An comhairleoir Noel Leonard | Fianna Fáil |
| **Leader II na Mí** | An comhairleoir Patsy O'Neill | Fine Gael |
| | An comhairleoir Dominic Hannigan | Neamh-Pháirtí |
| **Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí** | An comhairleoir Liz Mc Cormack | Fianna Fáil |
| **Eagraíocht Réigiúnda Turasóireachta an Mheán Oirthir** | An comhairleoir John V. Farrelly | Fine Gael |
| **Navan Enterprise Centre Company Ltd.** | An comhairleoir Jim Holloway | Fine Gael |
| | An comhairleoir Shane Cassells | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fáil |
| **Coiste Comhairle Réigiúnda - Teagasc** | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| **Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe** | An comh. Anne Dillon-Gallagher | Fine Gael |
| | An comhairleoir Eugene Cassidy | Fine Gael |
| | An comhairleoir Michael Lynch | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Noel Leonard | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| **Monatóireacht Chomhshaoil Mianach Teamhrach** | An comhairleoir Jim Holloway | Fine Gael |
| | An comhairleoir Joe Reilly | Sinn Féin |
| | An comhairleoir Patsy O'Neill | Fine Gael |
| | An comhairleoir Phillip Cantwell | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir Shane Cassells | Fianna Fáil |
| | An comhairleoirTommy Reilly | Fianna Fáil |

Daonlathas Aitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2006

| Ainm an Choiste | Ainm | Páirtí |
|---|---|---|
| **Bord Turasóireachta na Mí** | An comhairleoir Jimmy Fegan | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir John V. Farrely | Fine Gael |
| **Coiste Gairmoideachais na Mí** | An comhairleoir Bryan Reilly | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Patrick Boshell | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Nick Killian | Fine Gael |
| | An comhairleoir Jenny D'Arcy | Fine Gael |
| | An comhairleoir Charles Bobbett | Fine Gael |
| | An comhairleoir Dominic Hannigan | Labour |
| | An comhairleoir Noel Leonard | Fianna Fail |
| | An comhairleoir Joe Reilly | Sinn Fein |
| | An comhairleoir W. Carey | Fine Gael |
| **Tionól Réigiúnda an Deiscirt agus an Oirthir** | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Jim Holloway | Fine Gael |
| **Coiste Prótacail** | An comhairleoir Bryan Reilly | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Brian Fitzgerald | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Patsy O' Neill | Fine Gael |
| | An comhairleoir Willie Carey | Fine Gael |
| | An comhairleoir Tom Kelly | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir James Mangan | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Jimmy Cudden | Neamh-Pháirtí |
| **An Fóram Oidhreachta** | An comhairleoir Tom Kelly | Green Party |
| **Fóram Bhaile Shláine** | An comh. Ann Dillon Gallagher | Fine Gael |

| Ainm an Choiste | Ainm | Páirtí |
|---|---|---|
| **Áisínteacht Bhainistíochta Fhuinneamh na Mí** | An comhairleoir Patsy O'Neill | Fine Gael |
| | An comhairleoir Tom Kelly | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir Michael Gallagher | Sinn Féin |
| **Leabharlann - Comhairleach** | An comhairleoir Patrick Boshell | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Michael Lynch | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Peter Higgins | Fine Gael |
| **CPG** | An comhairleoir Brian Fitzgerald | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir Oliver Brooks | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Nick Killian | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Patsy O' Neill | Fine Gael |
| | An comhairleoir Dominic Hannigan | Neamh-Pháirtí |
| **Fóram Réigiúnda Sláinte Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt** | An comh. Ann Dillon Gallagher | Fine Gael |
| | An comhairleoir Joe Reilly | Sinn Fein |
| | An comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fail |
| | An comhairleoir Eugene Cassidy | Fine Gael |
| | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fail |
| **Ceantar Comhairleach Abha** | An comhairleoir Tom Kelly | Green Party |
| | An comhairleoir Nick Killian | Fianna Fáil |
| **Neagh Bann International River Basin District Advisory** | An comhairleoir Tom Kelly | Green Party |
| | An comhairleoir Nick Killian | Fianna Fáil |
| **Shannon International River Basin District Advisory** | An comhairleoir Tom Kelly | Green Party |
| | An comhairleoir Nick Killian | Fianna Fáil |

| Ainm an Choiste | Ainm | Páirtí |
| --- | --- | --- |
| **Iniúchadh Chomhairle Contae na Mí** | An comhairleoir John Farrelly | Fine Gael |
| | An comhairleoir Tommy Reilly | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Jimmy Fegan | Fianna Fáil |
| | An comhairleoir Brian Fitzgerald | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir Jim Hollaway | Fine Gael |
| | An comhairleoir Seamus Murray | Fianna Fail |
| | An comhairleoir Joe Reilly | Sinn Fein |
| **Toscaireacht - Grúpa Forfheidhmithe** | An comhairleoir Tom Kelly | Green Party |
| **Réigiún Theorann an Oirthir** | An comhairleoir William Carey | Fine Gael |
| | An comhairleoir John Farrelly | Fine Gael |
| | An comhairleoir Brian Fitzgerald | Neamh-Pháirtí |
| | An comhairleoir Michael Gallagher | Sinn Féin |
| | An comhairleoir Noel Leonard | Fianna Fail |
| | An comhairleoir James Mangan | Fianna Fáil |

POBAL, FIONTAR, CAITHEAMH AIMSIRE,
CULTÚR & OIDHREACHT

## TÁ AN RANNÓG POBAIL, FIONTAIR, CAITHIMH AIMSIRE, CULTÚIR AGUS OIDHREACHTA FREAGRACH AS:

- Bord Forbartha Chontae na Mí
- Forbairt Phobail agus Fiontair
- Tionscnaimh 'Pride of Place'
- Áiseanna Pobail, Caithimh Aimsire, Fóillíochta agus Taitneamhachtaí/ Scéim Deontas Pobail
- Oidhreacht
- Na hEalaíona
- Seirbhís Leabharlainne
- Clár RAPID
- Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Cláir agus seirbhísí éagsúla a fhorbairt agus a chur chun cinn ina dtugtar an deis do dhaoine páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i ngníomhaíocht pobail; agus obair le chéile sa Chomhairle, le pobail agus le páirtithe leasmhara, le bheith in ann pobail shlán agus inbhuanaithe a thógáil go héifeachtach.

# BORD FORBARTHA CHONTAE NA MÍ

Sa bhliain 2006, bhuail Bord Forbartha Chontae na Mí le chéile cúig huaire, lena n-áirítear cruinniú speisialta chun athbhreithniú Phlean Forbartha an Chontae 2007-2013 a mheas. Rinne na gníomhaireachtaí seo a leanas cur i láthair:

- An Garda Síochana
- Fáilte Ireland
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhairle Contae na Mí – Forbairt Phobail & Fiontair, Forbairt Gheilleagrach, Oidhreacht, Infreastruchtúr, Pleanáil
- Fóram Oideachais & Oiliúna na Mí
- Comhpháirtíocht na Mí

Le linn 2006, d'ullmhaigh Oifig Pobail agus Fiontair Chomhairle Contae na Mí líon aighneachtaí thar ceann Bhord Forbartha Chontae na Mí, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú Phlean Forbartha Conatae Chomhairle Contae na Mí
- Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach

I mí na Nollag 2006, cheadaigh Bord Forbartha Chontae na Mí Straitéis Idirghníomhaireachta trí bliana na Mí don Lucht Siúil, mar a bhí ullmhaithe ag an Oifig Pobail & Fiontair thar ceann an Bhoird. Tugadh faoin straitéis seo ag eascairt as iarratas ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil agus ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus mar aidhm aige agus comhoibriú i measc gníomhaireachtaí stáit a fheabhsú agus seirbhísí agus tacaíochtaí á gcur ar fáil don Lucht Siúil.

### FÓRAM OIDEACHAIS & OILIÚNA NA MÍ

I ndiaidh sheoladh Iniúchadh Oideachais & Oiliúna na Mí, lean obair Fhóram Oideachais & Oiliúna na Mí, fochoiste Bhord Forbartha Chontae na Mí, i 2006 le béim ar leith ar fhorfheidhmiú an Iniúchta agus an dul chun cinn ar fhorfheidhmiú Straitéis na Mí don Ardoideachas.

Cheap Comhairle Contae na Mí Oifigeach Forbartha Oideachais don Bhreisoideachas & don Ardoideachas i mí an Mheán Fómhair 2006, agus mar phríomhaidhm aige na moltaí a bhí i Straitéis na Mí don Ardoideachas 2002 a chur chun cinn. Beidh an tOifigeach Forbartha Oideachais, bunaithe i bPobal agus Fiontar, ag obair go dlúth leis an bhFóram agus lena bhallghníomhaireachtaí le tionscnaimh oideachais agus oiliúna a chur chun cinn i gContae na Mí.

# FOBAIRT PHOBAIL

### BUNACHAR SONRAÍ NA HEARNÁLA POBAIL & DEONAÍ

Sa bhliain 2006, lean Oifig Pobail & Fiontair Chomhairle Contae na Mí agus grúpaí pobail & deonacha á spreagadh chun clárú ar a bhunachar sonraí. Tá os cionn 800 grúpa cláraithe agus déantar teagmháil leis na grúpaí seo go rialta le sonraí ar thionscadail agus ar thionscnaimh atá á reáchtáil ag Comhairle Contae na Mí, Fóram Pobail na Mí, gníomhaireachtaí eile stáit, etc. Tá grúpaí cláraithe i dteideal ainmniúchán a dhéanamh agus vótáil i dtoghchán Ionadaithe na hEarnála Pobail & Deonaí.

## OILIÚINT DO GHRÚPAÍ POBAIL

Rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna na ngrúpaí cláraithe uile. Bunaithe ar an anailís seo, cuireadh tús leis an oiliúint a aithníodh a chur ar fáil i 2006. Tá an oiliúint á cur ar fáil bunaithe ar an riachtanas atá aitheanta agus ar an am agus suíomh is oiriúnaí do na rannpháirtithe. San áireamh san oiliúint bhí cúrsa Pas Shábháilte do ghrúpaí oiriúnacha.

## FÓRAIM PHOBAIL

### FÓRAM PHOBAL CHONTAE NA MÍ & FÓRAIM PHOBAIL AN TOGHCHEANTAIR

Tá Coiste Stiúrtha comhdhéanta d'ionadaithe tofa na hEarnála Pobail & Deonaí, chomh maith le hionadaithe Fhóraim an cheantair, a eagraíonn imeachtaí do bhallghrúpaí Fhóram Pobail na Mí. Sa bhliain 2006, d'oibrigh Pobal & Fiontar go dlúth leis an gcoiste seo i dtéarmaí athbhreithniú a dhéanamh ar an oibríocht agus ar na struchtúir atá aige.

I mí Dheireadh Fómhair 2006, d'eagraigh an Coiste Stiúrtha, thar ceann Fhóram Pobail na Mí, cruinniú poiblí leis an téama "Pobail á dTógáil le Chéile". Bhí an cruinniú ar siúl i Ráth Tó agus i measc na gcainteoirí bhí Oifigeach Fholáireamh Pobail an Réigiúin.

Sa bhliain 2006, d'eagraigh Fóram Cheantar na hUaimhe imeachtaí nó bhí baint aige le himeachtaí lena n-áirítear CGB, lá ilchultúrtha, imeacht cruinnithe agus beannaithe agus oíche eolais ar an Uathachas, agus mar aidhm aige grúpa tacaíochta a bhunú. D'éirigh go maith le Fóram Dheisceart na Mí (Baile Átha Troim) freisin le líon imeachtaí eolais a bhí ar siúl in ionaid éagsúla; i measc na dtéamaí bhí iompar tuaithe, forbairt phobail, scéimeanna foláirimh oiliúna agus phobail. Rinneadh dul chun cinn chomh maith i 2006 agus Fóram Thoghcheantar Bhaile Shláine á athghníomhachtú le tacaíocht suntasach ó líon mór de ghrúpaí pobail áitiúla.

Faigheann gach fóram gníomhach deontas beag bliantúil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, a thagann trí Rannóg Pobail & Fiontair Chomhairle Contae na Mí agus nach mór dóibh Clár Oibre agus Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí a chur faoina bhráid.

## FAISNÉIS POBAIL

Déanann Rannóg Pobail agus Fiontair Chomhairle Contae na Mí tréaniarracht malartú faisnéise a éascú idir na pobail trí úsáid a bhaint as na meáin éagsúla. Tá ag éirí go maith leis na tionscnaimh a cuireadh sa tsiúl agus tá i gceist leanúint, agus más féidir, méadú a dhéanamh leis na hiarrachtaí a bhaineann leis seo. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tacaíocht do roinnt mhaith de na tionscnaimh thíosluaite, tríd an gcúnamh deontais atá ann le tacaíocht a thabhairt do na fóraim phobail agus d'fhorbairt phobail.

### 'COMMUNITY MATTERS'

Sa bhliain 2006, soláthraíodh dhá eagrán den nuachtlitir pobail, 'Community Matters', a scaipeadh chomh maith. Tugtar cuireadh do gach balleagraíocht de Bhord Forbartha an Chontae le hailt chuí a chur isteach le bheith san áireamh áit a bhfuil na hailt seo spéisiúil don phobal i gcoitinne. Scaiptear gach eagrán chuig gach teach agus gnó i gContae na Mí, le scaipeachán iomlán de 50,000. Is tionscnamh dearfach atá sa tionscnamh seo le faisnéis leathan d'earnálacha éagsúla an phobail.

### MEATH4FUNDING (MAOINIÚ DO CHONTAE NA MÍ)

Lean grúpaí pobail, gnólachtaí agus fiontair shóisialta uile na Mí ag baint tairbhe as an áis seo atá ar fáil saor in aisce. Le Meath4Funding is féidir rochtain saor in aisce a dhéanamh ar sheirbhís nuálaíoch a sholáthraíonn faisnéis ar dheontais agus ar thacaíochtaí atá ar fáil. Déantar an bunachar sonraí maoinithe cuimsitheach seo a nuashonrú go leanúnach agus tá faisnéis ar dheontais agus ar thacaíochtaí an AE, na cinn náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san áireamh anseo. Tá an tseirbhís seo ar fáil ar www.meath.ie.

## DÁMHACHTAINÍ DO DHAOINE SA PHOBAL

Sa bhliain 2006, chuir Pobal & Fiontar tús leis na Dámhachtainí do Dhaoine sa Phobal. Tá i gceist leis an scéim seo aitheantas a thabhairt agus gradam a bhronnadh ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí as an rannpháirtíocht a bhí acu ina bpobal agus tá siad á reáchtáil i gcomhar le Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí. Beidh ócáid na ndámhachtainí ar siúl go luath i 2007.

## FORBAIRT TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE POBAIL

I mí Lúnasa 2005, d'earcaigh Comhairle Contae na Mí Oifigeach Forbartha Teicneolaíochta Faisnéise Pobail nua atá freagrach as líon tionscnamh a fhorbairt lena n-áirítear Pobail Ar Líne Le Chéile (Communities Online Together – COT), rannán pobail meath.ie, Straitéis Forbartha Teicneolaíochta Faisnéise Pobail a ullmhú, an tionscnamh scoileanna ar líne, etc.

I 2006, rinneadh an dul chun cinn seo a leanas:

### POBAIL AR LÍNE LE CHÉILE

1. Athbhreithniú ar stádas na suíomhanna Gréasáin reatha.
Rinneadh athbhreithniú ar na suíomhanna Gréasáin reatha ar fad maidir lena stádas i leith:

Cáilíocht chlár an ábhair agus minicíocht na nuashonrúchán.
Brandáil oiriúnach atá ann (i.e. meirge agus scéim na ndathanna)
Láithreacht naisc chuig leagan inrochtana
Optamú inneall cuardaigh

2. Rinneadh suirbhé le haiseolas a fháil díreach ó na grúpaí, le héifeachtacht agus oiriúnacht na feidhmiúlachta atá curtha ar fáil a dhearbhú chomh maith le hinúsáideacht an chórais reatha a aithint. Baineadh úsáid as torthaí an tsuirbhé seo le huasghrádú a dhéanamh ar an gcóras.

3. Rinneadh uasghrádú ar Chóras Bainistíochta Inneachar an Ghréasáin.

- Ullmhaíodh comhéadan nua atá furasta le húsáid.
- Cuireadh isteach gnéithe nua mar a bhí molta sa suirbhé
- Rinneadh na gnéithe reatha slán trí bhearta frith-thurscair
- Dréachtaíodh ábhair thacaíochta nua lena n-áirítear lámhleabhar agus suíomh Gréasáin tacaíochta

4. Lean na seisiúin oiliúna ar aghaidh ar bhonn míosúil. Go dtí seo tá os cionn 270 grúpa pobail agus deonacha cláraithe le bheith rannpháirteach iontu agus tá os cionn 190 díobh tar éis oiliúint a fháil agus/nó tá a gcuid suíomhanna féin i bhfeidhm acu.

5. Tá forbairt le déanamh ar leagan saincheaptha de Chóras Bainistíochta Inneachair nua do scoileanna i 2006. Cuirfear é seo ar fáil do gach scoil sa Chontae i 2006, á nascadh isteach le pleananna an Rialtais le haghaidh nascachta leathanbhanda do scoileanna.

### RANNÁN POBAIL WWW.MEATH.IE

San áireamh i suíomh Gréasáin Chomhairle Contae na Mí ('www.meath.ie') tá rannán pobail ar a bhfuil faisnéis atá spéisiúil don phobal i gcoitinne lena n-áirítear tionscnaimh pobail na comhairle, tionscnaimh atá á reáchtáil ag eagraíochtaí eile, faisnéis áitiúil agus imeachtaí, ionadaíocht phobail, etc. Tá nasc láidir idir seo agus na suíomhanna atá bunaithe faoi 'Pobail Ar Líne Le Chéile (COT)' toisc go bhfuil imeachtaí agus faisnéis eile ar fáil ar an dá shuíomh.

### STRAITÉIS FORBARTHA TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE POBAIL

Ullmhaíodh Dréacht-straitéis Forbartha Teicneolaíochta Faisnéise Pobail 2005/2006.

### MOLADH THAIRSEACH CHÚRAM NA MÍ & AIGHNEACHT

Dréachtaíodh moladh d'fhorbairt suímh Ghréasáin Thairsí Chúraim agus cuireadh faoi bhráid foinsí maoinithe é. Sa mholadh moltar dearadh agus forbairt foinse singil amháin d'fhaisnéis ábhartha do dhaoine le míchumas, daoine breacaosta agus do dhaoine fásta leochaileacha d'fhonn:

- Faisnéis agus seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana do gach duine
- Faisnéis agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine ina dteach féin ag am ar bith i rith an lae nó i rith na hoíche
- Leithlisiú agus eisiamh sóisialta a laghdú
- Cabhrú le daoine cinntí eolacha a dhéanamh faoin gcúram a fhaigheann siad agus an saol a bhíonn acu.

Leis an éifeacht is mó agus agus an tairbhe is fearr a bhaint as beidh na nithe seo a leanas san áireamh le seoladh an tsuímh Ghréasáin:

1. Beidh stáisiúin oibre ríomhairí pearsanta ar fáil saor in aisce agus beifear in ann rochtain a dhéanamh orthu i príomhionaid ar fud an Chontae
2. Oiliúint in úsáid na seirbhíse

## CUIMSIÚ SÓISIALTA

### BORD FORBARTHA AN CHONTAE – AN GRÚPA UM BEARTA CUIMSITHE SHÓISIALTA (SIM)

I mí Dheireadh Fómhair 2006, eagraíodh cruinniú leis an nGrúpa SIM, atá mar fhoghrúpa de Bhord Forbartha Chontae na Mí. D'éirigh go han-mhaith leis an gcruinniú agus eagraíodh cruinniú eile i mí na Nollag 2006 leis an mballraíocht agus na téarmaí tagartha a aithint agus leis na príomhthosaíochtaí don ghrúpa i 2007 a phlé. Eagrófar lá le héascaitheoirí le tuilleadh iniúchadh a dhéanamh air seo go luath i 2007.

Thacaigh an grúpa SIM freisin le comhdháil ar Mhí-úsáid Daoine Breacaosta a bhí eagraithe ag Comhairle Contae na Mí (Pobal & Fiontar) i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; thacaigh sé leis an Straitéis Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil; d'éascaigh sé an ról a bhí ann ó Thairseach Cúraim na Mí agus chuir sé faisnéis ar fáil maidir le Clár Cuimsithe Shóisialta Forbartha Áitiúil Chomhpháirtíochtaí na Mí.

## AN ÓIGE

### COMHAIRLE NA NÓG/DÁIL NA NÓG

**Comhairle na nÓg**

Ag eascairt as moltaí a chuir Oifig Náisiúnta na Leanaí le chéile, d'imigh Bord Forbartha Chontae na Mí i gcomhairle le daoine óga sa chontae trí Chomhairle na nÓg áitiúil (13 bliana -17 mbliana d'aois) agus Comhairle na bPáistí (7 mbliana -12 bhliain d'aois). D'eagraigh an dá ghrúpa imeachtaí ar leith agus toghadh 12 ionadaí le grúpa stiúrtha a chur le chéile lena gcuid tuairimí a léiriú ag leibhéal an Chontae. Rinne Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) éascú ar an himeachtaí seo.

**Dáil na nÓg**

I mí an Mhárta 2006, roghnaíodh cúigear daoine óga ón Mí de phróiseas Chomhairle na nÓg le hionadaíocht a dhéanamh don Mhí ag Dáil na nÓg 2006 a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.

## AN MÍCHUMAS

Fuarthas maoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais i 2006 le haghaidh caiteachais Chaipitiúil agus Reatha. Fuarthas €480,000 ar an iomlán do na tionscadail seo a leanas:

### CAITEACHAS REATHA

| | |
|---|---|
| Oiliúint - Ginearálta | €37,768 |
| Leabharlanna | €11,982 |
| Tairseach Cúraim na Mí | €10,250 |
| SPC - Fochoiste rochtana | €20,000 |
| | **€80,000** |

### CAITEACHAS CAIPITIÚIL

| | |
|---|---|
| Leabharlanna | €130,000 |
| Tairseach Cúraim na Mhí | €96,000 |
| athruithe chuig Linn Snámha Cheanannais | €174,000 |
| | **€400,000** |

Chomh maith leis sin críochnaíodh Iniúchtaí Inrochtaineachta d'Fhoirgnimh Chomhairle Contae na Mí i 2006. D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a 'Plean Earnála faoin Acht um Míchumas 2005' i mí na Nollag 2006. Sa phlean seo éilítear ar na hÚdaráis Áitiúla, laistigh de shé mhí de cheadú an phlean ag an Oireachtas, iniúchadh inrochtana a dhéanamh ar na bóithre, na sráideanna, na cosáin, na trasrianta coisithe, na foirgnimh phoiblí, na páirceanna poiblí, na taitneamhachtaí agus na spásanna oscailte, na láithreacha oidhreachta, na leabharlanna poiblí agus na calafoirt atá laistigh dá rialú agus plean forfheidhmithe a chur le chéile mar thoradh air seo.

## TIONSCNAIMH EILE

### INFHEISTÍOCHT NA MÍ IN OILIÚINT AGUS I BHFOSTAÍOCHT (MITE)

Tá an Oifig Pobail agus Fiontair ionadaíoch do Chomhairle Contae na Mí agus do Bhord Forbartha Chontae na Mí ar Chomphháirtíocht Forbartha MITE. Is clár é MITE atá á mhaoiniú faoi thionscnamh EQUAL an AE a dhíríonn ar inoiriúnaitheacht, oiliúint agus fostaíocht. Tugann Comhairle Contae na Mí tacaíocht don chlár seo trí rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh ar an gCoiste Comhpháirtíochta Forbartha agus ar an gCoiste Bainistíochta.

### AN LÍONRA UM GHNÍOMHAÍOCHT PLEANÁLA STRAITÉISEACH (SPAN)

Díríonn an Tionscadal SPAN, atá á mhaoiniú faoi Chlár Interreg IIIB an AE, ar dhá phríomhthéama: Pleanáil limistéir straitéiseach agus rialachas il-leibhéil i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe. Tá Bord Forbartha Chontae na Mí agus Comhairle Contae na Mí ag glacadh páirte i gceann den dá limistéar phíolótacha in Éirinn agus is éard atá i gceist leis an rannpháirtíocht seo ná an taighde ar threochtaí socheacnamaíocha sa Chontae, atá á stiúradh ag an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA), agus feidhmiú na straitéise CDB.

I mí na Samhna 2006 ghlac Comhairle Chontae na Mí páirt sa chomhdháil idirnáisiúnta SPAN a bhí ar siúl i Maigh Nuad. Tá plé ar siúl anois go leanúnach faoin mbealach ar féidir leis an Mí tuilleadh tairbhe a bhaint as an Tionscadal SPAN.

### COMHTHÁTHÚ - MOLTAÍ FORBARTHA & POBAIL ÁITIÚLA

Ó iarratas na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, d'oibrigh Pobal & Fiontar go dlúth le LEADER agus TIDE na Mí le héascú a dhéanamh ar bhunú struchtúr nua comhaontaithe leis na cláir chuimsithe shóisialta agus forbartha tuaithe a sholáthar i gContae na Mí - Comhpháirtíocht na Mí.

# TIONSCNAIMH 'PRIDE OF PLACE'

Is comórtas é 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí go príomha le hacmhainní grúpaí pobail gníomhacha a riaradh le tabhairt faoi na héilimh atá ann maidir le timpeallacht maireachtála d'ardchaighdeán agus le comhpháirtíocht a chothú leis an údarás áitiúil. Iarrtar ar gach pobal cuid den fhreagracht a ghlacadh dá cheantar, ní mar fhoras aonraithe, ach le comhairle agus le tacaíocht Chomhairle Contae na Mí.

Is úsáid éifeachtúil agus éifeachtach d'acmhainní teoranta Chomhairle Contae na Mí í an clár 'Pride of Place'. Bíonn Saoránaigh Chontae na Mí, cosúil le daoine in áiteanna eile, ag súil le hardchaighdeán ina gcuid spásanna maireachtála. Tá an-chuid teaghlach ag bogadh ó Bhaile Átha Cliath, ina raibh ranna páirceanna móra ag coinneáil na spásanna glasa agus na háiteanna súgartha.

Níl Comhairle Contae na Mí taobh istigh dá cuid acmhainní in ann tabhairt faoi na héilimh seo gan rannpháirtíocht ghníomhach na bpobal áitiúil. Meastar, don infheistíocht do gach €1 a dhéanann Comhairle Contae na Mí san fhorbairt phobail seo, go ndéanann na grúpaí deonacha infheistiú €3 i dtéarmaí maoinithe, oibre deonaí, úsáid soláthraithe agus gnólachtaí áitiúla.

## IS IAD SEO A LEANAS NA COMÓRTAIS 'PRIDE OF PLACE':

- Comórtas Bláth Ríoga do bhailte agus do shráidbhailte - Moltóireacht i mí Iúil 2006
- Gradaim na nUiscebhealaí - Moltóireacht i mí Iúil 2006
- Tionscadail chun Láithreáin Folmha a Fheabhsú - Moltóireacht i mí Iúil 2006
- Scéim Péinte an tSráidbhaile - Moltóireacht i mí Iúil 2006
- Comórtas Siúlóidí an Fhómhair - Moltóireacht i mí an Mheán Fómhair 2006

Comórtas 'Pride of Place (POP) Chomhairle Contae na Mí do Scoileanna - Moltóireacht i mí na Bealtaine 2006.
Tugtar na critéir mholtóireachta do gach grúpa. Bíonn an deis ag gach grúpa buaileadh leis na moltóirí agus an obair a bhí ar siúl acu a mhíniú dóibh.

## OILIÚINT

Díríonn na tionscnaimh 'Pride of Place' go mór ar oiliúint agus faigheann grúpaí pobail an deis a gcuid scileanna bainistíochta tírdhreacha a athnuachan mar seo a leanas:
Feabhra/Bealtaine 2006:

- Dhá cheardlann lae do 200 dalta scoile agus do mhúinteoirí i nGarraithe Náisiúnta na Lusanna
- Seimineár do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara
- Bhain 15 ghrúpa úsáid as na seisiúin chomhairliúcháin Gairneoireachta ar an suíomh le hailtire tírdhreacha agus garraíodóir
- 2 cheardlann phoiblí ar chrainn a chur agus ar chúram do chrainn i gCoill Bhaile na Rátha.
- Ceardlann grúpa sa Cheanannas ar fhorbairtí tírdhreacha sa bhaile amach anseo
- Ceardlann i gcomhar le Plean Bhaile Shlachtmhara Oifigigh Oidhreachta Dhún Seachlainn

### SEARMANAIS BHRONNTA

Sa bhliain 2006 fógraíodh na buaiteoirí ag ócáid speisialta de cheiliúradh pobail mar seo a leanas:

- Searmanas Bronnta Ghradaim 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí do Scoileanna: 23 Meitheamh, Simonstown GFC, An Uaimh.
- Searmanas Bronnta Thionscnaimh 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí: 24 Samhain i gColáiste Warrenstown.

## MÓRGHNÍOMHARTHA SA BHLIAIN 2006

Bhuaigh Ráth Moliain Comórtas na Mí in aghaidh an Bhruscair 2006. Bhuaigh Maigh nEalta an phríomhdhuais ag Gradaim 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí 2006. Bhí Maigh nEalta, Baile Iúiliáin agus an Bóthar Buí mar ionadaithe na Mí i 'Pride of Place' Co-operation Ireland/ na nÚdarás Áitiúil 2006, agus tháinig Maigh nEalta sa dara háit ina catagóir. Bhuaigh sí bonn óir freisin i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

Bhuaigh Ionad Scothaoise Chnoc na Línsigh an chéad áit le haghaidh Soláthair Scothaoise i gcomórtas 'Pride of Place' Co-operation Ireland/ na nÚdarás Áitiúil 2006. Bhuaigh Baile Átha Buí Gradam Ardmholta agus bhuaigh Baile Átha Troim Gradam Molta chomh maith le Gradam Díchill Supervalu 2006 i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2006.

Bhí Tionscnaimh 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí ar an ngearrliosta den 43 tionscadal deiridh i Sármhaitheas na Seirbhíse Poiblí i nGradaim an Rialtais Áitiúil 2006.

## AN SCÉIM UIRBEACH LE CRAINN A CHUR

Is éard atá i gceist ná tionscadal comhpháirtíochta a chomhordú idir Comhairle Contae na Mí, Coillte, (Comhairle Crann na hÉireann), agus 12 lár bhaile slachtmhara le 20 crann leathanduilleacha a chur i 12 lár uirbeacha le deontas €178,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil.

## AN LEIBHÉAL RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL I gCONTAE NA MÍ

Ghlac 166 grúpa san iomlán páirt sna Tionscnaimh 'Pride of Place' i gcomórtais 2006. Bhí 32 bunscoil san áireamh anseo inar chruthaigh daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí cabhracha tionscadail spreagúla de ghairdíní scoile, e.g. gairdín fiáin, gairdín uirbeach agus tuaithe.

# AN SCÉIM DEONTAIS CONLÁISTÍ

Bunaíodh an Scéim Deontais Conláistí sa bhliain 2003, faoi riarachán na Rannóige Pobail, Fiontair, Áineasa, Cultúir agus Oidhreachta. Tá an scéim mar bhunús d'fheidhmiú áiseanna fóillíochta agus áineasa a sholáthar sa chontae. Tugann an scéim seo cúnamh airgid don Chomhairle agus do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí deonacha do thionscadail agus do thionscnaimh le forbairt a dhéanamh ar áiseanna spóirt, áineasa, comhshaoil, conláistí, oidhreachta agus cultúrtha. Tá an maoiniú do thionscadail agus do thionscnaimh le haghaidh grúpaí pobail faoi riarachán na fo-scéime, an Scéim Deontas Pobail. Tagann maoiniú don Scéim Deontais Conláistí gach bliain ó na fáltais deontas conláistí ar fhorbairtí nua sa chontae.

I mí Iúil 2006, chomhaontaigh an Chomhairle maoiniú €8.3m le haghaidh tionscadal agus tionscnamh Comhairle ag leibhéal an Chontae agus an Toghcheantair, agus do Thionscadail Pobail.

De bharr leithdháileadh mór de mhaoiniú de €1.4 do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí deonacha bainfidh 56 tionscadal ar fud an chontae tairbhe as áiseanna spóirt, ionaid pobail/acmhainní, tionscadail oidhreachta, feabhsúcháin conláistí agus comhshaoil. Leanfaidh an Scéim i 2007 agus sna blianta amach romhainn, leis na hiarratais le bheith curtha isteach go luath i mí Aibreáin gach bliain.

## TIONSCADAIL PHOBAIL CHOMHSHAOIL AGUS AN SCÉIM DEONTAS OIBREACHA

Bhunaigh Comhairle Contae na Mí (an Chomhairle) an scéim seo agus cuireann Coiste Teagmhála Phobal Líonta Talún Knockharley cúnamh airgid ar fáil don Chomhairle agus do chlubanna pobalbhunaithe áitiúla agus eagraíochtaí le tionscadail phobail chomhshaoil agus oibreacha sa cheantar a fhorbairt.

Tá an scéim á maoiniú trí na fáltais den tobhach ar áis Líonadh Talún Knockharley. Is éard atá sa tobhach ná deontas a éilítear faoi choinníoll 5 atá ceangailte le tagairt chead pleanála PL-17.125891 an Bhoird Phleanála agus tá tagairt déanta dó i dtéarmaí shocrú Athbhreithniú Breithiúnach na hArdchúirte atá le híoc leis an údarás pleanála chun tionscadail phobail chomhshaoil agus oibreacha a fhorbairt laistigh den cheantar áitiúil atá faoi thionchar áis an líonta talún.

Athróidh an cúnamh airgid ar an iomlán a bheidh ar fáil ó bhliain go bliain ag brath ar thonnáiste na dramhaíola a chuirfear go bliantúil in áis an líonta talún. Beidh na leithdháileacháin maoinithe, do na hiarratasóirí cáilithe, atá molta ag Coiste Teagmhála Phobal Líonta Talún Knockharley agus le bheith ceadaithe ag an gComhairle, ar a laghad ar bhonn bliantúil nó ar thréimhse eile cuí ar féidir leis an gcoiste cinneadh a dhéanamh air. Sa bhliain 2006 cuireadh deontais Chúnaimh Chaipitiúil den tsuim €240,000 ar fáil do dhá ghrúpa pobail déag.

## OIFIG NA nEALAÍON

Le hOifig na nEalaíon éascaítear tuilleadh dul chun cinn de na healaíona agus den chultúr sa Chontae. Aithnítear tábhacht an ealaíontóra, an ról lárnach atá ag an ealaíontóir agus cuimsiú sóisialta á chur chun cinn, agus an ról atá acu ag cuidiú leis na hÚdaráis Áitiúla a gcuid spriocanna a bhaint amach i réimsí na forbartha pearsanra, na forbartha pobail, na fostaíochta agus na turasóireachta.

Eagraítear sraith chothromaithe d'imeachtaí cultúrtha gach bliain de na réimsí uile sna hionaid ar fud Chontae na Mí. Sa bhliain 2006, chuir Oifig na nEalaíon deiseanna rannpháirtíochta ar fáil in imeachtaí éagsúla ar nós damhsa bálseomra, scéalaíochta, snagcheoil, saothair cheoil chlasaicigh, sorcais agus ceardlann drámaíochta, dráma puipéad, amharcealaíon agus dealbhóireachta.

Don chéad uair sa bhliain 2006, eagraíodh imeachtaí i gcomhar le hIonad Ealaíon Solstice, san Uaimh, le linn na Féile Bealtaine agus Fhéile Ealaíon na bPáistí. Forbraíodh naisc le hIonad Pobail Ráth Tó leis an seó ‘Songs from Donegal’ i mí na Nollag agus ceardlanna ealaíon d'Fhéile Ealaíon na bPáistí i mí an Mheithimh.

Cuireadh tacaíocht ar fáil d'fhéilte ar fud Chontae na Mí agus cuireadh imeachtaí ceoil chlasaicigh ar siúl san Uaimh le tacaíocht leanúnach agus díograiseach ón Rev. Clarke in Eaglais Muire.

Tá Oifig na nEalaíon i mbun cláir na dtionscadal inbhuanaithe atá ann cheana féin a leathnú amach sna príomhréimsí seo a leanas: Na hEalaíona agus an Míchumas, Na hEalaíona agus Daoine Breacaosta, An tIlchultúrthacht agus na hEalaíona, Drámaíocht/Damhsa don Ógra, na hEalaíona i gcúrsaí Oideachais agus na hEalaíona i bhForbairt Phobail.

SAN ÁIREAMH SNA SAMPLAÍ BHÍ:

- Féile Scannán Eachtrannacha i gcomhar le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí
- Bealtaine
- Féile Ealaíon na bPáistí
- Taispeántas Ilchúltúrtha na Masc
- Imeachtaí éagsúla le Bunscoileanna ar fud Chontae na Mí
- Na hEalaíona don Ógra
- Taifeadadh ceoil agus ceardlanna damhsa le hIonaid Ógtheagmhála
- Rince Céilí dancing le ranganna amharcealaíon le grúpaí gníomhaíochta lucht scoir
- Sparánacht Scoil Drámaíochta Stagewise

Forbraíodh comhpháirtíochtaí nua agus rinneadh cinn atá ann cheana féin a dhaingniú le gníomhaireachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta leis an sprioc thuasluaite a bhaint amach.

COMHPHÁIRTITHE NUA I 2006 ATÁ SAN ÁIREAMH NÁ:

- Ionad Ealaíon Solstice
- Ionad Pobail Ráth Tó
- Músaem Contae Ard Mhacha,
- An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, Roinn an Bhéaloidis
- Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh,
- Ionad Ealaíon Chúirt na Mílaoise, Port an Dúnáin, Tuaisceart Éireann
- Músaem Uladh
- Oifig Oidhreachta na Mí
- Teach Ozanan, Ionad Cúram Lae, Baile Uí Mhornáin, Co. na Mí

COMHPHÁIRTITHE A FORBRAÍODH TUILLEADH IS EA:

- Aostacht agus Deiseanna na hÉireann -
- Féile Scannán Eachtrannacha Pictiúrlann Inrochtana
- Cónaidhm Óige na Mí
- Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí
- Pictiúrlann Diamond, an Uaimh
- Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
- An Cór Aireagail Náisiúnta
- Gael Linn
- Foras na Gaeilge
- Bunscoileanna agus Meánscoileanna sa Chontae
- 25 Ionad Gníomhaíochta den Lucht Scoir sa Mhí
- Banna Airgid na hUaimhe
- Le Chéile An Seanchaisleán, Co. na Mí
- Cúig Ionad Ógtheagmhála i gCo. na Mí
- Banna Práis INF
- Tionól Cruite na Mí
- Féile Oidhreachta Cheanannais

Leanann Oifig na nEalaíon ag obair le heagraíochtaí Gaeilge agus le ceantair Ghaeltachta le cláir ealaíonta trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Tá pleananna ag na céimeanna deiridh le taispeántas Amharcealaíon trasteorann i nGaeilge a thabhairt go dtí Ráth Cairn i 2007. Tá clár le himeachtaí oideachais agus for-rochtana á bhforbairt i gcomhar leis an taispeántas seo. Rinneadh comhpháirtíochtaí le Comharchumann Ráth Cairn, Foras na Gaeilge agus le Gael Linn don ócáid tábhachtach seo.

# Sparánachtaí & Dámhachtainí 2006

## CISTE FORBARTHA D'EALAÍONTÓIRÍ GAIRMIÚLA

Níor bronnadh seo toisc nár chomhlíon iarratas ar bith critéir na n-iarratas go hiomlán

## SCÉIM DEONTAS NA BHFÉILTE

Fleadh Cheoil na Mí, An Seanchaisleán, Co. na Mí
Féile Cruite, Cultúrtha & Oidhreachta O'Carolan, An Obair, Co.na Mí

## SCÉIM DEONTAS DÉBHLIANTÚIL NA NEALAÍON

### CÉIM I

Scoil Cruiteanna na Mí
Banna Bosca Cheoil Kentstown & Seneschalstown
Oirfidigh Drámaíochta Dhamhliag
Club Rince Seit Naomh Micheál
Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Cheanannais
Féile Oidhreachta/Samhraidh Cheanannais
Grúpa Ealaíon Oidhreachta
Banna Práis INF
Foróige Ráth Tó, Club Óige

## SCÉIM UM CHEANNACHÁN UIRLISÍ CEOIL NA SCOILEANNA

Coláiste Pobail, Dún Seachlainn
Scoil Náisiúnta Chill Bhríde
Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Stigh Colláin

## GOING SOLO

Níor bronnadh seo toisc nár chomhlíon iarratas ar bith critéir na n-iarratas go hiomlán

## SCÉIM DEONTAS DÉBHLIANTÚIL NA NEALAÍON

### CÉIM II

Banna Práis Fhoraoiseoirí Náisiúnta na hÉireann
Oliver Tennyson
Comhaltas Ceoltóirí Éireann Dhún Búinne
Grúpa Scríbhneoirí na Bóinne
Comhaltas Ceoltóirí Éireann Bhaile Átha Troim
John O'Rourke
Cumann Ceoil Stigh Colláin/ Ráth Cheannaigh
Ionad Cúram Lae Loreto, An Uaimh

## GRADAM NA nEALAÍON POBAIL

Féile Darklight

## GRADAM TYRONE GUTHRIE CENTRE

Le bronnadh go luath i 2007

## GRADAM CUIMHNEACHÁIN TONY FINNEGAN

Shane Taaffe
Ciara Taaffe

## SPARÁNACHT DRÁMAÍOCHTA

Gavin Duffy & Shane O'Neill

| | |
|---|---|
| An tSuim iomlán | € 21,240 |
| Líon iomlán na Sparánachtaí/na nGradam i 2006: | 27 |

## SEIRBHÍSÍ OIDHREACHTA

Bunaíodh Fóram Oidhreachta Chonate na Mí go hoifigiúil i 2006. Grúpa comhairleach neamhreachtúil is ea an Fóram a bhunaigh an tÚdarás Áitiúil le comhairle a chur maidir le Plean Oidhreachta an Chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tagann ballraíocht den fhóram ó na hearnálacha seo a leanas: an rialtas áitiúil, forbairt áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, ionadaithe úinéara thalún, an earnáil phobail agus dheonach, grúpaí agus eagraíochtaí oidhreachta agus institiúidí oideachasúil. Ag an gcéad chruinniú i mí an Mhárta. Toghadh Séamus Mac Gabhann mar Chathaoirleach. I ndiaidh an chruinnithe sin fógraíodh próiseas an phlean oidhreachta agus iarradh aighneachtaí ó chomhlachtaí leasmhara agus daoine aonair. Bhí freagra dearfach dá bharr, le 129 aighneacht scríofa agus d'fhreastail 57 duine ar chúig chruinniú poiblí. Bunaíodh Fóram an Chontae mar thrí ghrúpa oibre: (1) Oidhreacht Thógtha, (2) Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht agus (3) Oidhreacht Chultúrtha agus Oideachas Cultúrtha. I rith na tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa, eagraíodh 13 chruinniú den ghrúpa oibre agus ag eascairt astu foilsíodh Dréachtphlean Oidhreachta Chontae na Mí 2007-2011. Sa phlean leagadh amach 75 gníomh ar féidir a bhaint amach agus atá réalaíoch le cur i bhfeidhm thar tréimhse cúig bliana. Cheadaigh Comhairle Contae na Mí an dréachtphlean go hoifigiúil ag an gcruinniú a bhí ann i mí an Mheán Fómhair agus cuireadh é faoi bhráid Bhord Forbartha Chontae na Mí, Comhairlí Baile Bhaile Átha Troim, na hUaimhe, Cheanannais agus Coiste Polasaí Straitéisigh Shóisialta, Phobail agus Chultúrtha an mhí chéanna. I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh le chéile Clár Oibre Phlean Oidhreachta na Mí 2007 agus fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Contae na Mí lena chur i bhfeidhm. I mí na Nollag, lorgaíodh tuairimí ar an nDréachtphlean a cuireadh ar taispeáint go poiblí.

- Bunaíodh an post mar Chomhairleoir ar Shéadchomharthaí Allamuigh i gContae na Mí i mí an Mheán Fómhair agus fostaíodh Rosanne Meenan dá bharr. Cuireann an scéim comhairle agus tacaíocht ar fáil d'úinéirí talún le cúram a thabhairt do shéadchomharthaí seandálaíochta faoina seilbh.
- Chuir Louise McKeever (Cúntóir Taighde) Céim I de Thionscadal Reilige an Chontae i gcrích agus cuireadh tús le Céim II (cuairt ar an láthair agus suirbhé fótagrafach dhigitigh).
- Cuireadh Pleananna Cúig Bliana de Bhailte Slachtmhara i gcrích do dhá ghrúpa pobail. Is éard a bhí i gceist anseo ná ceardlanna a éascaíodh le díriú ar an gcomhshaol tógtha agus nádúrtha, ar bhruscar, ar bhainistiú dramhaíola agus ar thírdhréachtú.
- Bhí Seimineár bliantúil na mBailte Slachtmhara ar siúl i Maigh nEalta le níos mó ná 50 duine ag freastal air. Chlúdaigh na láithreoireachtaí réimsí uile an chomórtais lena n-áirítear cur i láthair a rinne duine de na moltóirí náisiúnta.
- Sa bhliain 2006, d'fhreagair an Oifig Oidhreachta níos mó ná 600 fiosrú ón bpobal ar ghnéithe éagsúla den bhainistiú oidhreachta agus den chaomhnú.
- Tháinig Coiste Stiúrtha Scéim na Coille Seo Againne Bhaile na Rátha le chéile sé huaire le linn 2006 agus cuireadh iarratas isteach chuig an gComhairle Oidhreachta ar éirigh leis le haghaidh 'Plean Bainistíochta Éiceolaíochta do Choill Bhaile na Rátha'.
- Leathnaíodh amach an oiliúint ar thaifeadadh reilige a rinneadh a phíolótú i 2005, le haghaidh grúpaí pobail i 2006. D'oibrigh Oifigigh na Mí agus Chill Dara i gcomhpháirtíocht le Coiste Forbartha Seanscoile Baconstown ar Thionscadal Baconstown um Thaifeadadh agus cuireadh comhairle leanúnach ar fáil don ghrúpa.

- I gcomhpháirtíocht le hOifig 'Pride of Place' chuir an t Oifigeach Oidhreachta comhairle ar ghrúpaí pobail maidir le bainistíocht fálta sceach mar chuid de chomórtas Shiúlóidí an Fhómhair.

Músclaíonn an tSeirbhís Oidhreachta tuiscint ar an oidhreacht agus éascaíonn sí bailiúchán agus scaipeadh faisnéise oidhreachta

- Leathnaíodh agus nuashonraíodh an suíomh gréasáin oidhreachta le faisnéis éagsúil curtha isteach. (www.meath.ie/localauthorities/heritage)
- Cuireadh an Scéim 'Oidhreacht sna Scoileanna' 2006 chun cinn
- Cuireadh comhairle ar Ghrúpa Athchóirithe Loingseoireachta na Bóinne agus rinneadh teagmháil leis agus fuarthas maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil/Comhairle Oidhreachta don athchóiriú ar Loingseoireacht na Bóinne atá ar siúl aige céim ar chéim.
- Fuarthas maoiniú le Suirbhé Lidar (Aimsiú agus Raonáil le Solas) a dhéanamh ar an Suíomh Oidhreachta Domhanda ag Brú na Bóinne.Déanann Lidar aerbheirthe airde dhromchla na talún a thomhas agus gnéithe eile i limistéir mhóra den tírdhreach le taifeach agus cruinneas nach mbeadh ar fáil, ach amháin trí shuirbhé allamuigh nó fótagraiméadracht. Cuireann sé ar fáil, don chéad uair, samhlacha le mionsonraí atá cruinn de dhromchla talún ag taifeach méadair agus fomhéadair. Feidhmíonn Lidar trí úsáid a bhaint as léas léasair bíogach a dhéantar a scanadh ó thaobh go taobh agus an t-aerárthach ag eitilt thar an limistéar suirbhé, a thomhaiseann idir 20,000 agus 100,000 pointe in aghaidh an tsoicind le samhail chruinn agus ardtaifeach den talamh agus na gnéithe atá uirthi a thógáil.
- Eagraíodh ócáid leis an Lá Bithéagsúlachta Náisiúnta 2006 a chur chun cinn
- I mí na Bealtaine 2006, fuair an tOifigeach Oidhreachta cuireadh ón Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach léacht a thabhairt ar 'Oidhreacht chultúrtha thailte móna na hÉireann' in áiteanna éagsúla sna Stáit Aontaithe
- San áireamh sna Taispeántais Oidhreachta a bhí ar siúl i 2006 bhí taispeántas ar ár séadchomharthaí ársa dar teideal 'Stone Walls and Earthen Banks' agus ar ár bhfálta sceach den ainm 'Networks for Nature'
- Rinneadh ceiliúrthaí na Seachtaine Oidhreachta bliantúla a chomhordú a bhí ar siúl ó 26 Lúnasa go dtí 24 Meán Fómhair. Fuair na himeachtaí poiblíocht leathan agus d'eagraigh an oifig sé imeacht ar fud an Chontae.
- I mí an Mhárta mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann 2006 scaipeadh 3,000 crann ar ghrúpaí pobail i gCoill Bhaile na Rátha.
- An Tionscadal um Bithéagsúlacht na Rampar – Céim I curtha i gcrích. Is éard a bhí i gceist leis seo ná suirbhé éiceolaíochta ar an rampar ón Uaimh go dtí Droichead Stigh Colláin agus dearadh siúlóide dúlra agus pacáiste do mhúinteoirí.
- D'eagraigh an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Ealaíon Solstice an lainseáil 'Mounds of the Hostages' leis an Dochtúir Muiris O'Sullivan san Uaimh i mí Dheireadh Fómhair.
- Tá Comhairle Contae na Mí mar chomhpháirtí i dtionscadal INTERREG le Comhairle Contae Fhine Gall i gceannas air le feasacht ar ghnáthóga ar an gcósta a mhúscailt.

Glacann an tSeirbhís Oidhreachta páirt i gceapadh beartais agus i gcinnteoireacht an údaráis áitiúil

- Dréachtaíodh polasaí oidhreachta i bPlean Forbartha Chontae na Mí 2007-2013 agus tacaíodh le Pleanáil agus le Rannóga eile le linn na bliana nuair a bhí sé de dhíth.

# RAPID na hUaimhe

Thosaigh Clár RAPID na hUaimhe i mí Lúnasa 2002 agus tá sé mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta reatha 2006 – 2013. Bunaíodh an Clár RAPID le tabhairt faoin trí réimse seo a leanas:

- Infheistíocht a mhéadú sna príomh-eastáit áitiúla
- Soláthar seirbhíse a fheabhsú sna heastáit RAPID trí chomhtháthú Seirbhíse níos fearr
- Atmaisféar níos fearr a chothú sa Phobal trí phleanáil cumais agus trí chomhpháirtíocht agus rannpháirtíocht níos mó.

## INFHEISTÍOCHT

Lean an infheistíocht ag teacht isteach chuig ceantar RAPID na hUaimhe i 2006 agus cuireadh maoiniú ar fáil do thionscnaimh thábhachtacha lena n-áirítear feabhsúchán ar eastáit, feabhsuithe bóithre, agus áiseanna súgartha agus caithimh aimsire breise.

- Tá maoiniú daingnithe le ceantar ilchineálach cluichí a • fhorbairt in Eastát an Chlochair Bhuí. Costas iomlán an tionscadail is ea €125,000 agus tagann an maoiniú ó Chomhairle Contae na Mí, ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus ó RAPID. Tá páirc cláir scátála san áireamh sa cheantar.
- Tá maoiniú €65,000 daingnithe le clós súgartha pobail in Eastát Reask a fhorbairt ar iarratas ón lucht cónaithe áitiúil. Tá sé i gceist go mbeidh an obair curtha i gcrích le linn an tSamhraidh 2007.
- Beidh tionscadal um fheabhsú comhshaoil ar luach €50,000 curtha i gcrích laistigh de 2007.
- Bunaíodh an tionscadal WINNER, togra a thosaigh Coiste Gairmoideachais Chontae na Mí, do na heastáit RAPID san Uaimh, a thug isteach infheistiú de bheagnach €200,000 thar dhá bhliain. Thosaigh an Tionscadal i mí Lúnasa 2005 agus tá deiseanna oiliúna agus oideachais curtha ar fáil cheana féin do mhná a bhfuil cónaí orthu sna heastáit RAPID. Tagann an maoiniú ón Togra um Chomhionannas do Mhná (Equality for Women) atá á fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- Faoin Togra um Chomhionannas do Mhná (Equality for Women Initiative), atá thuasluaite, bronnadh €50,000 ar RAPID na hUaimhe i comhar le ceithre cheantar eile RAPID leis an gclár 'F.I.T. for Women' a bhunú san Uaimh. Críochnóidh an clár seo i 2007.

## COMHOIBRIÚ LE SEIRBHÍSÍ

Lean gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhísí áitiúla ag obair le chéile i 2005 le tacú agus seirbhísí sa bhreis a chur ar fáil do mhuintir eastáit RAPID na hUaimhe.

- Bunaíodh an 'Kids Klub' i gClochar Bhuí (Clogherboy) mar fhreagra ar na riachtanais a aithníodh in Anailís Riachtanais RAPID na hUaimhe a foilsíodh anuraidh. Tugann FSS tacaíocht don tionscadal seo agus feidhmíonn sé go dlúth i gcomhar leis an bpobal agus le soláthraithe seirbhísí áitiúla eile.
- Bhí an campa samhraidh 'Sunshine', atá ar siúl don cheathrú bliain anois, ar siúl ar feadh seachtaine i mí Iúil agus d'fhreastail sé ar 35 páiste ó na heastáit RAPID. Tá an campa á reáchtáil ag comhchoiste le hionadaithe ó RAPID, ó Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí, Springboard, ó Chlár Críochnaithe Scoileanna na hUaimhe, ó Chónaidhm Óige na Mí agus ón bpobal.
- Tá an scéim Scoir den Tobac atá dírithe ar na heastáit RAPID ar siúl arís i mbliana le tacaíocht ó FSS.

## POBAL

- Lean Clár Oiliúna an Phobail ar aghaidh le tacaíocht ó Bhuiséad Tacaíochta an Phobail. Cuireadh acmhainní leis an bpobal a fhorbairt ar fáil do bhaill an phobail.
- Féile Teaghlaigh Idirchultúrtha na Mí - bhí an ceathrú féile chultúrtha den Uaimh ar siúl i Staidiam Claremont i mí Lúnasa agus d'éirigh go hiontach leis i measc an phobail áitiúil. D'oibrigh MLSP, CIS, Cultúr agus RAPID le chéile le forfheidhmiú an tionscadail seo a bhainistiú le maoiniú de bheagnach €40,000 de Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Lean an caidreamh pobail ag forbairt le ceardlanna comhairliúcháin leanúnacha leis an bpobal le hiniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna ar nós fheabhsúchán na n-eastát, forbartha áiteanna súgartha agus saincheisteanna pobail eile atá tábhachtach.

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL NA MÍ

Cuireann Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí i bhfeidhm agus forbraítear agus cuirtear raon clár cáilíochta ar fáil le feasacht agus tairbhí gníomhaíochta fisicí agus spóirt a ardú. Is iad seo a leanas na réimsí tosaíochta a bhí aitheanta:

- DAOINE ÓGA
- MAIREACHTÁIL GHNÍOMHACH
- OILIÚINT & FORBAIRT CUMANN
- ÁISEANNA & ACMHAINNÍ
- MARGAÍOCHT A DHÉANAMH AR CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL NA MÍ

## DAOINE ÓGA

### OILIÚINT BUNTÚS

113 bunscoil - i gcoitinne
108 scoil - Buntús FAI
35 Badmantan Bunleibhéal
28 Galf Buntús
20 Soláthraí Cúraim Leanaí - Buntus Start
3 Teagascóir Buntus Start oilte

### CAMPA SAMHRAIDH

Oiliúint Leader curtha ar fáil
Bileog Faisnéise curtha ar fáil
Campa Samhraidh Sunshine

## MAIREACHTÁIL GHNÍOMHACH

### GNÍOMHAÍOCHT FHISICIÚIL OIRIÚNAITHE

16 Oilte mar Chúntóirí Snámha do Dhaoine faoi Mhíchumas
190 rannpháirtí ar champa samhraidh de Gach Cumas
29 Oifigeach Leanaí um Míchumas
€6,250 tugtha do thionscadail um Míchumas

### DAOINE SCOTHAOSTA

€1,500 faighte ó Go For Life
115 duine scothaosta a d'fhreastail ar Vintage Dance Days
Ceardlann ar Fhaisnéis maidir le Deontais

### POBAIL AG GNÍOMHÚ

Ceistiúchán scaipthe ar eastáit RAPID
€42,000 ceadaithe ó Pobal

### EILE

150 duine a ghlac páirt sa Lá Ilchultúrtha
Uasghrádú ar Bhealach Shlí na Sláinte na hUaimhe

## OILIÚINT & FORBAIRT

### OILIÚINT DO CHÓITSEÁLAITHE

96 ionadaí cumann a ghlac páirt ar chúrsaí SAQ
61 Leibhéal 1 & 2 den FAI
20 Peil Gaelach do Mhná Bunleibhéal (FUNdamentals)
12 Badmantan Bunleibhéal
88 Garchabhair Spórt
18 AED
247 Cód Eitice
43 Oifigeach Leanaí
17 Polasaí Drugaí & Alcól

### FORBAIRT DO CHÓITSEÁLAITHE

250 Léig Reatha
13 Plean Forbartha na gCumann Camógaíochta
15 tionscadal 'Mná ag Gluaiseacht' (Women in Motion)
€11,500 Dámhachtainí Sparánachta
€12,925 deontais cumann
€1,500 cumann na bliana

## ÁISEANNA

### INIÚCHADH

Iniúchtaí déanta ar 287 áis spóirt & pobail
3000 eolaire curtha ar fáil
Fochoiste bunaithe

### CISTIÚ CAIPITIL

34 ionadaí cumainn ag tráthnóna faisnéise
Iarratas deontas do chúnamh le haghaidh cumann

### BUNACHAR SONRAÍ CUMANN:

Nuashonrú agus cothabháil

## MARGAÍOCHT & CUMARSÁID

### SUÍOMH GRÉASÁIN:

Cothabháil & nuashonrú
Forbraíodh Suíomh Gréasáin nua

### FAISNÉIS

19,500 forlíonadh scaipthe
DVD curtha ar fáil agus seolta
Cora poist ráithiúla le faisnéis ar chúrsaí seolta chuig 3,000 teagmhálaí
211 cruinniú le hionadaithe cumainn, pobail & gníomhaireachta

### STRAITÉIS

Fochoiste bunaithe
Comhairleoir ceaptha
Comhairliúchán poiblí
Oiliúint an bhoird éascaithe

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

### COMHALTAÍ BOIRD

7 gcruinniú leis an mbord san iomlán
1 CGB
8 gcruinniú feidhmiúcháin

### PLEANÁIL AIRIGEADAS

€168,007 daingnithe i mBunmhaoiniú
€9,000 daingnithe i maoiniú Dúshláin
€46,148 daingnithe faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais
€6,250 faofa faoin Straitéis Náisiúnta um Míchumas
€16,000 a fuarthas ó Leader na Mí – iniúchadh ar áiseanna
€7,475 togra Mná agus Spórt
Gach Cáin agus Ioncam a chomhlíonadh

TUARASCÁLACHA

An Tuarascáil Bhliantúil curtha ar fáil
Tuarascálacha ráthúla chuig Comhairle Spóirt na hÉireann
Plean Oibre curtha i gcrích

## BAINISTÍOCHT

FOIREANN:

Oibrí FÁS CE ceaptha
Oiliúint Foirne
Measúnuithe Foirne
Oiliúint Comhordaitheora ISC

*An Maisitheoir Leabhair Korky Paul i Leabharlann Dhamhliag*



# Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí

Mar thoradh ar an tiomantas leanúnach do phlean Forbartha na Leabharlainne 2005-2009 tá tuilleadh dul chun cinn déanta sna réimsí d'uaireanta oscailte breisithe, feabhsúcháin sna brainsí, forbairt léitheoireachta, seirbhísí ilchultúrtha, staidéar áitiúil agus imeachtaí.

## BUAICPHOINTÍ A BHÍ SAN ÁIREAMH I 2006 NÁ:

- Breis uaireanta oscailte i Leabharlann Dhamhliag agus i Leabharlann Dhún Seachlainn agus le bheith oscailte Dé Sathairn don lá ar fad
- Uasghráduithe móra troscán i Leabharlanna Dhamhliag, Cheanannais agus na hOibre
- Eisítear níos mó ná 400 earra ó bhailiúchán na dteangacha iasachta
- Earraí atá dlite thar téarma go leictreonach tugtha isteach

## FORBAIRT LÉITHEOIREACHTA

• LAINSEÁLADH FÉILE LEABHAR NA BPÁISTÍ I LEABHARLANNA NA MÍ

Bhain páistí ar fud an Chontae tairbhe as an raon leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí údair a d'eagraigh Leabharlanna Chomhairle Contae na Mí i mbliana. D'eagraigh an tSeirbhís níos mó ná 60 imeacht ar fud an chontae leis an imeacht náisiúnta bliantúil seo a cheiliúradh.

Tugadh cuireadh do pháistí cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil agus bualadh le húdair a bhuaigh gradaim ar nós Alan Gibbons, Kevin Kiely, Joan O'Neill, Joe O'Brien agus Joan Lingard, údar na leabhar aitheanta 'Kevin and Sadie' ar nós ‘The Twelfth of July’ agus ‘Across the Barricades’ a bhí lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

Bhí ceardlanna léaráidí ann chomh maith le maisitheoirí leabhair aitheanta ar nós Korky Paul, maisitheoir na sraithe 'Winne the Witch' agus an maisitheoir leabhair Lucinda Jacob agus tá a cuid leabhar ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

D'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne comórtas filíochta chomh maith don ghrúpa níos sine 10-13 bliana d'aois.

## BA CHNAG É AN MISEAN LÉITHEOIREACHTA I LEABHARLANNA NA MÍ

Bhí ceiliúradh ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí toisc gur éirigh leis an dara scéim léitheoireachta do pháistí a bhí acu i rith an tsamhraidh, a bhí ar siúl ina cuid leabharlann uile ar fud an Chontae i 2006.

Bhí tuairim is 700 páiste ón gContae ar fad a ghlac páirt sa scéim, i mbliana faoin teideal 'An Misean Léitheoireachta'. Bhí na páistí a chláraigh don scéim sásta sé leabhar a léamh i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa agus fuair siad pacáiste misin saor in aisce le gráid a thabhairt dá leabhair, greamáin (seit amháin do gach leabhar a léigh siad), maighnéad cuisneora, agus teastas gnóthachtála agus an scéim críochnaithe acu.



D'eagraigh roinnt de na leabharlanna móra ar nós leabharlann na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Chill Dhéagláin, cóisirí bronnta chéime do na 'gníomhairí' uile ar éirigh leo agus a chríochnaigh an Misean thar an samhradh. Bhí níos mó ná 80 'gníomhaire' ag Leabharlann Chill Dhéagláin a d'fhreastail ar an searmanas bronnta chéime, ina bhfuair na páistí uile ar éirigh leo a dteastais ghnóthachtála.

## BUAILEANN SCOILEANNA NA hUAIMHE LEIS AN ÚDAR AR UAFÁIS DARREN SHAN AG AN IONAD EALAÍON SOLSTICE

D'eagraigh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí tionól ollmhór de dhaltaí scoile na hUaimhe le freastal ar chur i láthair a rinne Darren Shan ag an Ionad Ealaíon Solstice.

D'fhreastail níos mó ná 320 dalta as an Uaimh, ó rang a cúig, rang a sé, ón gcéad bhliain agus ón dara bliain ar an ócáid. Ba é seo ceann de na hócáidí údair ba mhó a bhí eagraithe ag an tseirbhís leabharlainne. Bhí daltaí as Scoil Iósaef Naofa, Scoil Naomh Áine, Scoil Naomh Pádraig, Scoil Naomh Oilibhéar, Scoile Naomh Stiofán agus Scoil 'Flowerfield' i láthair.

Thug Darren Shan, údar na sraithe 'Darren Shan Vampire' agus na sraithe is déanaí de 'Demonta demon', cuireadh do roinnt daltaí scoile teacht ar an stáitse agus páirt a ghlacadh sna sleachta caibidle léitheoireachta ón dá shraith agus agallamh a chur air ar an stáitse.

*Cuid de na páistí a ghlac páirt sa dúshlán léitheoireachta ag an gcóisir bronnta chéime i Leabharlann Chill Dhéagláin*

# Stáidéar Áitiúil

## CÚRSAÍ GINEALAIS I LEABHARLANN BHAILE ÁTHA TROIM AGUS I LEABHARLANN AN TSEANCHAISLEÁIN

I 2005 d'éascaigh an rannóg cúrsa ginealais deich seachtaine i Leabharlann Chill Dhéagláin agus i Leabharlann na hUaimh. Bhí an méid sin tóir orthu gur eagraigh an rannóg dhá cheann eile sa bhreis i Leabharlann sa bhreis i Leabharlann Bhaile Átha Troim agus i Leabharlann Chill Dhéagláin. D'fhoghlaim na rannpháirtithe an bealach le hacmhainní ar nós na dtuairisceán daonáirimh, thaifid an pharóiste agus luachálacha. Léiríodh na suíomhanna Gréasáin is fearr do thaighde ar theaghlaigh agus cuireadh comhairle ar an mbealach leis an luach is mó a fháil ó stórtha ar nós na Leabharlainne Náisiúnta, na gCartlann Náisiúnta agus na Rannóige Staidéar Áitiúil i Leabharlann na hUaimhe. Bronnadh teastais i mbunscileanna ginealais ar gach rannpháirtí.

*Baill an Chúrsa Ghinealais i Leabharlann Bhaile Átha Troim*



- an fhoireann ón Rannóg Staidéar Áitiúil rannpháirteach sa ghné phíolótach de Churaclam na mBunscoileanna den suíomh Gréasáin 'Ask About Ireland' (www.askaboutireland.ie.)
- Seirbhís Amharcóir Léarscáileanna Stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis tugtha isteach i ngach ionad
- Bronnadh ar na Cartlanna bailiúchán mór de chartlanna fuaime, scannáin, fótagrafacha agus páipéar a bhaineann le stair shóisialta agus ghnó Cheanannais.

# Imeachtaí Ilchultúrtha

## TAISPEÁNTAS EALAÍNE LIOTUÁNACH

I mí Eanáir bhí níos mó ná céad duine i láthair ag an lainseáil náisiúnta de Lietuva - Airija An Liotuáin - taispeántas ealaíne in Éirinn de phictiúir an ealaíontóra Liotuánaigh, Ema Rimeikaite i Leabharlann an tSeanchaisleáin. Bhí scannán gearr ar an stair is déanaí den Liotuáin a thug léargas ar an tír do thaistealaithe roimh an lainseáil. Bhí an ócáid mar chuid de chlár Leabharlanna agus Éagsúlacht Chultúrtha Chomhairle Contae na Mí. Bhí slua mór den phobal mór Liotuánach atá sa Seanchaisleán ann an oíche úd agus áilleacht a dtír ar taispeáint do gach duine le sásamh a bhaint as.

## FÉILE SCANNÁN EACHTRANNACHA DO LEABHARLANNA NA MÍ

D'eagraigh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí agus Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí an chéad fhéile scannán eachtrannacha a bhí acu i mí na Samhna 2006.This event took place as part of their multicultural library and arts events programme. Bhí an ócáid seo mar chuid dena clár imeachtaí ilchultúrtha ealaíon agus leabharlann. Bhí na scannáin a taispeánadh i bPolainnis, i bhFraincis agus i Rúisis le fotheidil i mBéarla agus dá bhrí sin bhí

iasachtaithe ón iasacht agus iasachtaithe Éireannacha in ann breathnú orthu. Taispeánadh na scannáin ar fud an chontae i Leabharlanna na hUaimhe, Chill Dhéagláin, Bhaile Átha Troim, Dhún Búinne agus an tSeanchaisleáin.

## FÉILE NA BEALTAINE

D'eagraigh an tseirbhís leabharlainne raon leathan imeachtaí éagsúla d'Fhéile na Bealtaine 2006. San fhéile seo ceiliúrtar an chruthaitheacht sa tseanaois a lainseáladh i Leabharlann Chill Dhéagláin le taispeántas de 40 pictiúr ó lucht cónaithe theaghlaigh altranais 'Kilbrew' agus Ráth Tó. D'oscail an Cathaoirleach, Brian Fitzgerald an ócáid do theaghlaigh agus do chairde lucht cónaithe na dteaghlach altranais. Imeachtaí eile a bhí san áireamh a bhí eagraithe ag an tseirbhís Leabharlainne ina cuid brainsí eile do Bhealtaine ná ceardlanna 'Colour Me Confident', seisiúin 'Silver Surfer' inar chuir baill den phobal seisiúin idirlín duine le duine in áirithe le leabharlannaí, ceardlanna le fíon a bhlaiseadh agus ócáid de sheó bóthair seandachtaí i Leabharlann Bhaile Átha Troim. Imeachtaí eile a bhí san áireamh ná léachtaí cartlannaí maidir le páipéir teaghlaigh a chaomhnú agus cúrsa ginealais 12 sheachtain i Leabharlann Bhaile Átha Troim.




*Cuid de na rannpháirtithe i Leabharlann na hUaimhe*

## AN RAIBH A FHIOS AGAT?

Bhí Leabharlann Chill Dhéagláin ar an tSraith Read Write Now ar RTÉ. Bunaíodh bailiúchán nua de Thagairtí Chúraim Leanaí i gCeanncheathrú Leabharlann an Chontae i gcomhpháirtíocht le Coiste Chúraim Leanaí Chontae na Mí.

## SEIRBHÍSÍ NUA DÓIBH SIÚD ATÁ GAFA SA TEACH

I mí Feabhra 2006 sheol Leabharlann Dhún Búinne a Seirbhís Gafa sa Teach do dhaoine nach bhfuil in ann taisteal chuig an Leabharlann. Cuireadh tús le leabhair a sheachadadh chuig daoine áitiúla a chláraigh leis an scéim go luath i mí Feabhra agus d'éirigh go hiontach leo i rith na bliana.

ONE TO ONE Leanann seisiúin oiliúna idirlín na foirne leabharlainne do bhaill an phobail ag tarraingt isteach áirithintí i Leabharlanna Chill Dhéagláin, na hUaimhe agus Bhaile Átha Troim

*Seó Bóthair Seandachtaí i Leabharlann Bhaile Átha Troim*



## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

### Meán na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine

| | |
|---|---|
| Leabharlanna Lánaimseartha | 40.30 |
| Leabharlanna Páirtaimseartha | 18.53 |

### Number of registered users as a % of the local population

13.37

### Líon na n-earraí eisithe in aghaidh gach duine den daonrasued

| | |
|---|---|
| Leabhair | 2.13 |
| Nach leabhar é | 0.23 |

### Líon na n-úsáideoirí cláraithe mar % den daonra áitiúil

13.37

### Líon na seisiún idirlín atá curtha ar fáil in aghaidh gach 1,000 den daonra

435

### % na Leabharlann a chuireann rochtain ar an idirlíon ar fáil

100%



*Thug Ambasadóir na hAstráile cuairt ar Leabharlann an tSeanchaisleáin leis an leabhar 'Kate's Journey \le Graham Wilson a sheoladh*

# Cur Chun Cinn agus Forbairt Turasóireachta

## BUAICPHOINTÍ THURASÓIREACHT NA MÍ 2006

Rinne Comhairle Contae na Mí agus Turasóireacht na Mí coimisiúnú ar straitéis turasóireachta leis an mbealach a bhféadfaí an fhorbairt, an infheistíocht isteach agus an mhargaíocht don Chontae a fhorghníomhú san earnáil turasóireachta thar cúig bliana a threorú- 'Caipiteal Oidhreachta na hÉireann- An Turasóireacht sa Mhí á Margú 2005-2010'. D'éirigh go maith le bliain a dó (2006) den straitéis don turasóireacht sa Mhí le méadú 22% i líon na gcuairteoirí a tháinig ón iasacht. D'oscail seacht óstán nua sa Mhí, agus mar thoradh air seo bhí áiseanna nua don Chontae lena n-áirítear spánna, na háiseanna fóillíochta is nua-aimseartha, agus an cumas le comhdhálacha móra a bheith ann.

## FORBAIRT AN TSUÍMH GHRÉASÁIN

Chomhoibrigh Turasóireacht na Mí le Comhairle Contae na Mí leis an suíomh Gréasáin nua www.meathtourism.ie a dhearadh. Rinne Comhairle Contae na Mí coimisiúnú ar thaighde suntasach trí sheirbhísí saineolaithe inúsáideachta a fhostú. Seoladh ríomh-irisí nua ar ríomhphost chuig bunachair shonraí móra spriocdhírithe leis an nGalf agus an Oidhreacht sa Mhí a chur chun cinn. Toisc go raibh an Corn Ryder ar siúl i 2006 sa Chontae in aice leis i gContae Chill Dara, d'fhorbair Turasóireacht na Mí suíomh Gréasáin nua www.rydercupaccommodationireland.ie le Cumainn Ghailf na Mí a chur chun cinn agus le cuairteoirí a spreagadh chun seal a chaitheamh i gContae na Mí.

## TURAIS CHLEACHTA IS EOLAIS

Eagraíodh i gcomhar le Fáilte Éireann cuairt phreasa dhá lá do 12 iriseoir ó Thuaisceart Éireann. Tharla an turas ar an 4 agus 5 Meán Fómhair le bheith ar siúl agus Rásaí na hInse ar siúl. Bhí tuilleadh turas d'iriseoirí agus do thionscnóirí turais ar siúl chomh maith ach a bhí níos lú. D'eagraigh Fáilte Éireann (Réigiún an Oirthir agus an Láir) turas mór d'iriseoirí gailf den scoth chuig an Kclub ina raibh galfchúrsaí na Mí san áireamh.

Bhí turas cleachta is eolais do sholáthraithe Thurasóireacht na Mí den teideal 'Ag cur aithne ar Oidhreacht na Mí' ar siúl i mí Dheireadh Fómhair agus d'éirigh go hiontach leis.

## FEACHTAIS UM CHUR CHUN CINN

D'fhreastail Turasóireacht na Mí ar bheagnach 20 Feachtas & Aonach um Chur Chun Cinn le linn 2006.

## MÓRFHEACHTAS DE NA MEÁIN

Cuireadh dhá mhórfheachtas de na meáin i bhfeidhm le linn 2006 le díriú ar mhargadh Thuaisceart Éireann. Sheol Turasóireacht na Mí feachtas suntasach fógraíochta i dTuaisceart Éireann 'Break for the Border.... we're closer than you think'. Thosaigh an Feachtas Sosanna Fiúntacha do Thuaisceart Éireann ag tús mhí an Mhárta agus chríochnaigh sé i lár mhí Aibreáin roimh an gCáisc. San áireamh san fheachtas bhí feachtas mór cláir fhógraí agus fógraíochta raidió thar 4 de na príomhstáisiúin raidió i dTuaisceart Éireann ag treorú na n-éisteoirí i dtreo www.meathtourism.ie nó chuig uimhir ghlao sábhála leis an mbróisiúr ar na tairiscintí speisialta a fháil.

Chuir Turasóireacht na Mí iarratas isteach chuig Ciste Margaíochta Ceantair Áitiúil Fháilte Éireann le haghaidh páirtmhaoinithe i dtreo iarrachtaí breise margaíochta i dTuaisceart Éireann. D'éirigh leis an iarratas agus mar thoradh air seo sheol Turasóireacht na Mí Feachtas nua ar Thairiscintí Speisialta i mí Dheireadh Fómhair le 165,000 bróisiúr A4 ar Thairiscintí Speisialta leis an téama Paradise Found ...Magical Short Breaks just a hop away! Rinneadh 160,000 bróisiúr a phostáil ó dhoras go doras i mBéal Feirste agus i gceantair mórthimpeall le tacú ó fheachtais bholscaireachta do chustaiméirí sna hIonaid Siopadóireachta agus in Oifig Turasóireachta Bhéal Feirste.

## TOGRA D'ÓSTÁIN NA MÍ

Leis an bhfás mór le soláthar seomraí leapa sna hóstáin le linn 2006, bhunaigh Turasóireacht na Mí Grúpa Margaíochta d'Óstáin na Mí leis an ngníomhaíocht margaíochta comharchumainn d'earnáil Óstáin na Mí a spreagadh, le tinreamh mór de Bhainisteoirí Ginearálta agus de Bhainisteoirí Díolachán agus Margaíochta ó na hóstáin nua agus na cinn atá ann cheana féin i gContae na Mí. Thug Mr. Tom Dowling, Bainisteoir an Chontae, Comhairle Contae na Mí, óráid don ghrúpa, chomh maith le Cathaoirleach Thurasóireacht na Mí, an Comhairleoir John V Farrelly.

## TOGRA GAILF

Bunaíodh Grúpa Margaíochta Ghalf na Mí agus bhí tinreamh an-mhaith ann freisin agus é comhordaithe ag Turasóireacht na Mí agus baint ag Fáilte Éireann ann chomh maith. As na cruinnithe d'eascair an togra 'Royal Fairways 4 for 3' a lainseáladh i mí Lúnasa ag an am céanna leis an gCorn Ryder le galfairí a mhealladh chuig Contae na Mí.

## FAISNÉIS AGUS DÁILEACHÁN TURASÓIREACHTA

Cuireadh an tEolaí ar Shaoire i gContae na Mí 2006 ar fáil (Meath Holiday Guide) le sonraí agus cur síos na mball ar fad agus dáileadh 30,000 díobh seo ar sheónna do thomhaltóirí, leabharlanna, agus ar phointí rochtana. Cuireadh stoic go rialta chuig níos mó ná 200 Óstán i mBaile Átha Cliath, agus chuig oifigí turasóireachta ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Dáileadh 50,000 bróisiúr breise ar ionaid oidhreachta, ghailf agus cheardaíochta agus ar bhailte na Mí le linn na bliana.

Cuireadh bróisiúr i bhFraincis ar fáil leis an Mí a chur chun cinn ag seónna éagsúla do Thomhaltóirí inar fhreastail Turasóireacht na Mí, an Salon de Tourism i mBordeaux agus sa Bhruiséil san áireamh.

## MARGAÍOCHT NA MBAILTE AGUS AN CHEANTAIR

D'eagraigh Turasóireacht na Mí agus Cumann Tráchtála Cheanannais an dara Ceardlann Chainte Turasóireachta de Thuaisceart na Mí agus tugadh cuireadh do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fháilte Éireann Thoir agus Láir le labhairt ann. Bhí tinreamh iontach ag an ócáid agus thug sé deis do na baill líonrú.

## FOBAIRT TÁIRGÍ

D'oibrigh Turasóireacht na Mí agus an tOifigeach Forbartha Geilleagraí le chéile ar líon tionscadal lena n-áirítear cruinnithe ar an láthair le hinfheisteoirí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus cruinnithe le forbróirí nua óstáin.

## COMÓRTAS GRIANGHRAFADÓIREACHTA OIDHREACHTA

D'oibrigh Turasóireacht na Mí agus Oifige na nOibreacha Poiblí le chéile ar thionscadal le haird a tharraingt go háitiúil sna scoileanna agus i measc daoine fásta ar oidhreacht fhairsing na Mí. San áireamh bhí Comórtas Ghrianghrafadóireachta Amaitéarach 'The Heritage of Meath' a mheall líon suntasach iontrálacha. Ag eascairt as soláthraíodh Féilire ar Oidhreacht na Mí 2007.

## BUS OIDHREACHTA NA MÍ

Thosaigh Turasóireacht na Mí agus Flexibus gnó nua le chéile ag iompar cuairteoirí timpeall Chontae na Mí. Thosaigh an tSeirbhís bus nua d'Oidhreacht na Mí le linn an tSamhraidh 2006 agus bhí sé mar aidhm bearna a líonadh, ina raibh cuairteoirí chuig Contae na Mí in ann cuairt a thabhairt ar ár bpríomhláithreáin in aon lá amháin le Flexibus.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Tá Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha freagrach do:

- Cumarsáid/ Foilseacháin/ Comhionannas Corparáideach
- Foirgnimh Chorparáideacha agus a bhfuil timpeall orthu
- Plean Corparáideach
- Cúram Custaiméirí
- Clár na nEiticí (Foireann & Comhaltaí)
- Sláinte & Sábháilteacht
- Deontais Ardoideachais
- Daonlathas Áitiúil
- Tacaíocht Bainistíochta Foirne
- Riarachán Cruinnithe
- Tacaíocht Comhaltaí
- Clár na dToghthóirí

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Obair laistigh de fhrámaíocht de phrionsabail dhaonlathacha, ina ndéantar éascú ar an rannpháirtíocht optamach phoiblí, agus ina gcuirtear seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil do leas ár bpobail.

# Cumarsáid / Foilseacháin / Comhionannas Corparáideach

**STRAITÉIS** Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach lenár gcustaiméirí agus lenár bpobal d'fhonn tuiscint sheirbhísí agus oibríochtaí na heagraíochta a mhéadú

## RAIDIÓ ÁITIÚIL, NA MEÁIN CHLÓITE

Sa bhliain 2006 lean Comhairle Contae na Mí ag baint úsáid as an raidió áitiúil chomh maith leis na meáin chlóite le tuiscint phoiblí ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmeanna na Comhairle a mhéadú.

Le linn na bliana rinneadh 25 Preaseisiúint, 655 gníomhaíocht meáin ghinearálta agus níos mó ná 280 fógra poiblí reachtúla agus lánroghnacha a bhainistiú trí na Seirbhísí Corparáideacha, chomh maith le foilsiú na bhfógraí reachtúla agus lánroghnacha agus na bhfógraí poiblí gach seachtain sna meáin náisiúnta agus áitiúla.

## SAORÁIL FAISNÉISE


Leanann Comhairle Contae na Mí Meath ag cinntiú go bhfuil teacht ag aon duine a bhfuil spéis cheart acu i bhfaisnéis a fháil an fhaisnéis sin a fháil trí na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003.

Na taifid atá curtha ar fáil faoi Shaoráil Faisnéise is ea na taifid sin nach bhfuil ar fáil cheana féin faoi reachtaíocht eile agus baineann sé le taifid uile na nÚdarás Áitiúil a cruthaíodh i ndiaidh 21 Deireadh Fómhair 1998.

Is iad seo a leanas staitisticí 2006 a bhaineann le hIarratais Saorála Faisnéise:

| | |
|---|---|
| Iarratais a fuarthas | 37 |
| Tugtha ar aghaidh ó 2005 | 4 |
| Iomlán | 41 |
| | |
| Líon na n-iarratais ceadaithe/páirtcheadaithe | 31 |
| Líon na n-iarratas diúltaithe | 5 |
| Iarratais a aistriodh | 0 |
| Líon aistarraingthe nó líon ar déileáladh leo taobh amuigh den tSaoráil Faisnéise | 0 |
| Cásanna fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2006 | 5 |
| | |
| Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha | 1 |
| Líon na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

**IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE**



## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

I ndiaidh iarratas a fháil ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta dearbhaíodh an Scéim (Plean Teanga) a ullmhaíodh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2006.

Tháinig an scéim i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2006 agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana. Sa scéim leagtar amach bearta atá le cur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh seirbhís ar bith nach bhfuil ar fáil ag na hÚdaráis Áitiúla trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh d'am fráma comhaontaithe.

I measc na bpríomhbheart atá san áireamh i Scéim Údaráis Áitiúla na Mí tá:

- Feabhas ar infhaighteacht na bhfoirmeacha iarratais, na mbileog faisnéise agus doiciméad eile i nGaeilge
- Méadú san fhaisnéis atá ar fáil go dátheangach ar shuíomh Gréasáin na nÚdarás Áitiúil
- Seoladh ríomhphoist ar leith le déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge
- Preaseisiúintí a dhéileálann le saincheisteanna na Gaeltachta ionas go mbeidh siad ar fáil go dátheangach
- Gealltanais tugtha maidir leis oifig i gCeanannas a fhreastalaíonn ar phobail Gaeltachta Ráth Cairn agus Bhaile Ghib i ndáil leis na seirbhísí cuntair a bheith ar fáil go dátheangach
- Cúrsaí oiliúna a bheith ar fáil don fhoireann d'fhonn a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú, agus dá bhrí sin tagann méadú sna seirbhísí atá ar fáil don phobal. Tá Plean Forbartha Teanga inmheánach á ullmhú faoi láthair.

Tá cóipeanna de Scéim Údaráis Áitiúla na Mí ar fáil ó na Seirbhísí Corparáideacha, Halla an Chontae, An Uaimh, ó gach Oifig Chathartha agus ó na Leabharlanna nó is féidir teacht ar an scéim ar www.meath.ie

# Plean Corparáideach

**Straitéis** Maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú, ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú an Phlean Chorparáidigh.

## PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CONTAE NA MÍ

Go luath i 2006 chríochnaigh an Chomhairle Contae an chéad athbhreithniú bliantúil den Phlean Corparáideach 2004-2009. Tharla an t-athbhreithniú seo i ndiaidh bailíochtú a dhéanamh ar phleananna oibríochtúla na rannóg éagsúla a rinneadh a thomhas i gcoinne an Phlean Chorparáidigh. I ndiaidh an athbhreithnithe seo tharla athbhreithniú ar thosaíochtaí agus ar ath-leithdháileadh acmhainní de réir mar a éilítear iad.

Leanfar ag déanamh athbhreithnithe ar an bPlean Corparáideach gach bliain.

# Cúram Custaiméirí

**STRAITÉIS** Cultúr d'ardchaighdeán feabhais i soláthar seirbhísí a chur chun cinn, ina bhfreastalaítear ar riachtanais agus ar ionchais ár gcustaiméirí agus ár bpobal.

Le linn 2006, lean an Chomhairle ag cur cultúir d'ardchaighdeán i soláthar seirbhísí chun cinn a fhreagraíonn do riachtanais agus ionchais ár gcustaiméirí agus ár bpobal.

Cuireadh tús ar athbhreithniú cuimsitheach dár seirbhísí custaiméirí. Dhírigh an t-athbhreithniú seo ar anailís na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go dtí an tseirbhís chúraim custaiméirí agus an dea-cleachtas is fearr. Aimsíodh agus tugadh cuairt ar shuíomhanna tagartha dea-chleachtais agus reáchtáladh seisiúin chomhairliúcháin leis na custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Mar thoradh ar an athbhreithniú tá Gníomh um Fheabhsú sa Phróiseas Gnó i leith bainistíochta athruithe inár seirbhís do chustaméirí agus i gcomhar leis an nGrúpa Ardchaighdeáin Chúraim Custaiméirí um Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre, bhí an-dul chun cinn déanta ar Nós Imeachta Foirmiúil do Chustaiméirí le Gearáin a Dhéanamh a ullmhú.

Tá i gceist nós imeachta nua le gearáin a dhéanamh agus le sásamh a fháil a sheoladh go hoifigiúil i 2007, in éineacht le haonad feabhsaithe do sheirbhísí do chustaiméirí, a fhaigheann tacaíocht ón Rannóg Seirbhísí Corparáideacha.

# Sláinte & Sábháilteacht

**STRATÉIS** A chinntiú gur tosaíocht í Sláinte agus Sábháilteacht i ngach réimse dár gcuid oibre.

## BAINISTÍOCHT SÁBHÁILTEACHTA & SLÁINTE

I rith 2006, leag an Chomhairle béim níos mó ar bhainistíocht ardchaighdeáin sábháilteachta agus sláinte, ar an tuiscint maidir le sábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn san ionad oibre agus ar iniúchadh ar fheidhmiúchán sábháilteachta agus sláinte. Rinneadh Ráiteas Sábháilteachta Corparpáideach nua a fhormheas freisin.

## OILIÚINT

Cuireadh oiliúint Sábháilteachta agus Sláinte ar fáil ar raon topaicí lena n-áirítear
Rothaí scríobacha, Sábh Slabhrach, Feasacht ar Cheimiceán agus ar Chlóirín, Dumpaire, Garchabhair, Sláinte & Sábháilteacht d'Oibrithe Foirgníochta, Sábháilteacht á Bainistiú don Fhoirgníocht, Miontochaltóir, Ráiteas RCP & Modha, Rollóir Marcaíochta, Cosán Bóithre, Pas Sábháilte agus Síniú, Soilsiú & Cosaint.

## CRUINNITHE

Lean an Coiste um Bainistiú Sábháilteachta (SMC) agus an Grúpa Monatóireachta Sábháilteachta (SMG) ag teacht le chéile le haghaidh cruinnithe go rialta le linn 2006.

## INIÚCHTAÍ INROCHTAINEACHTA

De réir aidhmeanna na Comhairle le foirgnimh sábháilte, slán agus feidhmiúla a chur ar fáil tugadh faoi Iniúchtaí i leith Míchumais inar scrúdaíodh foirgnimh agus bealaí rochtana, áiseanna agus seirbhísí, i gcoinne critéar réamhdhearbhaithe bunaithe ar phrionsabail Deartha Uilíoch agus atá curtha in iúl trí theoir dhea-chleachtais leis an mbealach a úsáideann daoine le cumais éagsúla a dhéanamh níos éasca.

## TEAGMHÁIL LEIS AN bPOBAL

Bunaíodh naisc chumarsáide níos láidre agus cuidíodh le baill den phobal maidir le ceisteanna Sláinte & Sábháilteachta.

# Deontais Ardoideachais

**STRATÉIS** Scéim Deontas Ardoideachais na Roinn Oideachais & Eolaíochta a riar.

## DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Le linn 2006, chuidigh Comhairle Contae na Mí le mic léinn faoi Scéimeanna Deontas Ardoideachais 2005/2006 agus 2006/2007.


Fuarthas 390 iarratas nua agus 434 iarratas athnuachana san iomlán do bhliain acadúil 2005/2006. Luach €3,100 ba ea an deontas iomlán agus bhí caiteachas iomlán de bhreis agus €2.3m. Tá an caiteachas seo, seachas €14,045.55, ar fáil ar ais ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Is iad seo a leanas na ranna éagsúla deontas a bronnadh:

Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
Cothabháil Pháirteach (75%) agus Táillí Iomlána
Cothabháil Pháirteach (50%) agus Táillí Iomlána
Cothabháil Pháirteach (25%) agus Táillí Iomlána
Táillí Teagaisc Pháirteach amháin

Don bhliain acadúil 2006/2007, d'íoc Comhairle Contae na Mí an deontas 'Ráta Speisialta Cothabhála' (Deontas Breise) le níos mó ná 100 mac léinn.

Is iad seo a leanas na Staitisticí ar na hiarratais a fuarthas do na trí bliana deiridh:



# Tacaíocht na mBall

**Straitéis** Le tacú le ról an Chomhairleora thofa agus é a chur chun cinn trí fhaisnéis, oiliúint agus áiseanna de réir mar a éilítear a chur ar fáil, lena ról a chomhlíonadh.

## DIALANN COMHDHÁLA & OILIÚNA

Rinne na Seirbhísí Corparáideacha bainistiú ar an Dialann Comhdhála agus na héilimh ghaolmhara uile. Rinneadh ionadaíocht don Chomhairle ag na Comhdhálacha seo a leanas le linn na bliana:

| Teideal | Dataí | Baill |
|---|---|---|
| The Local Government - Budget 2007 | 09/12/2006 - 09/12/2006 | An Comhairleoir Charles Bobbett<br>An Comhairleoir Tom Kelly |
| Agrivision 2015 - Action Plan | 30/11/2006 - 02/12/2006 | An Comhairleoir Charles Bobbett<br>An Comhairleoir Seamus Murray |
| Clare Tourism Conference | 24/11/2006 - 25/11/2006 | An Comhairleoir Patsy O'Neill<br>An Comhairleoir Michael Lynch |
| eTowns National Conference 2006 | 14/11/2006 - 15/11/2006 | An Comhairleoir Oliver Brooks |
| LAMA - Winter Seminar 2006 | 10/11/2006 - 11/11/2006 | An Comhairleoir Ann Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Charles Bobbett<br>An Comhairleoir James Holloway<br>An Comhairleoir Joe Reilly |
| Assoc of Irish Festival Events Annual Conference 2006 | 09/11/2006 - 11/11/2006 | An Comhairleoir Patsy O'Neill<br>An Comhairleoir James Mangan<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir William Carey |

| Title | Dates | Members Attended |
|---|---|---|
| Douglas Hyde Conference 2006 - Many Streams one broad river | 20/10/2006 - 22/10/2006 | An Comhairleoir James Mangan |
| Many Streams one broad river | 20/10/2006 - 22/10/2006 | An Comhairleoir James Mangan |
| Sustainable Energy - The Untapped Resource of Our Regions | 06/10/2006 - 06/10/2006 | An comhairleoir Michael Lynch |
| Getting A grip 2006 - Alcohol & Substance Misuse | 05/10/2006 - 06/10/2006 | An Comhairleoir Patsy O'Neill<br>An Comhairleoir Noel Leonard |
| All Ireland Nuclear Free Local Authorities Forum - Autumn Seminar | 30/09/2006 - 30/09/2006 | An ComhairleoirTom Kelly<br>An Comhairleoir Dominic Hannigan |
| 11th Annual Conference - Women's Health & Suicide | 29/09/2006 - 30/09/2006 | An Comhairleoir Ann Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Liz McCormack<br>An Comhairleoir James Mangan |
| Annual Conference 2006 - AMAI | 14/09/2006 - 16/09/2006 | An Comhairleoir Michael Lynch |
| Sport & Leisure Development- The Role of the Local Authority | 31/08/2006 - 01/09/2006 | An Comhairleoir Jimmy Cudden<br>An Comhairleoir Oliver Brooks<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir James Mangan<br>An Comhairleoir Liz McCormack |
| Local Government & The Arts | 24/08/2006 - 26/08/2006 | An Comhairleoir Michael; Gallagher |
| General Humbert Michael Davitt Summer School 06 | 17/08/2006 - 20/08/2006 | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| Macgill Summer School & Arts Week 2006 | 17/07/2006 - 22/07/2006 | An Comhairleoir Joseph Bonner |
| The Local Government Planning Services as an Instrument for Rural/Urban Development | 06/07/2006 - 08/07/2006 | An Comhairleoir James Holloway |
| 2nd Annual Regional Policy Forum | 23/06/2006 - 23/06/2006 | An Comhairleoir Liz McCormack |

| Title | Dates | Members Attended |
|---|---|---|
| Local Government and the Planning System North & South | 23/06/2006 - 23/06/2006 | An Comhairleoir Nick Killian |
| Exercising your Mental Health | 25/05/2006 - 26/05/2006 | An Comhairleoir Phillip Cantwell |
| The Westport Experience Annual Conference 2006 | 18/05/2006 - 19/05/2006 | An Comhairleoir Tommy Reilly<br>An Comhairleoir Michael Gallagher<br>An Comhairleoir William Carey<br>An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir Michael Lynch |
| Housing Services Local Government | 28/04/2006 - 29/04/2006 | An Comhairleoir Michael Gallagher |
| 14th Annual Kerry Environmental Conference 2006 | 26/04/2006 - 29/04/2006 | An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Tommy Reilly<br>An Comhairleoir Noel Leonard |
| Local Government - Delivering the Future Now | 20/04/2006 - 21/04/2006 | An Comhairleoir Oliver Brooks<br>An Comhairleoir James Mangan<br>An Comhairleoir Noel Leonard<br>An Comhairleoir Ann Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Jimmy Cudden<br>An Comhairleoir Nick Killian |
| Workshop - Evaluation Process - Programmes and Projects | 10/04/2006 - 10/04/2006 | An Comhairleoir Tommy Reilly |

| Title | Dates | Members Attended |
|---|---|---|
| The law of Defamation (libel & slander) as it affects an CLLRS | 08/04/2006 - 08/04/2006 | An Comhairleoir Liz McCormack |
| Death on our Roads - What Can We Do? | 22/03/2006 - 24/03/2006 | An Comhairleoir Ann Dillon-Gallagher |
| Association of County & City Councils Annual Conference 2006 | 09/03/2006 - 11/03/2006 | An Comhairleoir Noel Leonard<br>An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir William Carey<br>An ComhairleoirNick Killian |
| Cork County Council's - Annual Mayor Conference 2006 | 02/03/2006 - 02/03/2006 | An Comhairleoir James Holloway |
| 17th Colmcille Winter School 2006 | 24/02/2006 - 26/02/2006 | An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Tommy Reilly<br>An Comhairleoir James Holloway |
| Mid-West Regional Authority-12th Annual Conference - The Region & The N.D.P. 2007-2013 | 6/02/2006 - 17/02/2006 | An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Ann Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Tommy Reilly |
| The Region & The N.D.P. 2007 - 2013 | 16/02/2006 - 17/02/2006 | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| AMAI Spring Seminar | 10/02/2006 - 11/02/2006 | An Comhairleoir James Holloway |
| How To Make Tourism Work For You | 03/02/2006 - 04/02/2006 | An Comhairleoir William Carey |

## UIRÍOLLA POIBLÍ

Le linn 2006, rinne na Seirbhísí Corparáideacha bainistiú ar 426 uiríoll poiblí ó Chomhaltaí an Oireachtais agus 59 ó Chomhaltaí na Comhairle. Déantar an tseirbhís seo a bhainistiú trínár gcóras bainistíochta doiciméad (Idocs) agus tá sé ar fáil go díreach do na hionadaithe tofa tríd an gcóras Riaracháin Chruinnithe / Thairseach na gComhaltaí.

## BAINISTIÚ ÓCÁIDÍ CORPARÁIDEACHA

Ba chúis áthais í do na Seirbhísí Corparáideacha Ócáidí Corparáideacha agus Fáiltithe Cathartha éagsúla a bhainistiú i 2006 ag eascairt as rún foirmiúil na gComhaltaí tofa.

I ndiaidh rún a bhí ann níos luaithe de na comhaltaí bronnadh Saoirse Oinigh Chontae na Mí ar Sheán Boylan (Iarbhainisteoir Fhoireann Peile Shinsir na Mí) i leith agus mar mheas ar an méid a d'éirigh leis a bhaint amach ar an bpáirc agus ón bpáirc le 23 bliana anuas. Bhí an searmanas de thrí shraith ar siúl Dé Domhnaigh 23 Aibreán 2006 ag tosú le síniú oifigiúil an tabhaill i Halla an Chontae, agus ina dhiaidh sin bhí cóisir sráide amuigh san aer i nDún Búinne, áit ar rugadh Seán, agus chríochnaigh sé le fáiltiú foirmiúil i gCaisleán Dhún Búinne ina raibh níos mó ná 400 aoi i láthair.

*Is é Seán Boylan an chéad duine a fhaigheann Saoirse Oinigh Chontae na Mí.*



*Bhí Sr. Beata Gerrity ó Nua-Eabharc le gaolta agus cairde éagsúla i gContae na Mí, mar aoi onóra ag fáiltiú cathartha i Seomra na Comhairle leis an sárobair a rinne sí le Cumann na Mí i Nua-Eabharc thar na blianta a chomóradh.*



# Clár na dToghthóirí

**Stratéis** Faisnéis a fháil agus an rialú caighdeáin, foilseachán agus dáileacháin Chlár na dToghthóirí a bhainistiú, de réir forálacha n Achta Thoghcháin.

## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ


Foilsíodh Clár na dToghthóirí i mí Feabhra 2006 agus léiríodh an daonra cláraithe le vótáil mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Dála | 122,962 |
| Toghthóirí Uachtaránachta | 121,478 |
| Toghthóirí Eorpacha | 124,278 |
| Toghthóirí Rialtais Áitiúil | 125,640 |
| Vótálaithe Poist | 366 |

Le linn 2006, bhí baint ag oifigigh ó Chomhairle Chontae na Mí le gníomh náisiúnta um Fheabhsú sa Phróiseas Gnó ar Chlár na dToghthóirí. Bhí an-chuid rannpháirtíocht i gceist leis an tionscadal ina raibh baint ag Foireann Thoghchóras agus Chórais Faisnéise an Údaráis Áitiúil, Bailitheoirí Ioncaim, agus Bord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil leis. D'oibrigh an grúpa freisin ar phacáiste beart chun díriú ar chúnamh a thabhairt d'údaráis chlárúcháin le feabhsúcháin shuntasacha a dhaingniú i mbeachtas agus cuimsitheacht Thabhall 2007/2008, a bhí fógartha agus curtha i bhfeidhm le linn na bliana.

Don chéad uair, d'oscail an Chomhairle na hoifigí ceantair ar fad ar Shatharn le héascú a dhéanamh ar an gclárúchán.

Sa chairt thíos tá miondealú ar Thoghthóirí an Rialtais Áitiúil de réir an toghcheantair:



# Plean Corparáideach
# - Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn 2006

## TITHÍOCHT

I 2006 bhí thóg Comhairle Contae na Mí níos mó tithe ná riamh le 243 teach sóisialta tógtha nó beagnach tógtha ag deireadh na bliana. Tá an figiúr seo i gcomhréir an Phlean Ghnímh Thithíochta ilbhliantúil 2004 -2008 atá ag iarraidh oibríocht na feidhme tithíochta casta a chomhordú agus a struchtúrú.

Tugadh faoi athbhreithniú an Phlean Ghnímh seo le linn 2006 agus cé go bhfuil na spriocanna ar thithíocht shóisialta, deontais do dhaoine faoi mhíchumas, deontais um deisiúcháin riachtanacha, á mbaint amach tá réimsí eile ar nós na dTograí Tithíochta Deonacha agus tógáil na n-aonad faoi Chuid V taobh thiar ó thaobh sprice de.

I 2006 rinneadh dul chun cinn suntasach agus pleanáil ar siúl le haghaidh Scéimeanna d'athchóirithe móra d'eastár 'Townparks' san Uaimh agus 'Headfort Grove' i gCeanannas. Críochnaíodh an chuid is mó den athfhorbairt mhór de Láithreán Stad Pháirc Naomh Pádraig san Uaimh freisin le linn 2006 agus i ndiaidh tréimhsí fada comhairliúcháin le lucht cónaithe an láithreáin. Cuireadh tús freisin leis an bpleanáil le láithreán stad Bhaile Átha Troim a uasghrádú i 2006 agus bhí spriocanna eile i gclár an Lucht Siúil 2005 -2008 á mbaint amach de réir an athbhreithnithe thuasluaite a bhí ar siúl.

Rinneadh dul chun cinn mór leis an stoc Tithíochta a uasghrádú agus mar aidhm aige an stoc tithíochta ar cíos atá níos sine a uasghrádú chuig caighdeán na rialachán nua-aimseartha. Caitheadh níos mó ná €1 mhilliún i 2006 faoi chlár an Téimh Lárnaigh, clár athsholáthar fuinneog agus doirse agus faoi na cláir chothabhála coirí agus mar thoradh orthu seo in éineacht leis na leithdháiltí faoi scéim na nDeontas do Dhaoine faoi Mhíchumas agus na scéimeanna Deontas Deisiúchán Riachtanacha chomh maith leis an ngnáthchothabháil a rinneadh ag leibhéal an limistéir rinneadh líon mór feabhsúchán ar chaighdeán an stoic thithíochta. Tharla i bhfad níos mó gníomhaíochta faoi scéim na nOibreacha um Fhadú, an scéim in Lieu um Oibreacha Feabhsúchán agus an scéim um Fholúis le linn 2006. Tugadh faoi thograí éagsúla le linn 2006 leis an mbainistíocht eastát a fheabhsú sa Chontae lena n-áirítear ceapachán Oifigigh Imscrúduithe Tithíochta agus Oifigigh Forbartha Pobail. Foilsíodh lámhleabhar nua do Thionóntaí freisin i 2006 agus scaipeadh ar na tionóntaí uile le cóiríocht ar cíos acu.

Bhí méadú mór ar an líon atá ar liosta feithimh thithíochta na Comhairle i 2006 le níos mó ná 2,200 iarratasóirí ag feitheamh ar chóiríocht i gcomparáid le líon de dhíreach níos mó ná 700 nuair a rinneadh an measúnú deiridh ar na riachtanais Tithíochta i mí Aibreáin 2005. Tháinig an fhadhb chun cinn i 2006 maidir le heaspa cúlsholáthar talún a bheith ar fáil le freastal ar na riachtanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha le Tithíocht Sóisialta a sholáthar le heaspaí móra aitheanta sna cheantair le daonra mór ar nós na hUaimhe, Chill Dhéagláin, Bhaile Átha Troim agus Dhún Búinne.

Lean an líon ar an liosta feithimh do Thithíocht Inacmhainne ag fás le linn 2006 a léríonn an deacracht mhór atá ann i gcónaí do dhaoine óga le tithíocht a dhaingniú sa Chontae. Rinneadh 14 shuíomh príobháideach a leithdháileadh le linn 2006.

Cuireadh tús i 2006 leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos inar aistríodh an fhreagracht do dhaoine a fhaigheann fordheontas cíosa ó na hOifigigh Leasa Pobail agus mar thoradh air d'aistrigh 15 duine go dtí Comhairle Contae na Mí.

## NA BÓITHRE/INFREASTRUCHTÚR

I mí na Bealtaine 2006 osclaíodh 17km ina iomlán de dhébhealach roimh am agus laistigh den bhuiséad a théann ón M50 go dtí Tuaisceart Chill Dhéagláin agus taobh istigh den bhuiséad. Ag eascairt as cinneadh deimhneach ó na cúirteanna rinneadh na tochailtí seandálaíochta a bhrostú ar bhealach an M3 mholta, rinneadh dul chun cinn ar thalamh a fháil de réir an phlean leis an gconradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí a shíniú (Feabhra 2007). Le linn 2006 bronnadh conarthaí níos mó ná €30m le haghaidh móroibreacha athailínithe ar thrí Bhóthar Régiúnacha agus straitéiseacha (R150, R158, R161). Rinne Comhairle Contae na Mí infheistiú ar €5.4m san iomlán ar a cuid acmhainní féin sa líonra de bhóithre nach bóithre náisiúnta iad i 2006.

Cuireadh an chuid is mó d'Ionad mór Cóireála Fuíolluisce do Dhún Seachlainn agus do na ceantair mórthimpeall i 2006. Cuireadh dearadh le mionsonraí i gcrích do Chéim 1 leis na hoibreacha séarachais a uasghrádú i gCill Dhéagláin i Ráth Tó agus rinne an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é fhaomhadh go déanach i 2006. Chomh maith leis sin rinneadh dul chun cinn suntasach leis an scéim um sholáthar Uisce don Uaimh agus do Lár na Mí a dhearadh i mbliana.

Ullmhaíodh agus cuireadh le chéile straitéis le seirbhísí uisce a sholáthar in Oirthear na Mí agus i dtimpeallachtaí Dhroichead Átha tríd SPC an Infreastruchtúir. Cuireadh tús leis an gcéad chéim le seirbhísí Leathanbhanda a chur ar fáil sa Mhí i mí na Bealtaine, ar dtús chuig na cúig bhaile, An Uaimh, Baile Átha Troim, Dún Seachlainn, Ceanannas agus Dún Búinne/Cluain Aodha.

## PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

Leanadh i 2006 le Plean Forbartha an Chontae a ullmhú agus a chur chun cinn i rith 2006. Bhí comhaontú ar an dréachtphlean i measc na mBall agus cuireadh ar taispeáint phoiblí é i lár na bliana. Cuireadh tuarascáil an Bhainisteora ar an 543 aighneacht maidir leis an dréacht faoi bhráid na mball i mí na Nollag. Ag deireadh 2006 bhí na baill ag déanamh breithnithe ar thuarascáil an Bhainisteora agus tá 103 leasú molta curtha isteach ar an Dréachtphlean. Tá i gceist go nglacfaí leis an bPlean faoi 5 Márta 2007, atá mar spriocdháta.

Rinne an Chomhairle 2,800 iarratas pleanála a phróiseáil le linn na bliana. Ba léir cé nár mhéadaigh líon na n-iarratas pleanála le haghaidh forbairtí tráchtála agus tionsclaíocha le linn na bliana bhí méadú suntasach i líon na bhforbairtí seo a rabhthas cur iarratas isteach orthu. Tá sé seo le feiceáil san obair a rinne an Chomhairle le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn sa Chontae le linn na bliana.

Lean Comhairle Contae na Mí le líne iarnróid Bhaile Átha Cliath / na hUaimhe a chur chun cinn agus le tacú leis. Tá Céim 1 den scéim (Cluain Saileach – Pace) ag céim an deartha. Tá an Chomhairle sásta comhmhaoiniú (le hIarnród Éireann) a dhéanamh ar staidéar scóip i leith Chéim 2 den tionscadal, Pace go dtí an Uaimh. Ceapadh na Comhairleoirí Roughan O'Donovan - Faber Maunsell Alliance le tabhairt faoin staidéar a ghlacfaidh 6 mhí le cur i gcrích. Tá foireann shinsearach ceaptha ag an gComhairle ar an gCoiste Stiúrtha a bunaíodh le maoirsiú a dhéanamh ar an tionscadal.

Tá tús curtha leis an obair leis an tSeirbhís Pleanála a atheagrú agus a athstruchtúrú. Le measúnú ar an tseirbhís atá ann cheana féin ardaíodh saincheisteanna ar gá tabhairt fúthu leis an tseirbhís a fheabhsú le haghaidh iarratasóirí, gníomhairí, Comhairleoirí, an pobal i gcoitinne agus na foirne. Tá sé beartaithe seirbhís pleanála lárnaithe a athlainseáil i lár 2007.

## FORBAIRT GHEILLEAGRACH

D'éirigh go hiontach leis an bhforbairt gheilleagrach i 2006 agus bhí Comhairle Contae na Mí mar phríomhghníomhairí leis na gealltanais de bheagnach 1,000 post ar ardchaighdeán a fháil don Chontae. eg. Quinn Direct, PFPC, etc. Chomh maith leis sin bhí Taispeántas Infheistíochta ar siúl i mBaile Átha Cliath agus d'éirigh go hiontach leis, agus mar thoradh air bhí roinnt mhaith poiblíochta, tuairimí dearfacha maidir leis an gcontae agus líon suntasach iarratas pleanála do shuíomhanna le haghaidh forbartha tráchtála/tionscail. D'éirigh go hiontach le togra na Comhairle 'Work in Meath' le níos mó ná 3000 duine a chláraigh ar an suíomh gréasáin atá réidh le dul ag obair sa Mhí, fiú ar thuarastal níos lú..

Baineadh amach na spriocanna i Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae na Mí le líon mór tograí agus forbairtí nua le linn na bliana e.g. bróisiúir turasóireachta, oifig nua turasóireachta san Uaimh, beagnach 1000 seomra leapa óstán nua etc.

Tabhair faoi deara chomh maith go raibh Comhairle Contae na Mí taobh thiar d'fhorbairt agus comhlánú an Ionaid Fiontar nua i gCeanannas ar chostas €3.5m

## COMHSHAOL

Glacadh le Plean um Bainistiú Dramhaíola a athsholáthar ar 16 Bealtaine 2006 don tréimhse ó 2005 go 2010 a thógfaidh ar straitéis an chéad phlean le bogadh go suntasach ó líonadh talún agus a dhéanfaidh iarracht cur chuige réigiúnach ar bhainistíocht dramhaíola atá inbhuanaithe agus atá bunaithe ar pholasaí agus reachtaíocht an AE a chur i bhfeidhm. Cuireadh Láthair Conláiste Cathartha sa bhreis ar fáil i gCeanannas, agus dá bhrí sin tá trí láthair sa chontae anois agus ba chóir go méadódh an méid athchúrsála sa chontae, agus laghdóidh an gá le haghaidh líonta talún dá bharr. Leis an soláthar seo rinneadh soláthar do 10 nIonad Beir Chuige breise, agus méadaíodh méid na dramhaíola a ndéantar athchúrsáil air. De réir polasaí an AE maidir leis an 3ú bosca bruscair, i.e. Dramhaíl tí ar féidir múirín a dhéanamh aisti, a sholáthar, bhí plé ag an gComhairle leis na Príomhchonraitheoirí Diúscartha Dramhaíola atá ag feidhmiú sa réigiún maidir le tús a chur leis an 3ú bosca bruscair a chur ar fáil faoi mhí Eanáir 2008 .

Cuireadh Plean um Bainistiú Bruscair a athsholáthar i bhfeidhm i mí na Nollag 2006, agus rinne ár bhfoireann de Mhaoir Bhruscair iniúchadh ar an 1725 tuairisc uile maidir le bruscar.

## AN RANNÓG POBAIL, FIONTAIR, CAITHIMH AIMSIRE, CHULTÚRTHA & OIDHREACHTA

Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2006 ar phríomhaidhm straitéiseach na Rannóige Pobail, Fiontar, Caithimh Aimsire, Cultúrtha & Oidhreachta (PFCAC&O) mar atá sa Phlean Corparáideach 2004-2009 trí na straitéisí tacaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Bunaíodh Fóram Oidhreachta Contae agus mar thoradh air soláthraíodh Dréachtphlean Oidhreachta na Mí. Leis an bhFóram Oidhreachta cinntíodh go raibh an comhairliúchán leathan a bhí leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara mar chuid lárnach de phróiseas ullmhaithe an Phlean Oidhreachta. Leanfaidh an Fóram ag feidhmiú le linn thréimhse 5 bliana an phlean lena chinntiú go mbeidh an Plean curtha i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil. Fuarthas maoiniú suntasach Oidhreachta le linn na bliana freisin.

Chuir an rannóg Pobail & Fiontar straitéis chomhtháite le chéile le haghaidh comhoibrithe idirghníomhaíochta le seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar don Lucht Siúil de réir riachtanais na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ghlac Bord Forbartha

an Chontae leis an Straitéis dar teideal "Straitéis Chomhtháite na Mí don Lucht Siúil" i mí na Nollag 2006. Moladh go hard an comhoibriú agus an tiomantas a bhí ann idir an Lucht Siúil agus ionadaithe ghníomhaireachtaí Bhord Forbartha an Chontae agus gníomhaireachtaí/grúpaí eile ina raibh comhairliúchán suntasach leis an Lucht Siúil. Cheap gach páirtí go raibh an próiseas go hiomlán mar shamhail ar an mbealach inar féidir straitéis a fhorbairt agus a sholáthar gan chúnamh a fháil ó chomhairleoirí seachtracha.

Leanadh leis an straitéis chomhairle a chur i bhfeidhm le háiseanna spóirt, caithim aimsire agus fóillíochta agus pobail a sholáthar i 2006 nuair a glacadh leis an Scéim Tobhach Conláistí ina ndéantar Scéim Deontas Pobail na Comhairle a ionchorprú. Leithdháileadh €8.314m san iomlán ar thionscadail agus tograí comhairle ar fud an Chontae le €1.5m leithdháilte ar Ghrúpaí Pobail agus Deonacha. An príomhthionscadal, a bhain tairbhe as an Scéim ba ea Ionad Ealaíon na Mí a d'oscail i mí Aibreáin 2006 ar chostas €13.5m.

Rinneadh dul chun cinn le Seirbhís Leabharlainne agus Faisnéise nua-aimseartha a sholáthar don chontae i 2006 agus cuireadh na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

Fuair an chomhairle cead le haghaidh Céim 1 d'fhorbairt leabharlainne 600m$^2$ le haghaidh Lárionad Baile Bhaile an Bhiataigh ar chostas €3m mar chuid de chlár 5 bliana um Fhorbairt Leabharlann.

Faoin gclár céanna rinneadh uasghrádú ar áiseanna atá ann cheana féin sna leabharlanna i nDamhliag, san Uaimh agus i mBaile Átha Buí, i mBaile Átha Troim, i gCeanannas agus san Obair i 2006. Costas iomlán na n-uasghráduithe ba ea €500,000.

## ACMHAINNÍ DAONNA

Thosaigh an Chomhairle athbhreithniú bunúsach ar roghanna soláthair sheirbhísí, agus mar thoradh air seo beidh athrú suntasach laistigh den eagraíocht.

Ullmhaíodh tuarascálacha maidir le, (i) feidhmeanna stiúrthóireachta leasaithe agus orduithe tarmligin comhfhreagracha don Stiúrthóir Seirbhísí, i gcomhthéacs athbhreithnithe oibríochta d'fheidhm Bhainistíocht an Réimse, (ii) cuíchóiriú fheidhm an chlóis innealraí. Tá siad seo tar éis a bheith comhaontaithe ag leibhéal an Foirne Bainistíochta. Tá sé i gceist go ndéanfar dul chun cinn suntasach ar an dá mholadh seo i 2007, agus tá sé i gceist leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as an bhFóram Comhpháirtíochta agus tús á chur leis na cineálacha saincheisteanna seo a ardú.

## SEIRBHÍS CHORPARÁIDEACH

Chuir an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht leanúnach ar fáil do gach gné den eagraíocht agus seirbhísí ar ardchaighdeán á soláthar don phobal, agus chomh maith leis sin chuir sí tacaíocht leanúnach ar fáil do bhaill tofa d'fhonn a ról a chomhlíonadh.

Osclaíodh Ionad Ilfhreastail nua i gCeanannas. I 2006 deimhníodh scéim a ullmhaíodh leis an leibhéal soláthair sheirbhísí i nGaeilge a fheabhsú go hincriminteach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. De réir aidhmeanna na comhairle le foirgnimh shlán agus shábháilte atá feidhmiúil rinneadh Iniúchtaí éagsúla um Míchumas inar scrúdaíodh foirgnimh agus na bealaí isteach, na háiseanna agus seirbhísí. Rinne Comhairle Contae na Mí Ráiteas Sábháilteachta Corpáráideach nua a fhormheas agus ag féachaint ar riachtanais agus impleachtaí an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2005, leagadh béim ollmhór ar oiliúint agus eagraíodh líon seisiún agus cúrsaí éagsúla.

Lean an chomhairle ag riar na scéime Deontas Ardoideachais ag an leibhéal áitiúil agus rinneadh 398 iarratas nua agus 423 iarratas athnuachana san iomlán a phróiseáil le linn na bliana.

Bhí baint ag oifigigh Chomhairle Contae na Mí le Gníomh BPI náisiúnta maidir leis an gclár toghthóirí a chur le chéile agus a fhoilsiú. Bhí an-chuid rannpháirteachas i gceist leis an tionscadal ina raibh baint mhór ag Toghchóras an Údarás Áitiúil agus Foireann na gCóras Faisnéise, na Bailitheoirí Ioncaim, agus Bord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil. D'oibrigh an grúpa seo freisin ar phacáiste beart atá le cúnamh a thabhairt d'údaráis clárúcháin feabhsúcháin shuntasacha a dhaingniú i gcruinneas agus cuimsitheacht an Chláir 2007/2008. Le linn an phróisis sin, d'oscail Comhairle Contae na Mí, don chéad uair, gach oifig ceantai ar an Satharn, le freastal ar bhaill an phobail, ar mian leo a bheith san áireamh ar an gclár.

## AIRGEADAS

Seachas soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán, le luach ar airgead a thabhairt, príomhfhócas amháin den Chomhairle ná a chinntiú gur fhan Comhairle Contae na Mí laistigh dá caiteachas Buiséad Ioncaim agus Caipitil. Trí éifeachtachtaí costais a bhí beacht agus dian, trí bheith ag caitheamh go cúramach, agus trí athbhreithnithe ar luach ar airgead bainfidh Comhairle Contae na Mí amach a gcuid spriocanna ina Buiséad do 2006.

Is é seo an chéad uair atá an Chomhairle laistigh dá buiséad ó 1998 agus is éacht mór é seo i dtimpeallacht inar coimeádadh an soláthar seirbhísí chomh maith le leathnú amach a dhéanamh orthu i contae ina bhfuil fás ollmhór daonra ann faoi láthair.

Chomh maith leis sin rinneadh athbhreithniú ar airgeadais na Mí i gcoibhneas le húdaráis áitiúla eile agus fuarthas go raibh, ar bhonn in aghaidh an duine, go raibh an t-ioncam is lú in aghaidh an duine faighte ó Chiste na Rátaí agus an Rialtais Áitiúil, ná aon chontae eile in Éirinn, bunaithe ar fhaisnéis an Daonáirimh 2006. Cuireadh toradh an athbhreithnithe seo faoi bhráid Bhaill an Oireachtais, na Comhairle Contae agus na Roinne Comhshaoil. Rinneadh tuarascáil ar mhaoiniú do Réigiún an Oirthir Láir freisin. Léirigh seo míbhuntáiste coibhneasta an Réigiúin i dtéarmaí an mhaoinithe chuig Réigiúin eile sa Tír. Cuireadh seo faoi bhráid Údarás Réigiúnach an Oirthir Láir agus na Roinne Comhshaoil, roimh leithdháiltí Chiste an Rialtais Áitiúil 2007. Le linn 2006 cuireadh Agresso 5.4 paca seirbhíse 2 i bhfeidhm go hiomlán thar na 4 údarás áitiúil sa Mhí. Rinneadh tástáil ar an gcóras "Baile" nua agus cuireadh i bhfeidhm é. Chomh maith leis sin cuireadh clár BPI (feabhsú um próisis ghnó) i bhfeidhm sa réimse iasachtaí agus párolla/íocaíochtaí agus beidh seo á leathnú amach chuig réimsí eile sa Chomhairle i 2007.

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Na príomhthograí a bhí san áireamh i 2006 ná ollchóiriú iomlán ar ár suíomhanna idirlín agus inlín bunaithe ar Chóras Bainistíochta Inneachair nua a sholáthraíonn rialú ar a n-inneachar féin do na réimsí gnó. Thugamar isteach Prótacal Idirlín don Ghuthú mar bhunús do straitéis cumarsáide inréimnithe, agus chuireamar nasc líonra gan sreang de 50Mbps i bhfeidhm idir an Uaimh agus Ceanannas, a thug glúin nua de sholáthar seirbhísí sna hoifigí ceantair. Chomh maith leis sin i 2006 cuireadh líon córas gnó éagsúla i bhfeidhm, lena n-áirítear HOME, RAS, Agresso 5.4 agus modúil bhreise de AD ar líne.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

**An Comhshaol a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú i gContae na Mí**

Leanann Comhairle Contae na Mí ag déanamh infheistíochta in acmhainní suntasacha le feabhas a chur ar an gcomhshaol timpeall orainn.

## I MÍ NA BEALTAINE 2006 GLACADH LE PLEAN DRAMHAÍOLA RÉIGIÚN AN OIRTHUAISCIRT A CHLÚDAÍONN NA CONTAETHA LÚ, NA MÍ, AN CHABHÁIN & MHUINEACHÁIN.

An aidhm leis an bplean is ea an bhainistíocht chomhshaoil is fearr ar an dramhaíl atá ginte i Réigiún an Oirthuaiscirt a dhaingniú. Braitheann seo ar líon polasaithe ar leith mar seo a leanas:

- Tuiscint agus Oideachas an Phobail
- Cosc agus Íoslaghdú
- Bailiúchán Dramhaíola agus Muirearú
- Athghabháil Dramhaíola agus Athchúrsáil
- Cóireáil Dramhaíola/Diúscairt Deiridh
- Na Príomhshruthanna Dramhaíola
- Gníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdaraithe
- Polasaí ar Bhainistíocht agus ar Sholáthar

Roinnt de na príomhchuspóirí den phlean is ea:

1. Fócas nua ar na hIonaid Beir Chuige le béim ar chaighdeán an ionaid, an cur i láthair agus raon na ngabhdán agus na nábhar atá inghlactha.
2. Áis dramhaíola chomhtháite a sholáthar ina bhfuil cóireáil teirmeach agus tarrtháil fuinnimh le linn thréimhse an phlean - 2005/2010.
3. Clár a ullmhú agus measúnú a dhéanamh ar na láithreacha ina raibh gníomhaíochtaí diúscartha agus tarrthála déanta.

### CEADANNA DRAMHAÍOLA A EISÍODH I 2006

1. Iarratais a fuarthas = 66
2. Ceadaithe = 15
3. Diúltaithe = 5
4. Aistarraingthe = 1
5. Iomlán = 9
6. Neamhiomlán = 11
7. Faoi bhreithniú = 25

### CEADANNA BAILIÚCHÁN DRAMHAÍOLA A EISÍODH I 2006

1. Iarratais a fuarthas = 550
2. Aistarraingthe = 54
3. Diúltaithe = 6
4. Cúlghairthe = 43
5. Líon iomlán a Ceadaíodh = 447
6. Ceadaithe sa bhliain = 473
7. Diúltaithe sa bhliain = 6
8. Cúlghairthe sa bhliain = 30
9. Athbhreithniúcháin sa bhliain = 203

## TRUAILLIÚ BRUSCAIR

Leanfaidh an Chomhairle le mórfheachtas agus iarracht ar siúl fáil réidh leis an dumpáil neamhdhleathach.

Is iad seo a leanas miondealú ar bhearta forfheidhmiúcháin ar glacadh leo le linn 2006.

1. Líon na dtuairiscí a scrúdaíodh = 1725
2. Fíneálacha ar an láthair a eisíodh = 389
3. Fíneálacha ar an láthair a íocadh = 202
4. Líon iomlán na gciontuithe le linn 2006 = 28
5. Scriosta amach = 10
6. Ar athló = 2

Rinne Comhairle Contae na Mí infheistiú i líon córas CCTV ceilte agus neamhcheilte le gníomhú in aghaidh dumpála neamhúdaraithe. Ionchúiseofar gach ciontóir aimsithe.

## IONAID ATHCHÚRSÁLA NA MÍ

San áireamh sna hearraí ar féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu tá:

- Batairí (luaidhe-aigéadach do charr agus bataire teaghlaigh)
- Leabhair
- Cairtchlár & pacáistíocht cairtchlár
- Éadaí, teicstílí (Glan) agus bróga
- Cannaí deochanna agus bia
- Earraí leictreacha e.g. Teilifíseáin, ríomhairí, físeáin
- Feadáin fluaraiseacha, lampaí & bolgáin solais
- Dramhaíl ón ngairdín – féar/bearrthaí fálta etc (ithir ar bith)
- Buidéil ghloine (prócaí)
- Sorcóirí Gáis Teaghlaigh (Calor/FloGas)
- Meascán páipéar (dramhphoist & clúdaigh litreacha)
- Fóin phóca/Teileafóin
- Páipéir nuachtáin/irisí
- Leabhair theileafóin
- Buidéil phlaisteacha
- Málaí plaisteacha (Glan agus folamh)
- Dramh-mhiotail
- Cartáin Tetra-Pak
- Adhmad (neamhchóireáilte amháin)
- Dramh-olaí (cóicearachta/cairr)
- Earraí bána (Cuisneoirí / reoiteoirí / cócaireáin agus meaisíní níocháin/ miasniteoirí /folúsghlantóirí/ micreathonnáin / citil/ tóstaeir)
- Péint san Áis i gCeanannas

## RIALÚ MADRAÍ

Faoin Acht um Rialú Madraí, 1986 agus 1992 ní mór do bhotháin gach madra agus madraí gardála a cheadúnú, ach amháin iad siúd atá in úsáid go hiomlán faoi dhualgais oifigiúla ag na Gardaí, na Fórsaí Cosanta agus an tSeirbhís Custaim agus Máil. Faoi Alt 2 den Acht is cion é do dhuine madra a choinneáil ach amháin má tá ceadúnas aige/aici don mhadra sin nó ceadúnas ginearálta a chlúdaíonn líon ar bith ag áitreabh ar leith.

Tá príomhaidhm ag Comhairle Contae na Mí póna madraí a sholáthar agus láthair oiriúnach aimsithe agus an t-airgead atá riachtanach ar fáil.

| | |
|---|---|
| Líon na gceadúnas a eisíodh: | 9,872 |
| Líon na gceadúnas ginearálta: | 12 (10 madra nó níos mó) |
| Líon na bhfíneálacha a eisíodh: | 241 |

## WEEE: (DRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH)

Tháinig na rialacháin a rialaíonn na nithe thuasluaite i bhfeidhm i mí Lúnasa 2005. Tá na rialacháin seo deartha le tarrtháil dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn agus le bailiú, cóireáil, tarrtháil agus diúscairt dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh a éascú i mbealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Baineann na rialacháin le fearais tí mhóra agus bheaga. Tá rochtain saor in aisce acu siúd atá cláraithe le Comhairle Contae na Mí, trí réamhshocrú, ar láithreacha conláistí cathartha laistigh den Chontae le diúscairt a dhéanamh ar tháirgí WEEE. Bíonn na hathnuachana ar na clárúcháin faoi WEEE le bheith déanta ar bhonn bliantúil ar nó roimh 31 Eanáir gach bliain.

## FEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE - I.R. 282 DE 2006

Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm ar 8 Meitheamh 2006. An aidhm leis na rialacháin is ea diúscairt na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a rialú, atá sainmhínithe sna rialacháin. Beidh táirgeoirí na bhfeithiclí freagrach as a chinntiú go bhfuil Áiseanna Cóireála Údaraithe (ÁCÚ) le diúscairt a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil a ré caite i bhfeidhm. Leis an daonra atá ann faoi láthair i gContae na Mí, tá dualgas ar gach táirgeoir dhá ÁCÚ a liostú ina gcuid foirmeacha iarratais agus ina gcuid Pleananna Forfheidhmithe 3 bliana freisin. Faoi láthair, tá ceithre ÁCÚ i gContae na Mí. Faoi na rialacháin tá na táirgeoirí sainmhínithe go bunúsach mar allmhaireoirí na bhfeithiclí. Ról na nÚdarás Áitiúil is ea na rialacháin a bhaineann leis na hÁCÚ a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil na táirgeoirí ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí maidir leis na rialacháin. An pionós is mó ar shárú na rialacháin is ea €15 milliún. Coimeádann Comhairle Contae na Mí clár de na táirgeoirí carr ar fad. Tá athnuachan bhliantúil clárúchán faoi na rialacháin thuasluaite le táille athnuachana bunaithe ar láimhdeachas an táirgeora / na dtáirgeoirí.

## RIALACHÁIN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA (PACÁISTIÚ), 2003 MAR ATÁ LEASAITHE – I.R. 61 DE 2003

Faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht), 2003 mar atá leasaithe faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht) (Leasú), 2004 agus 2006 tá dualgais thábhachtacha le dramaíl pacáistíochta a tharrtháil.

Leagadh amach na Rialacháin seo le cúnamh a thabhairt d'athchúrsáil dramhaíola phacáistithe agus lena chur chun cinn d'fhonn na spriocanna tarrthála dramhaíola phacáistithe atá leagtha amach d'Éirinn i dTreoir an AE 94/62/EC maidir le Pacáistíocht agus dramhaíl pacáistíochta.

Leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht), 2003 agus leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht) (leasú), 2004 agus 2006 tá dualgais ar leith ar gach 'táirgeoir' pacáistíochta agus tá dualgais bhreise ar na 'mórtháirgeoirí'

- ‘Táirgeoirí’ de phacáistíocht is ea daoine a sholáthraíonn, trí ghnó a dhéanamh le daoine eile, ábhar pacáistíochta e.g. chuig siopaí, tithe tábhairne, ollmhargaí, ionaid mearbhia, mórdhíoltóirí, déantúsóirí, allmhaireoirí, onnmhaireoirí (baill Repak agus iad siúd nach baill Repak iad). Déantar tagairt ar gach ceann díobh mar 'táirgeoirí' pacáistíochta.
- Na ‘Mórtháirgeoirí’ pacáistíochta is ea na soláthraithe a chuireann níos mó ná 25 tona pacáistíochta (seachas pacáistíocht le hathúsáid nó le haghaidh onnmhairithe) ar mhargadh na hÉireann agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil de níos mó ná €1 mhilliún acu (‘Láimhdeachas’ i gcás na Rialachán seo is ea "na suimeanna díorthaithe ó sholáthar (onnmhairí san áireamh) earraí agus seirbhísí atá laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na dtáirgeoirí i ndiaidh lascainí trádála agus CBL a asbhaint".)
- San áireamh i bPacáistíocht tá an bunphacáistíocht ar an táirge atá díolta.

Toisc go bhfuil áitribh cheadúnaithe agus bialanna faoi scóip na Rialachán, ní mór dóibh a bheith in ann meáchan na pacáistíochta a úsáideadh ar an áitreabh a mheas.

Ní mór do gach táirgeoir atá rannpháirteach leis an bpacáistíocht a chur ar an margadh an dramhaíl pacáistíochta a thagann as a n-áitreabh féin a scagadh (dramhaíl pacáistíochta an chúldorais) isteach i sruthanna dramhaíola ar leith e.g. gloine dramhaíola, páipéar, alúmanam, cruach, clár snáithíneach, leathánra adhmaid agus plaisteach. Cuirtear ar fáil díolúine ó dhramhaíl 'fhabhtaithe'. Tá pacáistíocht atá díolta agus úsáidte ar áitreabh an táirgeora laistigh de scóip na Rialachán. Tá buidéil a dhíoltar agus a úsáidtear sna tithe tábhairne, sna bialanna, sna clubanna agus sna hóstáin faoi réir riachtanais na Rialachán anois.

Ní mór don táigeoir socrú a dhéanamh maidir leis an dramhaíl:

- go dtógann an soláthraí ar ais í, nó
- go ndéantar í a tharrtháil, nó
- go ndéantar í a scagadh agus go gcuirtear ar fáil í d'oibreoir tarrthála dramhaíola údaraithe le tarrtháil a dhéanamh.

Is cion é do tháirgeoir diúscairt a dhéanamh ar a leithéid de dhramhaíl pacáistíochta gan é a chur ar fáil ar dtús le tarrtháil a dhéanamh.

Tá dhá rogha ar fáil do na mórtháirgeoirí d'fhonn a chuid dualgas a chomhlíonadh faoi na rialacháin:

1. Glacann an chuideachta páirt sa scéim comhlíonta náisiúnta le Repak.
2. Cuireann an chuideachta iarratas isteach chuig an Údarás Áitiúil le féinchomhlíonadh a dhéanamh faoi na rialacháin.

Tá riachtanas ann athnuachan bhliantúil a dhéanamh faoi 31 Eanáir de gach bliain orthu siúd a dhéanann féinchomhlíonadh. Na táillí clárúcháin/athnuachana a ghearrtar is ea €15 do gach tona faoi réir íostáille de €500 agus uastáille de €5000.

Tabhair faoi deara: Tá rialacháin nua pacáistíochta ag teacht isteach níos déanaí i mbliana a laghdóidh an tonnáiste do mhórtháirgeoir thíos ó 25 tona go 10 tona, le leibhéail an láimhdeachais bhliantúil ag fanacht ag €1,000,000 - ceaptar mar thoradh air seo go dtógfar roinnt mhaith cuideachtaí isteach faoin tairseach mar mhórtháirgeoirí.

## LÍONTAÍ TALÚN STAIRIÚLA - TAIBHLE DE CHUID 22 & DE CHUID 26

Tá Comhairle Contae na Mí i mbun próisis, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leis an Roinn, le tabhall de Chuid 22 agus 26 a chur le chéile. Tá láithreacha aimsithe agus curtha ar an tabhall. Tá oiliúint curtha ar fáil sa Phróiseas um Measúnú Riosca maidir leis na láithreacha seo, agus is gnás leanúnach atá ann faoi láthair.



## SEIRBHÍS DÓITEÁIN

Tá Údarás Dóiteáin na Mí freagrach as seirbhís fhreagartha éigeandála a chur ar fáil do limistéar riaracháin iomlán an Chontae, lena n-áirítear na trí Chomhairle Baile.

## COMHRAC DÓITEÁIN

Feidhmíonn Comhairle Contae na Mí, mar údarás dóiteáin, de réir fhorálacha an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981, na nAchtanna agus na rialachán um Rialú Foirgníochta a dhéileálann le slua-rialú ag ócáidí móra, ar nós ceolchoirmeacha Bhaile Shláine. Faoi chomhaontú, cuireann údarás dóiteáin Dhroichead Átha seirbhís dóiteáin agus éigeandála ar fáil i gceantar Oirthear na Mí, ó Dheisceart Dhroichead Átha go dtí Corr Leacht, i mBaile Iúiliáin, Siar ó dheas go dtí Ard an Chatha agus i gCeantar na Mí ó thuaidh ón líne seo agus soir ó bhóthar an N2 (Collon-Cill Dhéagláin). Freagraíonn Comhairle Contae na Mí mar chumas cúltaca do ghlaonna éigeandála chuig contaetha in aice léi, Baile Átha Cliath, an Cabhán, Cill Dara, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí. Tá an socrú céanna ag na contaetha seo sa chás go dtarlaíonn éigeandálaí i gceantar na Mí.

Déanann CAMP (Tionscadal Slógaidh le Cúnamh Ríomhairí) atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a fheidhmíonn ar bhonn réigiúnda, na glaonna éigeandála ar fad a chlasú do cheantar na Mí.

Tá an príomhstáisiún dóiteáin lonnaithe ar Bhóthar na Mainistreach san Uaimh. Tá sé stáisiún eile lonnaithe ar fud an Chontae, i gCill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceanannas, san Obair, sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Troim. Mar chuid dá Dréachtphlean Forbartha agus Éigeandála, 2007-2012, aithníodh go raibh stáisiún dóiteáin nua de dhíth ar Oirthear na Mí. Lorgófar cead agus maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na sonraí aontaithe.Tá athruithe móra ar siúl faoi láthair sa tseirbhís dóiteáin agus éigeandála. Tá sí ag bogadh ón ról traidisiúnta idir thine a mhúchadh agus daoine agus réadmhaoin a tharrtháil agus tinte a chosc agus nuair a thosaíonn tine a chinntiú, trí innealtóireacht sábháilteachta dóiteáin, go bhfuil laghdú ar dhaoine marbh, ar dhaoine gortaithe agus ar chailleadh réadmhaoine. Tá ról lárnach anois ag an tseirbhís dóiteáin maidir leis na caighdeáin sábháilteachta dóiteáin agus foirgnimh nua agus foirgnimh atá feabhsaithe á ndearadh agus a gcuid athruithe úsáide agus maidir leis na gnéithe sábháilteachta dóiteáin d'úsáid laethúil na bhfoirgneamh ina bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. Is í an chéad líne freagartha do gach cineál éigeandála atá sa tseirbhís, lena n-áirítear Tinte, Timpistí Bóithre, Tuilte, Doirteadh Ola agus Ceimiceán agus Crainn a thit. Déantar comhordú idir an tSeirbhís Dóiteáin agus seirbhísí reachtúla eile mar chuid de sholáthar na bPleananna Éigeandála Móra agus Áitiúla.

## TREALAMH NUA

Ceannaíodh fearas nua dóiteáin ar chostas €280,000 agus cuireadh chuig Stáisiún Dóiteáin Dhún Seachlainn é. Is é an Cathaoirleach, An Comhaileoir Jimmy Cudden a chas an eochair ag searmanas oifigiúil Dé Máirt 5 Nollaig 2006. Tá caidéal le Cúr Aeir Chomhbhrúite (CAC) speisialta ag an bhfearas atá in ann Cúr Aeir Chomhbhrúite speisialta a sholáthar le haghaidh oibríochtaí comhraic dhóiteáin. Úsáideann an córas níos lú ná aon cheathrú den ghnáthmhéid uisce a úsaidtear le haghaidh oibríochtaí comhraic dhóiteáin, tá cumas so-scaoilte dóiteáin níos fearr aige ná uisce agus tá sé neamhdhíobhálach don chomhshaol. Is í Dún Seachlainn an briogáid sa chontae leis an gcineál córais seo, tá ceann ag an Uaimh freisin. Is é Comhairle Contae na Mí an t-aon údarás dóiteáin, go náisiúnta, lena leithéid teicneolaíochta ceannródaí in dhá stáisiún dóiteáin dá cuid. Leis seo tá sé fhearas nua ceannaithe ag seirbhís dóiteáin na Mí.

## FADÚ MOLTA DO STÁISIÚN DÓITEÁIN NA hUAIMHE

Tá pleananna á ndréachtú le cóiríocht riaracháin bhuan a sholáthar san áit thuasluaite.

Faoin gclár um athrú sa tSeirbhís Dóiteáin, moltar próiseáil na ndeimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin agus forfheidhmiú rialaithe na bhfoirgneamh, atá faoi rialú na rannóige pleanála faoi láthair, a thabhairt isteach faoi choimirce na Seirbhíse Dóiteáin. Aidhmeanna an chláir um athrú is ea caighdeán na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála a fheabhsú, d'fhonn na riachtanais atá ann sa lá atá inniu ann a chomhlíonadh, agus an prionsabal luach ar airgead a uasmhéadú.

## COSC DÓITEÁN

Tá ról lárnach ag an tseirbhís dóiteáin i ngníomhaíochtaí Cosc Dóiteáin chomh maith leis na gnáthghníomhaíochtaí comhraic dhóiteáin. Is iad na bearta i bhfeidhm atá san áireamh ná:

### OIDEACHAS

cuairteanna chuig scoileanna, daoine scothaosta agus seachtain na sábháilteachta dóiteáin, a tharlaíonn de ghnáth i mí Dheireadh Fómhair.

### INIÚCHTAÍ

Tá clár le plean iniúchtaí i bhfeidhm agus tá béim ar iniúchadh Árasán, Óstán, Dioscónna/Áitreabh le Ceadúnas Rince, Áitreabh Ceadúnaithe, Teaghlach Altranais agus ionad, a tharraingíonn líon mór daoine ar nós ceolchoirmeacha Bhaile Shláine agus Cruinniú na Cásca i dTigh na Sióg. Déileálann an rannóg dóiteáin le hiarratais faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1979 a leasaíodh agus sna Rialacháin um Astú Peitriliam.

### LE LINN INIÚCHTAÍ FEIDHMÍOCHTA

Tarlaíonn spotseiceálacha go rialta ag na dioscónna, ag clubanna agus áitribh cheadúnaithe ina mbíonn ócáidí móra ar siúl. Le linn na n-iniúchtaí seo leagtar béim ar shlua atá rómhór agus sábháilteacht dóiteáin. Tá na Gardaí ar fáil le cuidiú leis na hiniúchtaí nuair is gá é.

### DEIMHNITHE SÁBHAILTEACHTA DÓITEÁIN

Tá dualgas ar fhorbairtí tráchtála deimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fháil ón Údarás Áitiúil. An reachtaíocht a dhéileálann le deimhnithe sábháilteachta dóiteáin is ea na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990-1997. Ní mór Fógra Tosach Feidhme a chur isteach chuig an Údarás Pleanála 14 lá ar a laghad agus 28 lá ar a mhéid sula dtosaíonn an fhorbairt. Coimeádann an tÚdarás Áitiúil clár de na Fógraí Tosach Feidhme agus de na Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin.

## TAIFID NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN

Coimeádtar agus coinnítear taifid maidir leis na gníomhaíochtaí sna seacht stáisiún dóiteáin ar fad in oifig na Seirbhíse Dóiteáin atá lonnaithe ar Bhóthar na Mainistreach. Cuirtear tuairisceáin ar na staitisticí dóiteáin isteach chuig an Roinn Comhshaoil go rialta. Bíonn cruinniú inmheánach den tseirbhís dóiteáin ar siúl go míosúil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí.

Coimeádtar taifid maidir le hiniúchtaí, oiliúint, conarthaí seirbhísí, tinreamh dóiteáin agus gach gníomhaíocht ghaolmhar eile.

## PLEAN DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

Tá plean éigeandála ullmhaithe ag na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, a dhíríonn ar na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus an fhreagairt atá de dhíth má bhíonn éigeandáil ann. Tá measúnú ar rioscaí déanta sa phlean freisin. Beidh an plean curtha faoi bhráid na mball le faomhadh go luath i 2007.

## COMHRAC/SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN

Tá soláthar agus feidhmiú na seirbhísí dóiteáin agus éigeandála faoi rialú an Phríomh-ofigigh Dhóiteáin.

## BRÉAGRABHAIDH

Is cúis áthais é don Chomhairle gur thit líon de thaifid na nglaonna bréagrabhaidh le linn] 2006. Bhí 16 ghlao mailíseacha i 2006 cé go raibh líon na nglaonna i 2005 laghdaithe go 11. I 2006 bhí líon na mbréagrabhadh faoin teideal le hintinn mhaith ag 231; i 2005 bhí sé ag 206. Is í tacaíocht na nGardaí agus an phobail an phríomhchúis gur fheabhsaigh an suíomh seo agus tá an Chomhairle buíoch den tacaíocht seo.



## STAITISTICÍ DÓITEÁIN MÍOSÚLA

EANÁIR - NOLLAIG, 2006

| | An Uaimh | Dún Seach. | Cill Dhéagláin | Troim | Cean. | Seanchais. | An Obair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FOIRGNIMH TÍS: | | | | | | | | |
| Tine simléir i dTithe | 24 | 9 | 3 | 54 | 19 | 8 | 5 | 122 |
| Tinte tí eile | 20 | 10 | 7 | 17 | 8 | 2 | 4 | 68 |
| Árasáin agus Mionárasáin | 1 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| Carbháin/Tithe Soghluaiste | 3 | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 1 | 8 |
| INSTITIÚIDÍ: | | | | | | | | |
| Ospidéil | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Scoileanna | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| TIONSCLAÍOCH: | | | | | | | | |
| Monarchana | 0 | 4 | 3 | 1 | 0 | 2 | 0 | 10 |
| Foirgnimh Stórais/Trádstórais | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| TRÁCHTÁIL: | | | | | | | | |
| Siopaí, Ollmhargaidh | 1 | 3 | 3 | 2 | 0 | 0 | 0 | 9 |
| Óstáin/Tithe Aíochta/Tithe Lóistín etc | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 3 |
| SEIRBHÍS: | | | | | | | | |
| Tithe Ósta | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 4 |
| EILE: | | | | | | | | |
| Stáisiúin Pheitril/Garáistí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| Feithiclí Mótair | 49 | 5 | 18 | 23 | 2 | 11 | 2 | 130 |
| Foirgnimh neamhshealbhaithe | 11 | 1 | 1 | 6 | 2 | 0 | 0 | 21 |
| Foirgnimh Thalmhaíochta | 10 | 8 | 7 | 6 | 2 | 2 | 4 | 39 |
| Foraois/Portach/Féar | 24 | 5 | 12 | 14 | 12 | 11 | 1 | 79 |
| Stóras Lasmuigh | 15 | 7 | 4 | 8 | 1 | 0 | 0 | 35 |
| Bruscar Lasmuigh | 17 | 15 | 8 | 10 | 7 | 0 | 0 | 57 |
| Ilghnéiteach | 29 | 9 | 13 | 5 | 5 | 3 | 2 | 66 |

# TEAGMHAIS BHRÉAGRABHAIDH

EANÁIR - NOLLAIG, 2006

| | An Uaimh | Dún Seach. | Cill Dhéagláin | Troim | Cean. | Seanchais. | An Obair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| TEAGMHAIS BHRÉAGRABHAIDH | | | | | | | | |
| 1. Mailíseach | 16 | 2 | 4 | 9 | 2 | 1 | 0 | 34 |
| 2. Le hIntinn Mhaith | 80 | 44 | 43 | 38 | 14 | 7 | 5 | 231 |
| SEIRBHÍSÍ SPEISIALTA | | | | | | | | |
| Timpistí Bóithre | 37 | 37 | 29 | 33 | 21 | 7 | 8 | 172 |
| Caidéalú Uisce/Tuilte | 13 | 0 | 1 | 3 | 2 | 15 | 1 | 35 |
| Tarrthálacha Eile Nach Tinte Iad | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Ábhair Chontúirteacha Gan Tine (eg. Doirteadh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 2 |
| Ilghnéitheach | 21 | 18 | 21 | 22 | 7 | 15 | 8 | 112 |
| IOMLÁIN | 374 | 191 | 179 | 257 | 16 | 86 | 43 | 1246 |

# Acmhainní Daonna

## RÉAMHRÁ

An aidhm atá ag Acmhainní Daonna (AD) ná na hacmhainní agus na scileanna riachtanacha a chur ar fáil d'fhonn an chomhpháirtíocht ghnó a neartú idir na Bainisteoirí Líne/Maoirseoirí agus an fhoireann Acmhainní Daonna. An aidhm atá ag an bhfoireann ná cúnamh a thabhairt do gach roinn in Údaráis Áitiúla na Mí na cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach, agus an fhéidearthacht atá ag gach ball foirne a fhorbairt ag an am céanna.

## DÉANTAR MIONDEALÚ AR AN BHFEIDHM ATÁ AG AD TRÍ NA PRÍOMHSHEIRBHÍSÍ SEO A LEANAS:

- Torthaí Foirne
- Earcaíocht & Roghnúchán
- Struchtúr Foirne
- Saoire Foirne
- Polasaithe agus Gnásanna AD
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Aoisliúntas
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Comhpháirtíocht san Ionad Oibre
- Oiliúint
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin

## TORTHAÍ FOIRNE

Gach ráithe cuireann an fhoireann AD 'toradh' an lín foirne le chéile a chuirtear isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil. Leis seo cuirtear ar fáil figiúirí iomlán na foirne atá fostaithe ag an gComhairle. Gach bliain i mí Eanáir cuirtear isteach 'toradh bliantúil' níos cuimsithí freisin chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil. Féach Tábla 2 thíos do mhiondealú ar an bhfoireann de réir na hearnála ó mhí na Nollag 2006.

## EARCAÍOCHT & ROGHNÚCHÁN

Déanann Údaráis Áitiúla na Mí gach iarracht baill foirne chumasacha leis na cáilíochtaí agus an taithí atá riachtanach le seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil don phobal, a earcú agus a choimeád. Sa bhliain 2006, d'eagraigh agus reáchtáil AD 53 Comórtas agus rinne siad níos mó ná 1,700 foirm iarratais a phróiseáil.

Tába 1. Miondealú an chomórtais de réir rannáin

| Rannán | Líon na gComórtas |
|---|---|
| Riarachán | 24 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 19 |
| Lasmuigh | 8 |
| Seirbhís Dóiteáin | 2 |
| **Iomlán** | **53** |

Leagann an chairt síos béim ar an gcothromaíocht mhaith inscne atá ann i gcás na n-iarratas le haghaidh post le hÚdaráis Áitiúla na Mí. Sa bhliain 2006, tháinig 961 iarratas don Chomhairle ó fhir agus 751 iarratas ó mhná.

## STRUCHTÚR FOIRNE

Thosaigh 84 ball foirne nua le hÚdaráis Áitiúla na Mí sa bhliain 2006. Ba cheapacháin bhuana 26 díobh agus ba cheapacháin chonradh ar théarma seasta 58 díobh. Ghlac an Chomhairle le 47 ball foirne a d'éirigh as a bpost, ina raibh 17 mball foirne Gairmiúla/Teicniúla, 19 mball foirne i gcúrsaí Riaracháin, 9 mball foirne lasmuigh, agus 2 bhall foirne i dTeicneolaíocht Faisnéise. Ba 5.32% an t-athrúchán foirne a bhí ann i 2006 de réir foirmle na hInstitiúide Cairte Pearsanra agus Forbartha (47 x 100 / 883).

Tábla 2. Miondealú foirne de réir rannáin

| Rannán | Líon | WTE |
|---|---|---|
| Bainistíocht | 7 | 7 |
| Riarachán | 289 | 275.3 |
| Innealtóireacht / Teicniúil | 111 | 110.5 |
| Oibríochtúil / Lasmuigh | 245 | 233.7 |
| Ar conradh | 160 | 132.27 |
| Comhraiceoir Dóiteáin | 69 | 10.88 |
| Gan bheith mar chuid den Roinn CO&RÁ | 2 | 2 |
| **Iomlán** | **883** | **771.65** |

Nollaig 2006

## SAOIRE FOIRNE

De réir an Éitis Chothromaíochta Oibre/Saoil, rinne Údaráis Áitiúla na Mí na hiarratais éagsúla seo a leanas a phróiseáil agus a cheadú i 2006:

Tábla 3. Iarratais Postroinnte agus do Shaoire Scoilbhliana

| Cineál Saoire | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| Iarratais do shaoire scoilbhliana | 3 | 7 | 18 |
| Iarratais Postroinnte | 9 | 60 | 57 |

### TÁSCAIRE DO SHAOIRE BHREOITEACHTA DO 2006:

| | |
|---|---|
| Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta breoiteachta 'Le Teastas' | 2.68% |
| Céatadán na laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreachta breoiteachta 'Gan Teastas' | 0.47% |

## POLASAITHE & GNÁSANNA AD

Faoi láthair tá 5 pholasaí Náisiúnta AD i bhfeidhm ag Údaráis Áitiúla na Mí. Chomhaontaigh agus shínigh na hIonadaithe Bainistíochta agus Ceardchumainn na polasaithe seo go náisiúnta agus agus ina dhiaidh sin cheadaigh Coiste Comhpháirtíochta d'Údaráis Áitiúla na Mí iad ag an leibhéal áitiúil.

## CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Oibríonn Údaráis Áitiúla na Mí go leanúnach le gach ball foirne agus a ionadaí Ceardchumainn d'fhonn ceisteanna éagsúla a réiteach, a thagann chun cinn ó am go ham. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle comhairliúchán foirne agus Ceardchumainn a chur chun cinn d'fhonn aon cheist AD a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach a luaithe agus is féidir.

## AOISLIÚNTAS

Tá gach ball foirne mar bhall de Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil ón dáta a thosaíonn siad a chuid fostaíochta le hÚdaráis Áitiúla na Mí. Is iad seo a leanas miondealú na ngníomhaíochtaí aoisliúntais ar tugadh fúthu i 2006:

Tábla 4. Miondealú na ngníomhaíochtaí aoisliúntais

| Gníomhaíocht | Líon i 2006 |
|---|---|
| An Coiste Gairmoideachais - Cnapshuim agus suimeanna pinsin | 5 (4 oifigeach, 1 fhostaí) |
| Lucht Scoir d'Údaráis Áitiúla na Mí i 2006 | 19 (9 n-oifigeach, 10 bhfostaí) |
| Aiscí i gcás daoine neamh-inphinsin | 2 (Comhraiceoirí Dóiteáin Coinnithe) |
| Sochair choinnithe | 0 |

Líon iomlán na gcnaipshuimeanna a íocadh i 2006 is ea €960,361.77 agus íocadh €775,471.98 de seo chuig Oifigigh agus íocadh €184,889.79 chuig fostaithe, le híocaíochtaí an Choiste Ghairmoideachais san áireamh sna figiúirí seo.

## AN TIONSCADAL NÁISIÚNTA AD, PÁROLLA & AOISLIÚNTAIS

I 2006 lean Comhairle Contae na Mí mar cheann de na trí hÚdarás Áitiúla phíolótacha (is iad Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Chiarraí an dá cheann eile) leis an tionscadal Náisiúnta AD, Párolla agus Aoisliúntais a chur i bhfeidhm. Tá i gceist an tionscadal a chur i bhfeidhm go píolótach ina iomlán i 2007.

# Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH

"Tógáil ar chaidreamh tionsclaíoch atá seasmhach, agus an Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre a chur chun cinn agus a fhorbairt mar an bealach a oibrímid, le mórghníomhartha eagraíochtúla a bhaint amach".

Sa phróiseas comhpháirtíochta bíonn comhaontú idir an bhainistíocht, na ceardchumainn agus an fhoireann ar chuspóirí coiteanna agus oibríonn siad le chéile lena chinntiú go mbaintear amach na mórghníomhartha eagraíochtúla. Is próiseas leanúnach atá i gceist leis an gComhpháirtíocht agus leis seo éilítear rannpháirtíocht daoine éagsúla ar fud na heagraíochta. Is é seo an bealach atá roghnaithe le gnó a dhéanamh agus tá an cur chuige seo ríthábhachtach má tá athrú le tabhairt isteach.

I 2006 dhírigh an próiseas ar:

1. Straitéiseach i.e. saincheisteanna suntasacha.
2. Oideachas don Fhoireann agus Forbairt na Foirne.
3. Saincheisteanna sóisialta/sláinte.

### MÓRGHNÍOMHARTHA

- D'aontaigh an Coiste ar Pholasaí Oiliúna leasaithe chomh maith le Polasaí um Chosaint Leanaí, a d'fhorbair grúpa oibre.
- Forbairt comhpháirtíochta rannáin.
- Comhaontú ar phrótacal don Tionscadal Méadraithe Uisce Tráchtála.

Tá obair luachmhar ar siúl ag Grúpaí Oibre Comhpháirtíochta éagsúla e.g.

- Cúram Custaiméirí Cáilíochta
- Clós innealraí
- Grúpa Seirbhísí Uisce
- Grúpa Polasaí um Chosaint Leanaí

Fuarthas €27,000 ar an iomlán mar mhaoiniú do thionsacdail ó LANPAG. Rinne Údaráis Áitiúla na Mí an maoiniú seo a mheaitseáil le tionscadail éagsúla a chur i bhfeidhm. San áireamh sna tionscadail seo bhí:

## AN TOGRA 'ÁITEANNA IONTACHA LE HOBAIR IONTU'

Chláraigh Comhairle Contae na Mí leis an Institiúid d'Áiteanna Iontacha le hObair Iontu, mar chuid dá hiarrachtaí leanúnacha leis an timpeallacht oibre don fhoireann a fheabhsú. Gach bliain oibríonn an Institiúid le FÁS agus leis an Irish Independent le tabhairt faoi staidéar de na Cuideachtaí is Fearr, atá aitheanta go forleathan mar an staidéar is cuimsithí de chultúr an ionaid oibre in Éirinn.

Thosaigh an comórtas seo mar thogra de Choimisiún na hEorpa a dhíríonn ar na caighdeáin san ionad oibre a fheabhsú ar fud na hEorpa trí iomaíocht shláintiúil a spreagadh i measc eagraíochtaí le bheith mar na hionaid oibre is fearr san Eoraip. Trí pháirt a ghlacadh sa staidéar, léiríonn an eagraíocht tiomantas dílis le caighdeán an ionaid oibre a fheabhsú. Tugann an staidéar léargas freisin ar an mbealach a bhreathnaíonn fostaithe ar a n-ionad oibre agus is féidir a fheiceáil, go mion, ar an mbealach atá a gcuid tuairimí nó an dearcadh atá acu éagsúil ó fhostaithe eile in eagraíochtaí eile Éireannacha nó cosúil leo.

## SEIRBHÍS TACAÍOCHTA NA FOIRNE

Faoi choimirce Sheirbhís Tacaíochta na Foirne, chaithe Údaráis Áitiúla na Mí an bhliain 2006 ag tabhairt tacaíochta don lucht méala den fhoireann. Bhí lá tacaíochta don lucht méala uile cuí ar siúl Dé Luain 6 Márta 2006. Bhí Christy Kenneally, údar mór le rá, mar éascaitheoir don lá. Scrúdaigh sé an tréimhse dobhróin agus an coincheap le caitheamh leis an dobhrón mar phróiseas ina ndéileálaimid le mórathrú sa saol.

Iontráladh an tSeirbhís do na Gradaim Chomhpháirtíochta Náisiúnta do Bharr Feabhais agus, as ocht tionscadal déag, cuireadh ar an ngearrliosta de na sé cinn deiridh é. Mar aitheantas don mhórghníomhaíocht seo, bronnadh Comhairle Contae na Mí le teastas ag an gComhdháil Náisiúnta Comhpháirtíochta i mí na Samhna.

## AITHEANTAS FADSEIRBHÍSE

Bronnadh Gradaim do 19 mball foirne, a raibh 32 bliain nó níos mó acu i Seirbhís na nÚdarás Áitiúil ag ócáid ar 29 Samhain.

## JUNIOR ACHIEVEMENT

Is eagraíocht í Junior Achievement a fhaigheann tacaíocht ó 150 gnó, ina bhfuil cláir ann atá deartha le tuiscint a thabhairt do dhaltaí scoile ar luach na hoibre agus an fhiontair.
Ó 2004, tá baint ag Údaráis Áitiúla na Mí leis an gclár agus, go dtí seo, chuir 21 fostaí cláir ar fáil sna bunscoileanna i gCeanannas agus san Uaimh. San áireamh sna topaicí clár tá:: ‘Ár bPobal’ ‘Ár Muintir’ agus ‘Ár Náisiún’.
I mí an Mheán Fómhair, bhronn Della Clancy, Stiúrthóir Náisiúnta Junior Achievement Ireland, na teastais ar ár ngrúpa de 'Oibrithe Deonacha Gnó'.

# Oiliúint

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH** “Córas a bhunú i gcomhar leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin leis na riachtanais a mheas, agus leis an oiliúint chuí, an t-oideachas cuí agus an fhorbairt ghairmiúil chuí a chur ar fáil, le hacmhainn daonna le scileanna, atá in ann torthaí a bhaint amach agus atá solúbtha, a chumasú, atá in ann na riachtanais eagraíochtúla atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh”.

Aontaíodh polasaí oiliúna leasaithe tríd an gComhpháirtíocht i 2006. Bunaíodh an riachtanas le hathbhreithniú ar dhéanamh ar an bPolasaí Oiliúna tríd an éileamh a bhí ar an eagraíocht fíor-athrú a sholáthar maidir le forbairt agus oiliúint foirne faoin Rialtas Áitiúil Níos Fearr, agus faoin aontú comhpháirtíochta sóisialta 'An Dul Chun Cinn a Choinneáil' lena n-áirítear:

- Forfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Gníomhúcháin (CBFG)
- Táscairí Seirbhíse Náisiúnta (C2) Fíorú de 3% den phárolla iomlán a chaitear ar oiliúint agus 3% de phárolla iomlán na ngrád oibrithe ginearálta agus na ngrád ghaolmhara a chaitear ar oiliúint
- Na príomhtháscairí gníomhúcháin áitiúla a fhorbairt (KPlanna)
- An t-éileamh leis na gníomhaíochtaí oiliúna a chur i láthair an Ghrúpa Fhíoraithe Ghníomhúcháin

Maidir leis na Táscairí Seirbhíse Náisiúnta, léiríonn an tábla seo a leanas an gníomhúchán go dtí seo:

Caiteachas den Phárolla iomlán ar Oiliúint & Forbairt

| Éileamh | Gníomhúchán maidir leis an bhFoireann Uile | Gníomhúchán maidir leis na Gráid Oibrithe Ginearálta agus na Gráid Ghaolmhara |
|---|---|---|
| 3% | 4.7% | 3.26% |

Comhghairdeas lenár bhfostaithe uile a bhain cáilíochtaí amach i raon leathan disciplíní ó Riarachán sa Rialtas Áitiúil, Caidreamh Poiblí, TF, Sláinte & Sábháilteacht etc.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA AGUS FORBARTHA GNÍOMHÚCHÁIN (CBFG)

Thosaigh forfheidhmiú na gCóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin (CBFG) in Údaráis Áitiúla na Mí i 2005. Is meicníocht í an CBFG inar inar féidir leis an eagraíocht tríd an bhfoireann, bainistiú a dhéanamh ar a cuid feidhmíochta, feabhas chur ar an soláthar seirbhíse, agus seirbhís níos fearr do chustaiméirí a sholáthar. In éineacht leis sin, cinnteofar go mbainfear úsáid as féidearthachtaí gach ball foirne agus mar thoradh air beidh feabhas ar shásamh a bhaint as an bpost agus ar fhorbairt gairme.

# SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

A chinntiú go mbaineann ár saoránaigh uile tairbhe as caighdeán cóiríochta tithíochta atá sásúil agus a chomhlíonann a riachtanais chomh fada agus is féidir, i láthair agus in áit chónaithe dá rogha féin agus seirbhís tithíochta a chur ar fáil a fhreagraíonn dóibh siúd a bhfuil cúnamh de dhíth orthu agus a thugann tacaíocht dóibh.

## NA PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Fáil Talún
- Forfheidhmiú an Chláir Thógála Tithe le haghaidh Scéimeanna Sóisialta/Inacmhainne
- Idirbheartaíocht a dhéanamh le forbróirí le haonaid Shóisialta/Inacmhainne a sholáthar faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (2000 - 2002)
- Iarratasóirí Inacmhainne a Phróiseáil
- Áiteanna cónaithe a dhíol chuig tionóntaí na Comhairle faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí
- Iarratais ar Dheontais do Dhaoine faoi Mhíchumas agus ar Dheontais Deisiúchán Riachtanach a Phróiseáil
- Tithíocht á Soláthar ag Scéimeanna Deonacha Feidhmiú na Straitéise do Dhaoine gan Dídean
- Soláthar, Leithdháileadh, Cothabháil agus Bainistíocht Chóiríocht an Lucht Siúil
- Athchóiriú agus cothabháil a sholáthair tithíochta de 2,000 aonad
- Forbairt Bhainistíocht na nEastát/Rannpháirtíocht an Lucht Cónaithe
- Riarachán/Cúram Custaiméirí

Lean Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae na Mí leis an dul chun cinn atá déanta ag tógáil agus ag bainistiú Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne sa Chontae le linn 2006. Lean an Clár Tógála Ilbhliantúil le leibhéal ard gníomhaíochta ar fud an Chontae. I 2006 thóg Comhairle Contae na Mí líon mór tithe le 243 tithe Sóisialta tógtha go hiomlán nó beagnach tógtha ag deireadh na bliana. Leis an bhfigiúr seo táthar ag comhlíonadh an Phlean Ghnímh Tithíochta 2004 -2008 atá i mbun iarracht a dhéanamh an oibríocht d'fheidhm tithíochta chasta a chomhordú agus a struchtúrú.

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Gnímh seo le linn 2006, agus léiríodh leis seo go rabhthas ag comhlíonadh na spriocanna lena n-áirítear soláthar tithíochta sóisialta.

I 2006 rinneadh dul chun cinn suntasach sa phleanáil le haghaidh Scéimeanna móra athchóirithe don eastáit tithíochta Townparks san Uaimh agus Headfort Grove i gCeanannas. Rinneadh dul chun cinn mór leis an stoc tithíochta a uasghrádú agus mar aidhm aige an sean-stoc tithíochta ar cíos a uasghrádú chuig caighdeán foirgníochta nua-aimseartha. Caitheadh suimeanna suntasacha airgid i 2006, atá tar éis caighdeán an stoic thithíochta a fheabhsú go mór lena n-áirítear oibreacha ar an téamh lárnach, fuinneoga agus doirse a athsholáthar agus cláir chothabhála coirí. Tá na hoibreacha seo, chomh maith leis an ngníomhaíocht faoi Scéim na nOibreacha um Fhadú, an Scéim um Oibreacha Feabhsúcháin in Lieu agus na Scéimeanna um Fholúis chomh maithe leis an ngáthchothabháil tar éis luach na dtithe agus an cháilíocht beatha don lucht cónaithe a fheabhsú. therein.

Tugadh faoi thograí éagsúla le linn 2006 le Bainistíocht na nEastát sa Chontae a fheabhsú agus le ceapachán an Oifigigh Imscrúduithe Thithíochta agus Oifigigh Fhorbartha Phobail san áireamh. Foilsíodh lámhleabhar do thionóntaí nua i 2006 a scaipeadh ar gach tionónta le cóiríocht ar cíos agus ina bhfuil polasaithe, cuspóirí agus straitéisí leagtha amach le dul i gcomhrac Iompraíochta Frithshóisialta. Baineadh amach na leibhéil is airde i 2006 trí pháirt a ghlacadh i Scéim Gradam Eastáit Tithíochta Chomhairle Contae na Mí, a dhéanann iarracht forbairt pobail, rannpháirtíocht tionóntaí agus bainsitú maith ar eastáit a chur chun cinn, le 52 eastát éagsúla ag glacadh páirte ann agus bronnadh duais airgid ar gach eastát.

San áireamh sna buaicphointí eile i leith gníomhaíochtaí den Rannóg Tithíochta le linn 2006 bhí:

- Ceadaíodh 180 Deontas do Dhaoine le Míchumas / Deontais deisiúchán riachtanach
- Ag deireadh 2006 fuarthas níos mó ná 80 Aonad Tithíochta inacmhainne faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt
- Rinneadh 14 láthair príobháideacha a leithdháileadh le linn 2006
- Cuireadh 73 aonad cóiríochta ar fáil i gcomhar leis na Comhlachtaí Deonacha faoi na Scéimeanna um Chúnamh Caipitil & um Fhóirdheontas ar Iasacht

Chomh maith le foráil a dhéanamh go díreach do thithíocht Sóisialta agus Inacmhainne bhain an Chomhairle úsáid ghníomhach as na forálacha de Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt leis an gclár a fhorlíonadh agus a chomhlánú. Bhí baint ag an Rannóg Tithíochta sa Dréachtstraitéis Tithíochta a ullmhú tríd an riachtanas tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá ann cheana féin agus amach anseo a mheas le linn tréimhse an tsaoil de Phlean Forbartha nua an Chontae 2007-2013.

## SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS

Is togra é an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC), ina ndéantar iarracht rogha tithíochta sóisialta inbhuanaithe a chur ar fáil dóibh siúd le riachtanas tithíochta fadtéarmach, go háirithe, dóibh siúd a fuair fordheontas ar feadh 18 mí nó níos mó agus do dhaoine aonair agus do theaghlaigh atá gan dídean le riachtanas tithíochta fadtéarmach. Is éard atá i gceist leis an SCC ná na hÚdaráis Áitiúla

ag glacadh léasa fhadtéarmaigh le tiarna talún, go hiondúil ar líon aonad éagsúla, ina mbíonn smacht níos fearr ag an údarás tithíochta ar chaighdeán na cóiríochta, daingneacht tionachta agus costas. Chomh maith leis sin íocann tionóntaí SCC cíosanna de réir a n-acmhainní, a chiallaíonn gur féidir leo obair a dhéanamh go lánaimseartha agus dá bhrí sin cabhraíonn seo le sáinn na bochtaineachta a sheachaint. I 2006 d'earcaigh Comhairle Contae na Mí dhá bhall foirne leis an scéim a riar agus aistríodh 15 thionónta chuig cóiríocht léasaithe faoi dheireadh na bliana.

## SEIRBHÍS DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Cuireann Comhairle Contae na Mí seirbhís ar fáil do dhaoine gan dídean nó do dhaoine atá faoi bhagairt le bheith gan dídean. Déileáiltear le daoine aonair agus le teaghlaigh le riachtanais chasta ar nós Dé-dhiagnóise de mhíchumas/ diagnóis meabhairshláinte, andúile i ndruga, spleáchas ar alcól, péidifilia agus saincheisteanna eile i gcomhar leis na ranna FSE cuí.

Cuirtear cóiríocht éigeandála ar fáil i gcásanna go mbíonn tine, tuile, iarphríosún, iarchóireáil andúile, iarospidéalú/iar-institiúidiúnú i gceist agus dóibh siúd ar chóir monatóireacht a dhéanamh ar a riachtanais iompraíochta agus ar chóir rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí, d'fhonn bealach cuí a chur ar fáil le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo tithíochta buana. Cuirtear é ar fáil freisin agus imthosca maolaitheacha i gceist ina mbíonn sé riachtanach cóiríocht a chur ar fáil do theaghlach i gceantar ina bhfuil an cíos ard, ar nós tinnis fhoirceanta ina bhfuil gá le córais tacaíochta atá ann cheana féin a chothabháil nó i gcásanna dáiríre eile.
Earcaíodh beirt oibrithe For-rochtana/Athlonnaithe le linn 2006 le déileáil le teagmhais de dhaoine gan dídean.

## CLÁR CÓIRÍOCHTA DO THEAGHLAIGH AN LUCHT SIÚIL 2005 – 2008

I gclár Chomhairle Contae na Mí 5 bliana um Chóiríocht don Lucht Siúil déantar foráil do chlár cóiríochta cuimsitheach don Lucht Siúil ina bhfuil raon beart chomhtháite lena gcuid riachtanas chóiríochta a bhaint amach.

San áireamh sa chlár cóiríochta déanfar foráil go díreach do thithíocht Údaráis Áitiúil chaighdeánach, do chóiríocht atá dírithe ar an Lucht Siúil ar nós Grúpthithíochta, athchóirithe ar Pháirceanna Carbhán de réir mar a éilítear iad agus iasachtaí le tithe soghluaiste a athsholáthar.

Chuir Comhairle Contae na Mí a céad chlár 5 bliana um Chóiríocht don Lucht Siúil 2000-2004 i gcrích agus d'éirigh go hiontach leis agus an chuid is mó de na haidhmeanna agus cuspóirí bainte amach laistigh den cheithre bliana ar glacadh leis an gclár.
Beidh an sprioc sa dara clár atá ag rith ó 2005 go 2008 bainte amach faoi réir gníomhartha atá déanta roimh dheireadh 2007 sna réimsí leithdháiltí, aistrithe, ceannacháin tithe agus faduithe tí. Tabhair faoi deara gur baineadh amach nithe breise seachas mar a bhí leagtha amach sna spriocanna a bhí sna cláir lena n-áirítear cóiríocht a dhaingniú i gcóiríocht atá ar cíos go príobháideach.
Léirigh an comhaireamh bliantúil deiridh a rinneadh i mí na Samhna 2006 go bhfuil 192 teaghlach den Lucht Siúil a bhfuil cónaí orthu i gContae na Mí. D'aithin an chuid is mó de na hiarratasóirí a lorg cóiríocht ón gComhairle tithíocht chaighdeánach mar an príomhriachtanas a bhí acu.

Cuireadh an chuid is mó den athfhorbairt mhór ag Láithreán Stad Pháirc Naomh Pádraig don Lucht Siúil san Uaimh i gcrích le linn 2006, i ndiaidh comhairliúcháin fhairsing leis an lucht cónaithe. Cuireadh tús freisin leis an bPleanáil le Láithreán Stad Bhaile Átha Troim a uasghrádú i 2006.

## TITHÍOCHT INACMHAINNE

Cuireann Comhairle Contae na Mí tithe inacmhainne ar fáil tríd an Scéim Tithíochta Inacmhainne. Bunaíodh an tithíocht inacmhainne le cúnamh a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam, nach bhfuil in ann teach a cheannach ar an margadh oscailte.

Faoin scéim, díoltar tithe nua ar lascaine, a chiallaíonn go bhfuil na praghsanna i bhfad níos ísle ná na praghsanna réadmhaoine i gcoitinne. Má dhíolann tú an réadmhaoin laistigh de 20 bliain, íocann tú ar ais céatadán den phraghas díolta chuig an údarás áitiúil, ar a dtugtar aisghlámadh. Le bheith incháilithe le haghaidh tí inacmhainne ba chóir duit a bheith i do cheannaitheoir tí don chéad uair de ghnáth agus mar threoir ba chóir go mbeadh idir €25,000 agus €58,000 á thuilleamh agat má tá iarratas á chur isteach agat i d'aonair, agus suas go €75,000 má tá iarratas á chur isteach agat mar lánúin íocann tú ar ais céatadán den phraghas díolta chuig an údarás áitiúil, ar a dtugtar aisghlámadh. Le bheith incháilithe le haghaidh tí inacmhainne ba chóir duit a bheith i do cheannaitheoir tí don chéad uair de ghnáth agus mar threoir ba chóir go mbeadh idir €25,000 agus €58,000 á thuilleamh agat má tá iarratas á chur isteach agat i d'aonair, agus suas go €75,000 má tá iarratas á chur isteach agat mar lánúin between both of you with someone else.





SECTION 6

# SEIRBHÍSÍ INFREASTRUCHTÚRTHA

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Infreastruchtúr an Chontae a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh lena chinntiú go n-éascaíonn infheistíocht an infreastruchtúir forbairt fhisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Chontae.

## NA PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Infreastruchtúr is ea seirbhísí bóithre, seirbhísí uisce agus fuíolluisce sláintíocha d'Údaráis Áitiúla na Mí. Ní mór go gcomhlíonfadh an soláthar seo beartais um úsáid talún atá sa Phlean Forbartha agus na Treoracha Comhshaoil reatha.

# Bóithre

## Clár an Údaráis um Bóithre Náisiúnta do na Príomhbhóithre a thrasnaíonn an Mhí

### SEACHRÓD N2 CHILL DHÉAGLÁIN/ACOMHAL AN M50

D'oscail an débhealach i mí na Bealtaine 2006.

### ACOMHAL N3 AN BHARRA ÁIRSE, DÚN SEACHLAINN (N3 / R125)

Tá oibreacha ar siúl le tabhairt faoi mhóroibreacha acomhail

### M3 CLUAIN AODHA / MÓTARBHEALACH Ó THUAIDH Ó CHEANANNAS

Tá an clár seandálaíochta ag leanúint ar aghaidh. Tá fáil ar thalún ar siúl. Tá Eurolink le bheith ceaptha mar an conraitheoir PPP.

### BÓTHAR FAOISIMH NA HUAIMHE LAISTIGH CÉIM 2A

Tá na hoibreacha ar siúl le lánaí tráchta 2-bhealach a atógáil

### N51 BÓTHAR FAOISIMH NA HUAIMHE LAISTIGH CÉIM 2B (BÓTHAR CHEANANNAIS GO BÓTHAR BHAILE ÁTHA BUÍ)

Tógáil Ailíniú nua ag ceangal an N51 leis an N3. Ceapadh conraitheoir. Tá na hoibreacha ar siúl faoi láthair.

### MÓRLÁNA BUS AN N3 CÉIMEANNA 1 & 2

Cuireadh an chuid is mó de na hoibreacha i gcrích i 2006. Chomh maithe leis sin tá síniú agus líneáil lána bhus nua ag Bracetown, Cluain Aodha.

## Clár na n-oibreacha do Bhealaí Réigiúnacha

### R153 AN UAIMH GO DTÍ BAILE NA RÁTHA (ÁTH LUIMNIGH)

Atógáil 700 méadar de bhóthar réigiúnach. Ceapadh conraitheoir agus tá na hoibreacha ar siúl faoi láthair

### R158 BAILE ÁTHA TROIM/CNOC AN LÍNSIGH/CILL CHOCA CÉIM 2 (CNOC AN LÍNSIGH GO DTÍ CILL CHOCA)

Athailíniú tuairim is 10km de bhóthar réigiúnach.
Ceapadh conraitheoir agus tá na hoibreacha ar siúl faoi láthair

### R150 DAMHLIAG/BAILE IÚILIÁIN CÉIM 2-KILSHARVAN GO DTÍ BAILE IÚILIÁIN

Athailíniú tuairim is 4km de bhóthar réigiúnach.
Ceapadh conraitheoir agus tá na hoibreacha ar siúl faoi láthair

### R161 RATHNALLY GO DTÍ BALREASK OLD CÉIM 2 (I KM CRÍOCHNAITHE)

Athailíniú tuairim is 5km de bhóthar réigiúnach.
Ceapadh conraitheoir agus tá na hoibreacha ar siúl faoi láthair

### OIBREACHA COSÁIN AGUS OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN

Rinneadh oibreacha cosáin agus feabhsúcháin ag na láithreacha seo a leanas

- N1 Baile Iúiliáin
- N2 Acomhal Bhaile na Rátha
- N2 An Ráth go dtí Crickstown
- N3 Clowanstown
- N3 Cros an Rois
- N3 Sr. Eoin/Sr. an Chaisleáin
- N3 Crosaire an Iarnróid go dtí an Geata Nua, An Uaimh
- N52 Droichead Chearbhalláin

# Na Mórscéimeanna ag an gCéim Pleanála/Deartha

BHÍ NA SCÉIMEANNA BÓITHRE SEO A LEANAS AG AN GCÉIM PLEANÁLA/DEARTHA AG COMHAIRLE CONTAE NA MÍ I 2006

### N2 SEACHRÓD BHAILE SHLÁINE

Ag an gCéim Réamhdheartha & Ráiteas faoin Tionchar ar an gComhshaol á ullmhú

### N51 DUNMOE, ATHAILÍNIÚ NA HUAIMHE

### OIBREACHA BÓITHRE EILE ATÁ AR SIÚL FAOI LÁTHAIR

- Síopús / Dún Uabhair
- R154 Ceanannas / An Seanchaisleán (Baile Phádraig)

# Tionscadail Speisialta Infreastruchtúrtha

## NA MÓRSCÉIMEANNA A BHÍ AR SIÚL I 2006

### LÁTHAIR CONLÁISTE CATHARTHA CHEANANNAIS

CONRAITHEOIR – CLARKES QUARRIES LTD

Ionad athchúrsála a chur ar fáil a ghlacfaidh le raon leathan d'ábhair tí le hathchúrsáil agus le haisghabháil. Thosaigh an obair i mí Eanáir 2006. Costas iomlán an tionscadail is ea €1.2m. Tá an áis le hoscailt go luath i 2007.

### LEATHANBHEANDA RÉIGIÚNACH CHONTAE NA MÍ

CONRAITHEOIR – GERRY MCCLOSKEY CONTRACTS LTD

COSTAS MEASTA €11M

Líonra leathanbhanda a chur ar fáil i nDún Seachlainn, Dún Búinne/Cluain Aodha, Ceanannas, Baile Átha Troim & An Uaimh. Cinntíonn seo nasc idirlín 'casta air i gcónaí' a chuireann rochtain agus íoslódálácha ar ardluas ar fáil. Thosaigh an obair i mí Lúnasa 2006. Meastar go mbeidh an obair curtha i gcrích i mí Mheán Fómhair 2007

### OIBREACHA MAOLAITHE TUILTE ABHANN NA TULCHANN

Críochnaíodh na hOibreacha Maolaithe Tuilte ag Droichead Loch Salach agus ag Droichead Sheanbhóthar na hUaimhe, Dún Búinne.

### IONAD EALAÍON NA MÍ

Osclaíodh An Amharclann le 320 suíochán, Ionad Ealaíon & spás do Thaispeántais i mí Aibreáin 2006 ag costas tuairim is €13m.

# Seirbhísí Sláintíochta

Is é seo a leanas Clár Seirbhísí Sláintíochta Chomhairle Contae na Mí:

- Mórchlár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe

### STRAITÉISÍ

- Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005 – 2007 a chur i bhfeidhm
- Na tionscadail atá aitheanta i measúnú na Riachtanas Seirbhísí Uisce (2007-2013) ar ghlac Comhairle Contae na Mí leo i mí Iúil 2006 do na Cláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce sa todhchaí, a chur chun cinn
- An bealach a bhraithimid ar Údaráis Áitiúla eile le haghaidh seirbhísí uisce agus fuíolluisce a scrúdú agus a laghdú
- Áiseanna seirbhísí uisce atá ann faoi láthair a uasghrádú in áiteanna a bhfuil siad gann, d'fhonn na Rialacháin um Uisce Óil agus na Rialacháin/Treoracha um Fhuíolluisce Uirbeach a chomhlíonadh

## Scéimeanna a Críochnaíodh/ a bhí ar Siúl i 2006

### SCÉIM SÉARACHAIS BHAILE ÍOMHAIR

Críochnaíodh an chuid is mó de i 2006 ag costas measta de €7m

### SCÉIM SÉARACHAIS DHÚN SEACHLAINN

Mórscéim le freastal ar Dhún Seachlainn, Droim Rí, Dún Samhnaí, Cill Mheasáin, Caisleán Chiliain, Dowdstown agus Bellinter.
Críochnaíodh an chuid is mó de ag costas measta de €40m

### MALARTÚ PHRÍOMHLÍNE AC NA HUAIMHE CÉIM 2

Tá dul chun cinn mór déanta leis na hOibreacha agus tá i gceist iad a bheith críochnaithe i 2007 ag costas measta de €3.7m

### SOLÁTHAR UISCE CHNOC AN LÍNSIGH

Uasghrádú ar an soláthar uisce don sráidbhaile.
Críochnaíodh an chuid is mó de ag costas measta de €3.1m

### SCÉIM SÉARACHAIS KILTALE

Tá na hOibreacha ar siúl agus tá i gceist iad a bheith críochnaithe i 2007

### SCÉIM SÉARACHAIS CHILL CHLUAIN

Tá na hOibreacha ar siúl agus tá i gceist iad a bheith críochnaithe i 2007

## Scéimeanna ag an gCéim Pleanála/Deartha

Tá na Scéimeanna seo a leanas ag na céimeanna éagsúla den phleanáil:

### SCÉIMEANNA SOLÁTHAR UISCE

- Mórscéim Soláthar Uisce Dhún Seachlainn
- Scéim Soláthar Uisce Oirthear na Mí, Dhroichead Átha agus Dheisceart Lú
- Soláthar Uisce na hUaimhe agus Lár Chontae na Mí

### TIONSCADAL UM CHAOMHNÚ UISCE AR FUD AN CHONTAE

Costas measta €16.5m. An dáta críochnaithe measta is ea deireadh 2007

### SCÉIMEANNA SÉARACHAIS

- Scéim Séarachais an tSeanchaisleáin
- Scéim Séarachais Steach Maoilín/Bhaile Mhic Gormáin
- Dúbláil ardú na príomhlíne ón Scoil Ghramadaí go dtí Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha

Mórscéim Ghrúpáilte Fuíolluisce - Córais Chóireála do Dhamhliag, Cnoc an Línsigh, Cill Mhaighneann, Maigh nEalta, Dún Uabhair, Baile Átha Buí, Ráth Cairn agus Ráth Moliain faoin ngnás Dear Tóg agus Feidhmigh.

# Clár Uisce Tuaithe

**STRAITÉIS** Bearta faoin gClár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn caighdeán, iontaofacht agus éifeachtacht sholáthair uisce an lucht chónaithe tuaithe a fheabhsú.

Sa bhliain 2006 fuair an Chomhairle deontas leithdháilte de €1.604m faoin gClár Uisce Tuaithe atá briste síos mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Deontais Chaipitil (Grúpscéimeanna) | €625,000 |
| • Táthcheangal Grúpscéimeanna | €40,000 |
| • Scéimeanna Beaga Uisce & Séarachais | €750,000 |
| • Feabhsúcháin Líonra (Kiltale GWS) | €189,000 |

## SCÉIMEANNA BEAGA UISCE AGUS SÉARACHAIS

Sa bhliain 2006 bhí na Scéimeanna seo a leanas ag leanúint ar aghaidh ag céimeanna éagsúla:

- Soláthar Uisce Drumconrath
- Uasghrádú ar Sholáthar Uisce an Bhóthair Bhuí
- Soláthar Uisce Bhaile Íomhair
- Soláthar Uisce Eatramhach na hUaimhe
- Uasghrádú ar Scéim Séarachais Chill Dealga
- Stáisiúin Caidéalúcháin an Chaisleáin Duibh (An Uaimh)
- Feabhsúcháin Séarachais Bhaile Átha Troim
- Feabhsúcháin Ionaid Chóireála Shéarachais Cheanannais
- Tobar Táirgthe do Sholáthar Uisce Bhaile Átha Troim
- Scéim Soláthar Uisce Eatramhach Dhún Seachlainn
- Feabhsúcháin Ionaid Chóireála Shéarachais an tSeanchaisleáin
- Farganstown, Tollpholl na hUaimhe

## GRÚPSCÉIMEANNA

Bhí obair ar siúl ar na Scéimeanna seo a leanas:

- Grúpscéim Uisce Chill Chluain
- Grúpscéim Uisce Ráth Moliain
- Ardglassan, Grúpscéim Uisce Crossakiel

## BHÍ NA GRÚPSCÉIMEANNA SEO A LEANAS AG AN GCÉIM PLEANÁLA:

- Scéim Uisce Realtogue/Mooretown Céim 1
- Gilbertstown, Scéim Uisce Mhaigh Dearmhaí
- Clonmagadden, An Uaimh, Scéim Séarachais
- Seanbhóthar Smithstown, Scéim Séarachais Bhaile Iúiláin
- Bóthar na hInse, Scéim Séarachais Bhaile Iúiliáin

Tá comhairleoirí ceaptha le líonra dáilte Ghrúpscéim Kiltale atá ann faoi láthair a scrúdú.

# RANNÓG NA GCÓRAS FAISNÉISE

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

"Úsáid a bhaint as buanna ár bhfoirne agus scileanna eagraíochtaí deonacha le teicneolaíocht faisnéise a chur ar fáil a chuideoidh le gach rannóg comhairle lena gcuid aidhmeanna a bhaint amach."

An teicneolaíocht agus na dea-chleachtais a chur i bhfeidhm d'fhonn na seirbhísí a chuirimid ar fáil a bheith éifeachtach, inrochtana, agus freagrúil don fhoireann agus do chustaiméirí Údaráis Áitiúla na Mí.

# Rannóg na gCóras Faisnéise

## Spriocanna agus Gníomhartha

Ár n-infreastruchtúr ríomhaireachta agus teileachumarsáide a uasghrádú agus a fheabhsú d'fhonn timpeallacht TF iontaofa, fhreagrúil, le fáil mór uirthi, slán, agus inscálaithe d'fheidhmeanna gnó na comhairle.

### LÍONRA GAN SREANG

Mar chuid de bhunú Oifigí nua na Cathrach i gCeanannas, chuireamar líonra ardtoillte gan sreang i bhfeidhm idir an Uaimh agus Ceanannas, a chuireann glúin nua de sholáthar seirbhísí ar fáil. Le hathnuachan iomlán teicneolaíochta do Cheanannas chuireamar teileafónaíocht Prótacail Idirlín don Ghuthú (VoIP) i bhfeidhm a sholáthróidh bunús nua le haghaidh straitéise cumarsáide nua.

### RÍOMHPHOST

Cuireadh córas cartlainne ríomhphoist i bhfeidhm, d'fhonn bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an bhfás ollmhór sa chainéal cumarsáide seo. Leis an stóráil chartlainne seo beifear in ann an córas ríomhphost a uasghrádú le linn 2007.

### CITRIX

Rinneadh uasghrádú ar ár dtimpeallacht cianrochtana le hathléimneacht curtha isteach, ag cur seirbhíse níos iontaofa ar fáil d'ár gcuid úsáideoirí cianda.

### UASGHRÁDUITHE FREASTALAÍ

Cuireadh ocht bhfreastalaí nua isteach d'fhonn na riachtanais fheidhmíochta a chomhlíonadh agus le seirbhís atá níos iontaofa a chur ar fáil.

## Spriocanna agus Gníomhartha

Na dea-chleachtais sna réimsí TF de bhainistiú tionscadal agus bainistiú seirbhísí a chur i bhfeidhm d'fhonn soláthar córais, oibríochtaí agus tacaíocht TF ardcháilíochta, chost-éifeachtúlachta agus shláin a chinntiú.

### BAINISTIÚ SÓCMHAINNÍ

Le córas bainistithe shócmhainní curtha i bhfeidhm go luath i 2006 tugtar léargas dúinn de na sócmhainní ríomhaireachta ar fad san eagraíocht, a ligeann dúinn fadhbanna a réiteach, straitéisí athsholáthair a shainiú, agus comhlíonadh ceadúnas a chinntiú.

### CÓRAS MONATÓIREACHTA LÍONRA

Chuireamar córas monatóireachta líonra i bhfeidhm a bhailíonn faisnéis ar an trácht líonra ar fud na heagraíochta. Leis seo táimid in ann gníomhú go mear ar bhristeacha líonra agus na cúiseanna a rianú, ach chomh maith leis sin táimid in ann na treochtaí in úsáid an líonra, an cineál tráchta agus na feidhmchláir atá ag giniúint an tráchta, a thuiscint.

### OILIÚINT I mBAINISTIÚ TIONSCADAL

Leis an dea-chleachtas a chur chun cinn i mbainistiú tionscadal inár gcuid oibre chuireamar tús le conradh oiliúna a dhéanamh le saineolaithe i mbainistiú tionscadal. Leis seo tá ár bhfoireann in ann tabhairt faoi chúrsaí bainistithe thionscadal éagsúla.

## Spriocanna agus Gníomhartha

Taighde a dhéanamh agus, nuair is gá, feidhmchláir ghnó TF a chur i bhfeidhm do rannóga comhairle d'fhonn faisnéis a roinnt, seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus cost-éifeachtach a gcuid oibríochtaí a fheabhsú.

Cuireadh córais ghnó éagsúla i bhfeidhm nó feabhsaíodh iad le linn 2006. Iad siúd a bhí san áireamh ná:

### HOME

Tugann an córas seo tacaíocht do na próisis a dhéileálann le hiarratais tithíochta. Fuair an rannóg tithíochta córas nua freisin leis an gcóiríocht ar cíos a bhainistiú.

### AGRESSO 5.4

Rinneadh uasghrádú suntasach ar an gcóras Bainistithe Airgeadais.

### AD AR LÍNE

Forbraíodh agus cuireadh modúil bhreise dár gcóras bainistithe AD i bhfeidhm. Idir an dá linn ghlacamar páirt i sainiú na riachtanas le haghaidh córais náisiúnta AD a cuireadh amach chun tairisceana go déanach i 2006.

### MAPROAD

Faigheann an córas seo faisnéis maidir leis na bóithre agus sócmhainní cholbha an chosáin le pleanáil, tosaíochtaí agus oibríochtaí a éascú.

### SUIRBHÉ AR DHRAENÁIL NA HUAIMHE

D'oibríomar le Comhairle Baile na hUaimhe le bunachar sonraí bunaithe ar léarscáil de mhionfhaisnéis ar an draenáil a chruthú.

### RIALÚ NA NOIBREACHA AR LÍNE

Forbraíodh an córas seo le bainistiú agus rialú a dhéanamh ar an bhfeidhmchlár le ceadúnais le bóithre a oscailt a phróiseáil.

Thacaíomar go láidir freisin le foireann an chláir thoghthóirí, agus chuireamar níos mó ná 3,000 léarscáil saincheaptha ar fáil.

## Spriocanna agus Gníomhartha

Na córais táirgeachta atá ann cheana féin a choimeád agus tacú leo go honnghníomhach d'fhonn go laghdófaí an t-idirbhriseadh sreafa oibre ghnó lenár gcustaiméirí.

Chomh maith leis na huasghráduithe ar na freastalaithe, rinneadh feabhsúcháin leanúnacha ar chomhpháirteanna agus naisc líonra. Roghnaíodh agus cuireadh córas nua frithvíreas i bhfeidhm ar na freastalaithe uile ar dtús. Cuirfear ar na ríomhairí pearsanta uile é le linn 2007.

Dhéileáil na rannóga éagsúla laistigh de Rannóg na gCóras Faisnéise le 6,779 iarratas i rith na bliana, agus baineadh feidhm as 194 ríomhaire pearsanta nua.

## Spriocanna agus Gníomhartha

Leanúint leis an inúsáidteacht fhaisnéise agus na seirbhísí ar líne a fheabhsú agus a leathnú trí shuíomhanna Gréasáin an idirlín, an inlín agus an eislín.

I 2006 rinneadh ollchóiriú ar ár suíomhanna Gréasáin idirlín agus inlín bunaithe ar Chóras Bainistíochta Inneachair a chuireann rialú ar a gcuid inneachair féin ar fáil do ghnólachtaí. Dhíríomar ar eChuimsiú ar www.meath.ie a ndearnadh athnuachan air go hiomlán, ag cur faisnéise agus seirbhísí ar fáil, chomh maith leis an suíomh Gréasáin a bheith inrochtana. Tá úsáideoirí faoi mhíchumas in ann tascanna a dhéanamh a bheadh deacair murach sin, agus tugtar aird ar riachtanais úsáideoirí lagamhairc, d'úsáideoirí le míchumas luaile, le disléicse, i measc rudaí eile. Bronnadh gradaim éagsúla ar na suíomhanna Gréasáin, lena n-áirítear an tInlíon is fearr ag Dámhachtainí Ríomhsheirbhísí an Rialtais den Public Sector Times. Bronnadh an gradam 'Nuálaí na Bliana' ar ár stiúrthóir gréasáin Deirdre Sharrock ag na Dámhachtainí Eircom 'Nuálaíocht trí Theicneolaíocht' (Innovation Through Technology).

# PLEANÁIL & FORBAIRT GHEILLEAGRACH

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Córas pleanála fhisiciúil a fheidhmiú laistigh de ghréasáin lonnaíochtaí inbhuanaithe a éascaíonn agus a sholáthraíonn spreagadh d'fhorbairt eacnamúil i gContae na Mí, agus an t-am ar fad ag cosaint na timpeallachta nádúrtha agus tógtha sa Chontae.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍACHTAÍ

Tá an Roinn Pleanála freagrach as feidhmiú na bhforálacha den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000-2006 agus de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2007 a chur i bhfeidhm. Faoi seo clúdaítear na nithe seo a leanas:

- Polasaí do phleanáil fhisiciúil a dhéanamh
- Ullmhú agus athbhreithniú de Phleananna Forbartha/ Pleananna Ceantair Áitiúil
- Iarratais ar chead pleanála a mheas
- Rialú ar fhorbairt agus forfheidhmiú ar reachtaíocht pleanála.
- Comhairle a thabhairt ar chúrsaí pleanála don phobal agus do Ranna eile sa Chomhairle
- Forbairt tionscail agus forbairtí eile sa Chontae a chur chun cinn
- Gníomhaíochtaí geilleagracha agus turasóireachta a chur chun cinn

# Iarratais Pleanála

**STRAITÉIS Seirbhís ar ardchaighdeán, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil trí fhoireann atá oilte agus inspreagtha, ag baint úsáid as na pacáistí Teicneolaíochta Faisnéise comhtháite is mó suas chun dáta.**

Comhlíonann ár séirbhís an dualgas reachtúil maidir le cinneadh a dhéanamh ar gach iarratas pleanála ag cloí go docht le riachtanais reachtúla agus amscálaí ar leith, agus an t-am ar fad ag féachaint do na prionsabail maidir le forbairt inbhuanaithe agus an pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa cheantar.

## STAITISTICÍ

Sa bhliain 2006 fuair Comhairle Contae na Mí agus na trí Chomhairle Baile, an Uaimh, Ceanannas agus Baile Átha Troim, 3,130 iarratas pleanála san iomlán.

Bhí na rátaí ceadaithe do gach iarratas ar tugadh cinneadh faoi i 2006 thart ar 72% ar an meán tugadh cinneadh ar 69% de na hiarratais ar fad laistigh den tréimhse reachtúil ocht seachtaine gan gá le tuilleadh eolais.

Le linn 2006 tugadh cinneadh maidir le 1,076 iarratas pleanála do thithe aonair tuaithe faoin tuath agus do 372 forbairtí tithíochta.

Bhí Ráitis Thionchar Chomhshaoil in éineacht le 19 n-iarratas pleanála a fuarthas le linn 2006.

I gcásanna inar ndearnadh achomharc chuig an mBord Pleanála ar chinntí an Údaráis Phleanála dhearbhaigh an Bord cinntí na Comhairle i 69% de chásanna, agus chuir sé cinntí ar ceal i 31% de chásanna.

D'fhan na hOifigí Pleanála san Uaimh, i nDún Seachlainn, i mBaile Átha Troim, sa Cheanannas agus i nDamhliag oscailte don Phobal ar 30.35 uair ar an meán in aghaidh na seachtaine.

## ATHRÚ EAGRAÍOCHTÚIL

Thug an rannóg pleanála faoi shraith tograí le linn 2006 a dhírigh ar phróisis oibre níos fearr a éascú, rátaí coinneála foirne a fheabhsú agus soláthar seirbhísí atá suas chun dáta.

### SAN ÁIREAMH SNA TOGRAÍ BHÍ:

- Athbhreithniú ar struchtúr foirne na bpleanálaithe gairmiúla
- Athchóiriú fostaíochta le bunachar faisnéise na bpleanálaithe a fheabhsú trína réimse freagrachta a leathnú amach
- Soláthar Seirbhíse Cartlainne Tiomnaithe le haghaidh comhad phleanála stairiúla
- Ullmhúcháin leis an rannóg Rialaithe Tógála a aistriú chuig sainchúram an Phríomh-oifigigh Dóiteáin
- Ceanncheathrú Pleanála chorparáideach nua a aithint agus a dhearadh ag an Abbey Mall san Uaimh
- Plean Rannach a ullmhú leis na héilimh CBFG requirements

## PRÓIFÍL STAITISTICÍ DE NA HIARRATAIS PLEANÁLA A FUARTHAS

| An Rannán Forbartha | Na hIarratais a fuarthas le linn 2005 | Na hIarratais a fuarthas le linn 2006 | + /- difríocht | Dálaí Rannpháirteacha |
|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht | 90 | 386 | +428% | De bharr an Scéim um Bainistiú Dramhaíola Feirme a bheith ar fáil |
| Tráchtáil | 427 | 353 | -17.5% | Laghdú i bhforbairtí miondíola nua. |
| Tionscal Eastóscach | 68 | 19 | -72% | Méadú i bhforbairtí nua le linn 2006. (Clárúcháin Chairéil i 2005 amháin) |
| Tionsclaíoch | 64 | 72 | +13% | Méadú i bhforbairtí tionsclaíocha éadroma |
| Cónaitheach | 2400 | 2582 | +8% | Laghdú in Árasáin agus méadú in eastáit TithíochtaAonuaire |
| Aonuaire (san áireamh thuas) | (1249) | (1383) | (+10%) | Gníomhaíocht mhéadaithe |
| Pobal | 124 | 117 | -5% | Coinnithe ag na leibhéil a bhí ann roimhe |
| Ilchineálach | 127 | 117 | -5% | Coinnithe ag na leibhéil a bhí ann roimhe |
| Ceadúnas Imeachtaí | 1 | 1 | - | Gan aon athrú |
| Iarratais Ilghnéitheacha | 90 | 93 | +3% | Teastais díolúintí etcol Coinnithe ag na leibhéil a bhí ann roimhe |
| **Iomlán** | 3391 | 3740 | +10% | **Méadú suntasach san ualach oibre** |

## SAN ÁIREAMH SNA MÓRIARRATAIS PLEANÁLA A FUARTHAS NÓ A NDEARNADH CINNTÍ ORTHU LE LINN 2006 TÁ

- Forbairt Lárionaid Bhaile i mBaile Átha Troim
- Fairsingiú/ forbairt oibríochtaí Tráchtála i dtionscal mór cairéil/ eastósach
- Áis nua Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Troim
- Ionad na gCuairteoirí ag láthair Chath na Bóinne
- Lárionad Gnó mór i gCill Bhríde.
- Forbairtí móra Tithíochta i nDroichead Átha agus i nDomhnach Cearna
- Forbairt ilchineálach i mBaile Átha Troim
- Áiseanna um Bainistiú Dramhaíola in Knockharley agus in Carranstown
- Campas mór oifige/ ollstórála ag Pace Dún Búinne

# Pleananna Forbartha

**STRAITÉIS** Athbhreithniú agus Ullmhúchán a dhéanamh ar na Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil & Pleananna Limistéir Gníomhaíochta ar fad chomh maith le doiciméid reachtúla eile de réir na bprionsabal maidir le forbairt inbhuanaithe.

## ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN FORBARTHA CHONTAE NA MÍ

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2006 leis an ullmhúchán ar Phlean Forbartha an Chontae 2007-2013. I ndiaidh an Páipéar ar Shaincheisteanna Straitéiseacha a fhoilsiú i 2005 rinne comhaltaí Chomhairle Contae na Mí Dréachtphlean Forbartha an Chontae a fhormheas a foilsíodh ar 29 Meitheamh 2006. Fuarthas 541 aighneacht faoi dheireadh na tréimhse taispeántais ar 8 Meán Fómhair 2006.

I nDréachtphlean Forbartha an Chontae bhí cuspóirí forbartha straitéiseacha ann don Chontae agus in éineacht leo bhí Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, moltaí do shainiú na Limistéar Caomhantais Ailtireachta ar fud an Chontae, Measúnú ar Thréithe Tírdhreacha den Chontae agus Straitéis Tithíochta don Chontae. Coinníodh an Ráiteas Scríofa reatha agus na Mionchuspóirí do Bhailte agus do Shráidbhailte lena n-áirítear leabhair léarscáileanna i bPlean Forbartha an Chontae 2001 i bhfeidhm, go dtí go n-ullmhaítear agus go nglactar leis na Pleananna Ceantair Áitiúil aonair do na lárionaid seo.

Cuireadh tuarascáil an Bhainisteora ar an haighneachtaí os comhair chomhaltaí tofa Chomhairle Contae na Mí ar 4 Nollaig 2006 agus mar thoradh air éascaíodh cruinnithe éagsúla d'fhonn an tuarascáil sin a mheas agus sular foilsíodh na leasuithe ar an mbundréacht.

Bhí straitéis lonnaíochta don Chontae i nDréachtphlean Forbartha an Chontae. Rinne an straitéis measúnú ar mhéid na dtailte criosaithe neamhfhorbartha atá ann faoi láthair, ar pholasaí réigiúnach agus náisiúnta, ceadaíodh forbairtí agus riachtanais forbartha amach anseo de 39 ionad lonnaíochta ar fud an Chontae. Ullmhófar pleananna Ceantair Áitiúil do gach ceann de na lárionaid seo agus ullmhófar iad laistigh de dhá bhliain de Phlean Forbartha an Chontae agus tá siad mar ábhar de phróiseas ar leith.

Tá Pleananna Forbartha i bhfeidhm sna Comhairlí Baile san Uaimh (ceadaithe i mí na Samhna 2003), i gCeanannas (ceadaithe i mí Dheireadh Fómhair 2001) agus i mBaile Átha Troim (ceadaithe i mí an Mhárta 2002). Thosaigh an próseas athbhreithnithe do Phlean Cheanannais i 2005 nuair a foilsíodh Páipéar Comhairliúcháin maidir le Saincheisteanna Straitéiseacha. Cuireadh an obair ullmhúcháin ar an Dréachtphlean Forbartha do Cheanannas i gcrích go déanach i 2006 agus tá sé le bheith foilsithe go luath i 2007.

## PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL (LAPS)

Féadfaidh údárás pleanála Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do cheantar ar bith ina limistéar feidhme. Ní mór pleananna a chur le chéile do cheantair le daonra de 2,000 agus beidh Plean Ceantair Áitiúil i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Fhorbartha. Is éard atá i gceist ná ráiteas scríofa agus plean cuspóirí. Agus cinneadh pleanála á dhéanamh, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála agus An Bord Pleanála aird ar na forálacha den LAP don cheantar sin.

Cheadaigh Comhairle Contae na Mí Pleananna Ceantair Áitiúil le haghaidh Tailte thoir ón Líne Iarnróid i nDún Búinne agus le haghaidh ceantair dar teideal Kells Backlands le linn 2006. Rinneadh dul chun cinn freisin agus líon LAPanna á n-ullmhú do cheantair straitéiseacha laistigh den Uaimh, atá le foilsiú i 2007.

# FORFHEIDHMIÚ AN RIALACHÁIN PHLEANÁLA

**STRAITÉIS** Lánúsáid a bhaint as sceideal docht na bhforálacha forfheidhmithe den Acht Pleanála 2000, lena chinntiú go gcoinnítear sláine an chórais phleanála agus go ndéantar an gníomh forfheidhmithe cuí i gcoinne na ndaoine a dtugann faoi fhorbairt neamhúdaraithe.

Leanann an t-éileamh le haghaidh acmhainní ag fás sa réimse seo. I ndiaidh athstruchtúrú na Rannóige Pleanála cuireann an fhoireann pleanála ghairmiúil ar fad céatadán dá cuid ama ar leataobh anois le haghaidh ceisteanna a bhaineann le forfheidhmiú. San áireamh sna réimsí oibre tá deimhniú um chomhlíonadh le coinníollacha cead pleanála, imscrúdú ar fhorbairtí neamhúdaraithe agus comhairle ar an bhfoireann fhorfheidhmithe maidir le fiosrúcháin a bhaineann le cúrsaí pleanála i gcoitinne. Rinneadh dul chun cinn freisin in imlonnú foirne teicniúla breise chuig an rannán seo. Le linn 2006, fuair Comhairle Contae na Mí 392 gearán san iomlán agus i ndiaidh an imscrúdaithe eisíodh 242 litir rabhaidh ina iomlán agus 80 Fógra Forfheidhmithe. Fuarthas go raibh gá le tús a chur le himeachtaí Cúirte i leith 6 chás le linn 2006.

# SEIRBHÍSÍ RÉAMHPHLEANÁLA AGUS COMHAIRLEACHA

**STRAITÉIS** Comhairle a chur ar an bpobal agus ar chomhlachtaí eile maidir le ceisteanna pleanála, chomh maith le leanúint leis na clinicí réamhphleanála ag leibhéal ceantair maidir le tithíocht aonuaire nó d'fhaduithe tí.

Tá an tionscnamh seo ag díriú ar chaighdeán iarratais phleanála amach anseo a fheabhsú, agus nuair is féidir seachnófar an gá atá ann le tuilleadh eolais a fháil agus i gcásanna áirithe laghdófar an costas ar iarratas a cheaptar a bheith gan toradh.

Le linn 2006 chuir na hoifigigh níos mó ná 1,600 clinic réamhphleanála ar siúl maidir le forbairt beartaithe, lena n-áirítear forbairtí móra cónaithe, tráchtála, tionscail agus miondíola.

Le ceapachán foirne breise ag na gráid Pleanálaí Shinsir agus Oifigigh Phleanála Shinsir le linn 2006 feabhsaíodh go mór inniúlacht na rannóige maidir le riachtanais réamhphleanála seirbhíse den earnáil tráchtála agus tionsclaíoch. D'éascaigh an Chomhairle 700 cruinniú réamhphleanála cónaitheacha aonuaire agus 900 cruinniú réamhphleanála tráchtála / d'fhorbairtí níos mó le linn 2006.

## CAOMHNÚ

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae na Mí oidhreacht luachmhar an Chontae a chosaint agus caomhnú na bhfoirgneamh agus na ndéanmhas a dhaingniú a dtugtar sainmhíniú orthu mar Dhéanmhais Chosanta san Acht Rialtais Áitiúil um Phleanáil agus Fhorbairt 2000.

Cuireann an tOifigeach Caomhnaithe, atá fostaithe ar bhonn comhroinnte le Comhairle Contae Lú, comhairle phroifisiúnta ar úinéirí ar dhéanmhais chosanta maidir le saincheisteanna caomhnaithe agus déanann sé bainistiú ar an Scéim Deontais Chaomhnaithe Náisiúnta, a thugann cuidiú d'oibreacha caomhnaithe cuí do dhéanmhais incháilithe. D'fhoilsigh an Chomhairle an scéim tosaíochtaí atá beartaithe aici le cinneadh a dhéanamh ar iarratais phleanála le haghaidh deontais i gcabhair faoin scéim seo i mí na Nollag 2006. Bronnadh 178,000 Euro le haghaidh 18 tionscadal incháilithe le linn 2006.

# RIALACHÁIN TÓGÁLA

**STRAITÉIS** Forfheidhmiú na Rialachán Tógála a chinntiú le dea-chleachtas i ndearadh agus i dtógáil foirgneamh a chinntiú mar thairbhe do shláinte, shábháilteacht agus leas na ndaoine a bhaineann úsáid as foirgnimh.

### IMSCRÚDÚ FOIRGNEAMH

Bhain Comhairle Contae na Mí ráta imscrúdaithe de níos mó ná 65 % d'fhoirgnimh nua le linn 2006. Cé go raibh an ghníomhaíocht níos ísle ná mar a baineadh amach i 2005 bhí sí fós thar an ráta imscrúdaithe de 12-15% d'fhoirgnimh. Leis an gClár um Athrú na Seirbhísí Dóiteáin cuireadh tús le hatheagrú na bhfeidhmeanna Seirbhísí Dóiteáin, Rialacháin Tógála agus Cosanta Sibhialta. Thosaigh an obair ullmhúcháin ar aistriú fheidhm an Rialacháin Tógála chuig sainchúram an Phríomh-oifigigh Dóiteáin. Leis seo beidh comhordú níos fearr d'imscrúduithe agus idirghníomhaíocht le struchtúr breise idir na feidhmeanna rialála comhchosúla seo.

# TOWN COUNCILS

## COMHAIRLE BHAILE ÁTHA TROIM



**Ainm** An comhairleoir Ray Butler
**Polaitíocht** Fine Gael
**Seoladh** 7 Swift Court, Baile Átha Troim, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 086 101 2088
**Ríomhphost** rbutler@members.trimtc.ie



**Ainm** An comhairleoir Phillip Cantwell
**Polaitíocht** Neamh - Pháirtí
**Seoladh** Villa Maria, Manorland, Baile Átha Troim, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 046 9431515 / 087 2880288
**Ríomhphost** pcantwell@members.meathcoco.ie



**Ainm** An comhairleoir Trevor Golden
**Polaitíocht** Church Lane, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
**Seoladh** Neamh - Pháirtí
**Uimhir Fóin** 086 8447420
**Ríomhphost** tgolden@members.trimtc.ie



**Ainm** An comhairleoir Robbie Griffith
**Polaitíocht** Neamh - Pháirtí
**Seoladh** The Bungalows, Blackfriary, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 086 609 4390
**Ríomhphost** rgriffith@members.trimtc.ie



**Ainm** An comhairleoir Vincent Mc Hugh
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** St John's, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 087 0506414
**Ríomhphost** vmchugh@members.trimtc.ie



**Ainm** An comhairleoir Caroline Ni Loinsigh
**Polaitíocht** Sinn Fein
**Seoladh** 135 Kirwin Avenue, Baile Átha Troim, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 046 906110
**Ríomhphost** cniloinsigh@members.trimtc.ie



**Ainm** An comhairleoir Danny O' Brien
**Polaitíocht** Lucht Oibre
**Seoladh** 74 Eldergrove, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 087 2875293
**Ríomhphost** dobrien@members.trimtc.ie



**Ainm** Jimmy Peppard
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Manorlands Close, Manorlands, Baile Átha Troim, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 086 0600500
**Ríomhphost** jpeppard@members.trimtc.ie



**Ainm** Gerry Reilly
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Teaguestown House, Effernock, Baile Átha Troim, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 087 2402386
**Ríomhphost** greilly@members.trimtc.ie

# COMHAIRLE BAILE ÁTHA TROIM

Is é Comhairle Baile Bhaile Átha Troim an t-údarás áitiúil do cheantar uirbeach Bhaile Átha Troim. Tá sí comhdhéanta de naonúr comhaltaí tofa a thoghtar ar feadh tréimhse cúig bliana. Is iad seo a leanas comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Troim:- An Comhairleoir Danny O'Brien – Cathaoirleach, An Comhairleoir Ray Butler - Leaschathaoirleach, An Comhairleoir Philip Cantwell, Robbie Griffith, Trevor Golden, Vincent McHugh, Margaret McGivern, Danny O'Brien, Jimmy Peppard and Gerry Reilly. Is í Comhairle Baile Bhaile Átha Troim príomhsholáthraí seirbhísí Bhaile Átha Troim atá ag leathnú amach agus déanann sí foráil freisin d'fhóram daonlathach agus ionadaíoch do mhuintir Bhaile Átha Troim.

Is é baile Bhaile Átha Troim ceann de na bailte oidhreachta is cáiliúla in Éirinn agus toisc go bhfuil i gceist go méadóidh an daonra níos mó ná trí huaire ó 4,000 ag tús na mílaoise go 15,000 faoi 2010 tá forbairt inbhuanaithe déanta ag an bpobal a chinntíonn gur pobal atá ag maireachtáil atá i gceist sa bhaile agus go mbeidh sé mar sin sa todhchaí.

Tá oidhreacht an-saibhir de láithreáin seandálaíochta ag Baile Átha Troim le níos mó láithreáin mheánaoiseacha ann ná in aon bhaile eile in Éirinn. Lena thaitneamhachtaí nádúrtha, toisc go bhfuil sé suite in áit chiúin ar abhainn na Bóinne tá an-tóir ar Bhaile Átha Troim mar áit le maireachtáil ann. Níor tharla an tuiscint domhain seo dár n-oidhreacht agus dár dtaitneamhachtaí nádúrtha go dtí an dara leath den fhichiú haois. Tá dul chun cinn sármhaith déanta leis an tírdhreach a fheabhsú agus le taitheamhachtaí a sholáthar ina bhfuil feasacht ann don chomhshaol tógtha agus nádúrtha.

Le linn 2006 cuireadh tús leis an gClár um Atógáil agus Athchóiriú na mbóithre agus na gcosán. Thosaigh obair ar Shráid an Chaisleáin agus ar bhóthar ceangail nua ó Shráid an Chaisleáin go Sráid Emmet. Tá oibreacha eile ag na céimeanna deiridh den phleanáil agus dearadh. Leanfaidh an clár seo ar aghaidh i 2007.


D'éirigh go maith le Baile Átha Troim arís i gComórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus d'éirigh leis "Stádas Saor ó Bhruscar" a bhaint amach sa Léig IBAL in Aghaidh an Bhruscair.

Tá pleananna á ndéanamh le haghaidh siúlbhealaigh ag na Páirceanna Porch ó Dhroichead na Mílaoise go dtí an Spuaic Bhuí.

Tá na pleananna le hIonad Spórt agus Áineasa a thógáil i lár 2007 ag na céimeanna deiridh.

Le linn 2006 rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar phleananna le hIonad Lár Bhaile nua a thógáil do Bhaile Átha Troim ina mbeidh dílárú Cheanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí go Baile Átha Troim san áireamh maraon le hionad nua siopadóireachta agus forbairt chónaithe.

# COMHAIRLE BHAILE NA hUAIMHE



**Ainm** An comhairleoir Andy Brennan
**Polaitíocht** Neamh - Pháirtí
**Seoladh** 3 Parnell Park, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 046 9022253
**Ríomhphost** Abrennan@members.navantc.ie



**Ainm** An comhairleoir Shane Cassells
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** 8 Moatlands Drive, An Uaimh, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 086 3399198
**Ríomhphost** scassells@members.meathcoco.ie



**Ainm** An comhairleoir John Duffy
**Polaitíocht** Fine Gael
**Seoladh** Balreask Old, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin**
**Ríomhphost** Jduffy@members.navantc.ie



**Ainm** An comhairleoir Padraig Fitzsimons
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Rathdaldron, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 086 8238636
**Ríomhphost** pfitzsimons@members.navantc.ie




**Ainm** An comhairleoir Anne Gibney
**Polaitíocht** Sinn Fein
**Seoladh** 8 Claremount Estate, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin**
**Ríomhphost** agibney@members.navantc.ie



**Ainm** An comhairleoir Jim Holloway
**Polaitíocht** Fine Gael
**Seoladh** Farganstown, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 086 2355236
**Ríomhphost** jholloway@members.meathcoco.ie



**Ainm** An comhairleoir Christopher Reilly
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 087 7736545
**Ríomhphost** creilly@members.navantc.ie



**Ainm** An comhairleoir Tommy Reilly
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 087 2786945
**Ríomhphost** treilly@members.navantc.ie

Tá fás ollmhór tagtha ar bhaile na hUaimhe le blianta beaga anuas agus tá dúshlán mór roimpi tabhairt faoi na héilimh atá ann dá bharr. Beidh an fás amach anseo ag brath ar na polasaithe atá i bPlean Forbartha na hUaimhe 2003- 2009. Tá Forbairt Gheilleagrach ár mbaile ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh an fás seo inchothaithe.

## NA MÓRTHIONSCADAIL

Tá líon mór tionscadal ar siúl a chuirfidh go mór le forbairt an bhaile agus a fheabhsóidh cáilíocht na beatha don lucht cónaithe agus do chuairteoirí agus iad curtha i gcrích. Tá na tionscadail ag céimeanna éagsúla forbartha agus príomhchuspóir atá ag an gComhairle i 2007 ná lena chinntiú go leanfaidh na tionscadail seo ar aghaidh chuig na céimeanna deiridh.

Fógraíodh iarratais le haghaidh tairiscintí don Spás Cathartha ar Bhóthar Uí Chinnéide i 2006 agus bhí na hoibreacha foirgníochta le tosú i 2007. Ag leanúint le feabhas a chur ar na láithreacha i lár an bhaile, déanfar dul chun cinn ar phlean na Comhairle le Cearnóg an Mhargaidh a athfhorbairt sa bhliain atá ag teacht agus beidh na pleananna fógartha faoi Chuid 8 den Acht um Pleanáil agus Forbairt. Tá an tionscadal seo ríthábhachtach le feidhm lár an bhaile a choimeád agus a chur chun cinn mar cheantar ceannasach tráchtála agus miondíola na hUaimhe. Rinneadh oibreacha ar struchtúr Scoil Chlasaiceach Naomh Pádraig i 2006. Is mórdhúshlán é don Chomhairle seo tabhairt faoin Pháirc Baile nua de 66 acra, tá sé ríthábhachach go huasmhéadaíonn an Chomhairle an maoiniú lena chinntiú go gcuirtear an áis seo atá go mór de dhíth i gcrích.

Osclaíodh an tIonad Ealaíon 'Solstice' i 2006 agus tá liosta leathan agus éagsúil d'imeachtaí ar fáil do lucht cónaithe an Bhaile agus an Chontae i gcoitinne.

## AN CLÁR OIBREACHA BÓITHRE

I mbliana cuireadh feabhsúcháin éagsúla ar fud an Bhaile i gcrích. Cosán agus spásanna pairceála ag Ardán Finnian, Trasrian Coisithe ó Scoil Náisiúnta Naomh Áine go dtí Faiche an Aonaigh, cosáin agus rampa ag Eastáit Tithíochta 'Woodlands', rampaí agus córas tráchta aontreo os comhair Bhailtíní Naomh Bríde, rampaí ag Bailtíní Mhic Diarmada/Páirc Pharnell agus ag Bailtíní Benildus, dromchlú bóithre ag Bóthar an Charráiste ag deireadh Ascaill Uí Chonghaile, Plás Dean Cogan, Corrán Abbeylands agus Corrán Flowerhill agus athchóiriú an lána ar gcúl ag Corrán Emmet agus chuir siad seo go mór le feabhsú an Bhaile.

Tá an obair ar athchóiriú Bhóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe Céim 2A idir 'Round O' agus Bóthar Cheanannais ar siúl go leanúnach agus tá i gceist é a bheith críochnaithe i 2007.

Tá obair leanúnach ar siúl ar Bhóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe 2B a thógáil idir Bóthar Cheanannais agus Bóthar Bhaile Átha Buí.

Cuireadh Céim 2 den scéim athsholáthair Phríomhphíobáin Uisce AC i gcrích i 2006. San áireamh bhí athsholáthar na bPríomhphíobán AC ar Rae Cannon, Sráid an Iarnróid, Bóthar Cheanannais, Bóthar Bhaile Átha Troim, Bóthar an Charráiste, Bóthar na Bóinne agus Bóthar Áth Luimnigh.

Cuireadh críoch leis an leathanbhanda a chur isteach i 2006 agus beidh sé seo mar thairbhe mhór do ghnólachtaí agus do lucht cónaithe an bhaile agus beidh sé mar thairbhe mhór freisin agus gnó agus fiontair thráchtála amach anseo a mhealladh isteach sa bhaile.

## TITHÍOCHT

I mbliana rinneadh dáileachán ar 64 teach. Is clár leanúnach atá sa Chlár Téimh Lárnaigh agus cuireadh isteach é i níos mó ná 20 teach le linn na bliana.

## COMHSHAOL

Tháinig méadú 10 bpointe ar iomlán na bpointí a fuair an Uaimh an bhliain roimhe i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. Sa bhliain 2006 rinneadh oibreacha tírdhreacha i bPáirc Tailteann agus i Lána Leighsbrook agus déanfar obair thírdhreacha sa cheantar taobh le Bóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe 2A idir an 'Round O' agus Acomhal 'Windtown' i 2007. Tá sé beartaithe freisin an ceantar ar thaobh na láimhe clé de Dhroichead Poolboy a thírdhreachtú. Thug an Chomhairle Scéim um Fheabhsú Bláthanna do ghnólachtaí agus don lucht cónaithe ar shráideanna an bhaile. Is éard a bhí i gceist leis seo ná deontas i dtreo boscaí do na fuinneoga agus ciseáin ar crochadh a sholáthar agus ceadaíodh 20 iarratas. Tógadh ciseáin nua ar crochadh agus boscaí nua le bacainní ag láithreacha éagsúla laistigh den bhaile. Tógadh gné ealaíonta ag timpeallán Stáisiún na nGardaí. Roinnt tograí eile ba ea Scéim Péinteála don Bhaile agus leanúint leis an bhfeachtas in aghaidh an bhruscair.

Cuireadh an Scéim Péinteála d'Ardán O'Growney i gcrích i 2006 a d'athraigh an t-ardán go mór dá bharr. Cuireadh isteach ráille nua freisin a chuireann go mór le carachtar an cheantair. Bhain líon mór úinéirí úsáid as an Scéim Deontais 'Déan do Bhaile a Phéinteáil' trína n-áitreabh / aghaidh siopa a phéinteail.

Chuir an tOifigeach Forfheidhmithe Comhshaoil go mór le feachtas na Comhairle in aghaidh an bhruscair. Mar thoradh air seo eisíodh 269 fíneáil i 2006. Cuireadh an clár um ghlanadh guma ar Shráid Trimgate agus ar Shráid Watergate i gcrích. Tá dul chun cinn déanta ar Phlean Comhtháite um Bainistiú Bruscair a dhíreoidh ar an mbruscar lofa atá ar ár sráideanna a dhíothú agus an cháilíocht beatha agus an timpeallacht maireachtála a fheabhsú dár gcuid saoránach uile. Déanfar feabhsúcháin mhóra freisin maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar láithreáin tréigthe ar fud an Bhaile.

Le linn na bliana thug an Méara Broccostella cuairt ar an Uaimh. Reáchtáil Méara na hUaimhe fáiltiú cathartha agus shínigh an dá bhaile na doiciméid nasctha oifigiúla. Ceaptar go mbeidh tuilleadh nasc déanta leis an mbaile Broccostella le linn na bliana seo.

Tá an obair le teorainn bhaile na hUaimhe a athrú beagnach críochnaithe. Faoi láthair tá Comhairle Contae na Mí ag teacht chun deiridh lena breithniúchán ar an moladh agus beidh comhaltaí na Comhairle sin ag déanamh breithniúcháin go luath ar dhréacht-ráiteas mar fhreagra ar mholadh Chomhairle Baile na hUaimhe.

Is iad seo a leanas rátaí bailiúcháin na Comhairle

| | |
|---|---|
| RÁTAÍ TRÁCHTÁLA | 85% |
| CÍOSANNA | 83% |
| UISCE | 59% |

## COMHAIRLE BAILE CHEANNAIS

**Ainm** An comhairleoir Peter Caffrey
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Cavan Road, Ceanannas, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 087 2618605
**Ríomhphost** pcaffrey@members.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir Brian Collins
**Polaitíocht** Lucht Oibre
**Seoladh** Cavan Road, Ceanannas, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 087 6829205
**Ríomhphost** bcollins@members.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir Brian Curran
**Polaitíocht** Neamh - Pháirtí
**Seoladh** 4 St Colmcille's Villas, Ceanannas, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 046 9249984
**Ríomhphost** bcurran@members.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir Sean Drew
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** 8 Kenlis Crescent, Ceanannas, Co. na Mí.
**Uimhir Fóin** 087 4121803
**Ríomhphost** sdrew@members.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir A.O. Farrelly
**Polaitíocht** Fianna Fail
**Seoladh** Moy Cottage, Maudlin Street, Ceanannas, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 086 8625142
**Ríomhphost** afarrelly@members.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir Conor Ferguson
**Polaitíocht** Sinn Fein
**Seoladh** Navan Road, Ceanannas, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 087 2211103
**Ríomhphost** cferguson@member.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir Tommy Grimes
**Polaitíocht** Lucht Oibre
**Seoladh** 14 Fr Mc Cullen Park, Ceanannas, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 087 9806688
**Ríomhphost** tgrimes@members.kellstc.ie



**Ainm** An comhairleoir Oliver Sweeney
**Polaitíocht** Fine Gael
**Seoladh** Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí
**Uimhir Fóin** 046 9240518
**Ríomhphost** osweeney@members.kellstc.ie



## STRUCHTÚR & SEIRBHÍSÍ

Is é Comhairle Baile Cheanannais an t-údarás áitiúil do cheantar uirbeach Cheanannais. Tá sí comhdhéanta de naonúr comhairleoirí atá tofa go díreach ar feadh tréimhse 5 bliana.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Cuireann an chomhairle raon leathan seirbhísí ar fáil atá ríthábhachtach d'fhorbairt agus feidhmiú an bhaile. San áireamh sna seirbhísí seo tá

- Tithíochta,
- Rialú pleanála, pleanáil forbartha,
- Seirbhísí Sláintíochta (i gcomhar le Comhairle Contae na Mí), na bóithre uirbeacha agus an comhshaol.

Chomh maith leis sin cuireann an Chomhairle airgead ar fáil do Chomhairle Contae na Mí le tacú le líon seirbhísí ar fud an Chontae, lena n-áirítear an tseirbhís dóiteáin, linnte snámha agus leabharlanna.

Faoi láthair tá buiséad de €2.8million ag an gComhairle, agus caitear méid suntasach de sin go díreach sa bhaile le €7.5 milliún i 2006 ar thionscadail chaipitil.

Is príomhsholáthraí seirbhísí í Comhairle Baile Cheanannais i mBaile Cheanannais atá ag leathnú amach agus chomh maith leis sin cuireann an Chomhairle fóram daonlathach agus ionadaíoch ar fáil do mhuintir Cheanannais.

## IONAD ILFHREASTAIL CHEANANNAIS

Dhear William Caldebeck Halla Baile Cheanannais mar bhanc ar dtús in 1853 agus athraíodh go dtí Halla an Bhaile é i 1974. I 2005, thosaigh obair ar fhobairt leathan ar an bhfoirgneamh lena chinntiú go mbeidh sé mar lárionad riaracháin an Údaráis Áitiúil sa bhaile agus sa toghcheantar amach anseo. Tá an foirgneamh é féin athchóirithe go hiomlán agus leathnaithe amach ó 3,000 troigh chearnach go 9,500 troigh chearnach ag costas €5 milliún. Leis seo tá infheistiú €7.5 m déanta ag an gComhairle Baile agus Contae ón mbliain 2000 i bhfoirgnimh liostaithe.

Tá tús curtha ar an obair le hathchóiriú mór i bPlás Cheanannais (Headfort Place) idir Halla an Bhaile agus reilig Naomh Eoin. Tá an obair seo le bheith críochnaithe go luath i 2007 agus tá sé san áireamh i maoiniú thionscadal Halla an Bhaile.

## FORBAIRT GHEILLEAGRACH I GCEANANNAS

### LÁRIONAD FIONTAR & TEICNEOLAÍOCHTA CHEANANNAIS

Is cúis áthais é do Chomhairle Baile Cheanannais lainseáil Lárionad Fiontar & Teicneolaíochta Cheanannais (LFTC) a fhógairt. Tá an lárionad lonnaithe i Lárionad Gnó Cheanannais agus leis seo cuirtear na háiseanna nua-aimseartha ar fad ar fáil le tacú le leathnú an ghnó atá ann faoi láthair agus le cruthú fiontar nua sa bhaile. Príomhfheidhm na cuideachta sealbhaíochta is ea aonaid chothaithe/spáis oibre don earnáil Déantúsaíochta agus na Seirbhísí Ardteicneolaíochta ar chíos geilleagrach le cúnamh a thabhairt d'fhás na ngnólachtaí beaga agus leis na réamhchostais nua-thionscanta a mhaolú.

Is foirgneamh dhá urlár é an lárionad, le hachar urláir de 2280$m^2$ agus ina bhfuil aonaid le toisí éagsúla ó 20$m^2$ go 750$m^2$. Tá an lárionad inrochtana go hiomlán. Freastalaíonn na gnéithe deartha ar ard-infreastruchtúr TF, ar sheomraí cruinnithe, ar sheomra oiliúna agus ar áis fhíschomhdhála The centre is fully accessible. Cuirfidh an lárionad riaracháin seirbhísí fáiltithe / rúnaíochta, áiseanna cruinnithe agus comhdhála ar fáil chomh maith le meantóireacht ar chomhairle gnó.

Faigheann LFTC tacaíocht ó Chomhairle Baile Cheanannais, Fiontraíocht Éireann agus ó Bhord Fiontar Chontae na Mí. Fuair an tionscadal maoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, ón Aontas Eorpach agus ó Rialtas na hÉireann.

### LÁRIONAD GNÓ CHEANANNAIS

Go déanach i 2004, cheannaigh Comhairle Baile Cheanannais 10 acra breise le leanúint ar aghaidh leis an Lárionad Gnó a leathnú amach.


Tá an fhorbairt ag leanúint ar aghaidh le 19 n-acra san iomlán ar fáil. Tá tionscadail éagsúla ag an gcéim pleanála lena n-áirítear móroibríocht déantúsaíochta amháin.

## Tuairisc Bhliantúil Airgeadais Chomhairle Contae na Mí 2006

| CAITEACHAS | IONCAM (€M) | CAIPITIL (€M) |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 7.450 | 30.713 |
| Bóithre Iompar & Sábháilteacht | 32.084 | 96.457 |
| Uisce & Séarachas | 18.051 | 35.552 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 7.315 | 6.824 |
| Cosaint Chomhshaoil | 11.590 | 2.158 |
| Conláistí & Áineas | 5.044 | 7.929 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 5.675 | 0.233 |
| Ilghnéitheach | 5.421 | 3.903 |
| **Iomlán** | **92.630** | **183.769** |
| IONCAM (FÉACH FOINSÍ MAOINITHE THÍOS) | 50.869 | 207.923 |
| Glan-aistrithe | | 1.259 |
| Glan-chostas Ioncaim le maoiniú ón Chontae | (41.761) | |
| Rátaí | 16.521 | |
| Ciste an Rialtais Áitiúil | 26.089 | |
| Muirir Chathracha | 1.281 | |
| Aistriú ó (go) Cúlchistí | (1.725) | |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | 0.405 | 25.413 |
| Iarmhéid Tosaigh (01/01/06) | (10.764) | 27.479 |
| Iarmhéid Deiridh | (10.359) | 52.892 |

| FOINSÍ | IONCAM (€M) | CAIPITIL (€M) |
|---|---|---|
| Deontais & Fordheontais Stáit | 26.523 | 139.590 |
| Iasachtaí | | 9.788 |
| Fáltais Eile | 2.959 | 58.545 |
| Cíosanna ó Thithe | 4.746 | |
| Iasachtaí Tithíochta | 1.109 | |
| Uisce agus Séarachas Tráchtála | 2.179 | |
| Táillí Pleanála | 3.062 | |
| Gníomhaíochtaí Conláistí & Áineasa | 0.354 | |
| Muirir Dóiteáin | 0.951 | |
| Ranníocaíochtaí Pinsean | 1.385 | |
| Ilghnéitheach | 7.601 | |
| **IOMLÁN** | **50.869** | **207.923** |

| LIÚNTAIS NA MBALL AGUS COSTAIS DO CHOMHDHÁLACHA | (€) |
|---|---|
| Liúntas an Chathaoirligh agus na gCathaoirleach SPC | 29,511 |
| Aiscí na gComhairleoirí (Soláthar atá déanta do Cheangaltais sa todhchaí) | 641,629 |
| Costais/Tuarastail na mBall | 731,431 |
| Tinreamh ar Chomhdhálacha Thar Lear | 26,585 |


Iarratais 2006 de réir Inscine
Líon na n-iarratas
200
000
800
600
400
200
0
Fireann
Baineann
Inscine